Tús Eolais ar Litearthacht ar na Meáin Dhigiteacha

webwise.ie

# Connected

## An tSraith Shóisearach



# An Clár Ábhar


**Brollach** 1

**Buíochas** 3

**Cuid a hAon: Faisnéis don Mhúinteoir** 4

Céard é Litearthacht ar na Meáin Dhigiteacha? 5

Maidir leis an Acmhainn 7

An Chaoi leis an Acmhainn seo a Úsáid 10

Treoirlínte Dea-chleachtais 12

**Cuid a Dó: An Acmhainn Ceangailte** 14

Ceacht tosaigh ar an gClár Ceangailte 15

Modúl 1: M'Fholláine ar Líne 22

Modúl 2: Nuacht, Faisnéis agus Fadhbanna a bhaineann le Faisnéis Bhréagach 39

Modúl 3: Olltiomsú Sonraí agus an Geilleagar Sonraí 56

Modúl 4: Mo Chearta ar Líne 66

Modúl 5: Ag Foilsiú ar Líne – Measúnú Tionscadal-bhunaithe 89

**Aguisíní** 95

**Eolas Fúinn** 104


Tá an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí freagrach go hiomlán as inneachar an fhoilseacháin seo agus ní gá go léirítear tuairim an Aontais Eorpaigh ann.

# Brollach

Tá an litearthacht dhigiteach agus litearthacht sna meáin níos riachtanaí dúinn go léir inár saol le blianta beaga anuas, agus gach seans go n-éireoidh siad i bhfad níos tábhachtaí arís de réir mar a thiocfaidh athrú agus forbairt ar an tsochaí agus ar an teicneolaíocht – ar bhealaí nach féidir linn fiú a shamhlú seans i láthair na huaire. Chun an leas is fearr a bhaint as an réabhlóid atá á fheiceáil againn i gcúrsaí cumarsáide, tá sé riachtanach forbairt na scileanna litearthachta sna meáin dhigiteacha a chomhtháthú inár n-aistear foghlama ar scoil, díreach mar a rinneamar leis an léitheoireacht agus leis an scríbhneoireacht, agus dóchas againn go mbeidh an fhiosracht, an meastóireacht chriticiúil agus rogha eolasach mar chomrádaithe againn ar feadh an tsaoil ar fad.

An bealach is fearr lena chinntiú go bhféadfar ár mbunphrionsabail agus luachanna a chaomhnú agus a fheabhsú sa todhchaí – an chruthaitheacht a chothú, príobháideachas pearsanta, saoirse cainte, meas, cosaint daoine leochaileacha – ná tuiscint ghrinn a fháil ar na prionsabail a bhaineann le litearthacht ar na meáin dhigiteacha.

Mar gheall ar chomh tapa is a athraíonn rudaí, agus an chumhacht a thairgeann an t-idirlíon agus an teicneolaíocht dhigiteach do gach uile dhuine againn, tá freagrachtaí pearsanta orainn go léir maidir leis an méid a roinnimid, an méid a dtugaimid cúnamh maoinithe nó formhuiniú dó lenár gcliceanna, an chaoi a n-aimsímid agus a measaimid inneachar, an méid a roghnaímid a chreidiúint, an méid a chruthaímid agus an chaoi a mbainistímid ár sonraí. Dá mhéad eolas agus scileanna is féidir a fhorbairt ag an aois a fhorbraítear agus a thástáiltear prionsabail phearsanta agus braistint freagrachta, is amhail is fearr a bheimid in ann an smaointeoireacht chriticiúil agus an teacht aniar sin ionainn a fhorbairt, rudaí atá riachtanach chun an leas is fearr a bhaint as an méid a thairgeann an teicneolaíocht dhigiteach dúinn anois agus sa todhchaí.

Molaim go hard an obair atá á déanamh ag Webwise agus SFGM chun an Tús Eolais seo ar Litearthacht ar na Meáin Dhigiteacha a chruthú mar chuid de Ghearrchúrsa na Sraithe Sóisearaí agus ba mhaith liom buíochas a ghlacadh le Webwise as an deis seo rannchuidiú leis an acmhainn 'Ceangailte' agus le mo chomhghleacaithe as a bhfreagairtí samhlaíocha ar an dúshlán a tugadh dóibh.

**Martina Chapman**
Comhordaitheoir Náisiúnta do Thuiscint ar na Meáin, Éire agus Comhalta de Choiste Saineolaithe Chomhairle na hEorpa ar Iriseoireacht den Scoth (MSI-JOQ)





# Réamhrá ó SFGM

Tá an teicneolaíocht agus na meáin dhigiteacha ag dul faoi athrú tobann agus iad ag soláthar deiseanna nua an t-am ar fad do dhaoine óga a bheith rannpháirteach, ceangailte, ag cruthú agus ag foghlaim. Teastaíonn scileanna digiteacha chun a bheith rannpháirteach i gcuid mhaith gnéithe de shaol na linne seo agus ní raibh sé chomh tábhachtach riamh do dhaoine óga scileanna digiteacha a fhorbairt agus tuiscint a bheith acu ag an am céanna ar an gcaoi a n-oibríonn na teicneolaíochtaí agus na meáin dhigiteacha seo.

De bharr chomh tapa is a athraíonn an teicneolaíocht agus na meáin dhigiteacha cruthaítear dúshláin do dhaoine óga agus d'oideachasóirí a thugann treoir sa réimse seo. Cé go mbíonn sé de nós uaireanta glacadh leis go bhfuil gach duine óg cumasach agus inniúil ar chúrsaí digiteacha agus go bhfuil na scileanna riachtanacha, an t-eolas agus an tuiscint go léir acu chun teicneolaíocht agus meáin dhigiteacha a úsáid, caithfear tacaíocht a thabhairt dóibh chun na rudaí seo a nascleanúint agus a bheith ag gabháil dóibh.

Is í an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM), atá á maoiniú ag an Rannóg Oideachais do Mhúinteoirí sa Roinn Oideachais agus Scileanna, an tseirbhís tacaíochta is mó in Éirinn a thugann deiseanna foghlama gairmiúla do mhúinteoirí agus do scoileanna thar raon ábhar agus inniúlachtaí, na teicneolaíochtaí digiteacha ina measc. Tá sé mar aidhm ag SFGM tacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí chun cur ar chumas daoine óga a bheith níos sábháilte, níos éifeachtaí agus a bheith ina n-úsáideoirí níos freagraí ar an teicneolaíocht dhigiteach agus ar an idirlíon trí shraith tacaíochtaí agus acmhainní gairmiúla a thairiscint dóibh.

Tá an acmhainn seo, "Ceangailte", mar chuid dár gcatalóg níos leithne d'acmhainní eile atá againn a bhfuil sé mar aidhm acu cuidiú le múinteoirí chun an litearthacht dhigiteach a chur i bhfeidhm go héifeachtach ina gcleachtas sa seomra ranga. Táthar ag súil freisin go mbeidh a gcuid scoláirí ag gabháil go sábháilte agus go dearfach leis na meáin dhigiteacha agus leis an teicneolaíocht dá bharr sin agus go bhforbróidh siad ag an am céanna tuiscint níos mó ar an ról a bheidh acu sin ina ngnáthshaol agus sa tsochaí i gcoitinne.

Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil le mo chomhghleacaithe sna foirne go léir sa SFGM agus lenár gcomhpháirtithe sa chóras as a gcuid oibre ag forbairt an chláir seo.



**Ciara O'Donnell**
An Stiúrthóir Náisiúnta
An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí


# Buíochas

Ba mhaith le SFGM agus le Webwise buíochas ó chroí a ghlacadh le gach duine a bhí páirteach i bhforbairt na hacmhainne seo; comhaltaí Fhoireann Teicneolaíochtaí Digiteacha SFGM agus Fhoireann Sláinte agus Folláine SFGM, Foireann Taighde agus Deartha SFGM, Martina Chapman, an tOllamh Brian O'Neill, Oifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí, an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta, Sonia Livingstone agus Scoil Eacnamaíochta Londan, Cigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna, oifig Choimisinéir Ríomhshábháilteachta na hAstráile, Childnet UK, MediaSmarts Canada agus Eversheds Sutherland.



# Cuid a hAon:

## Faisnéis don Mhúinteoir



# Céard is Litearthacht ar na Meáin Dhigiteacha?

Tá na teicneolaíochtaí digiteacha agus na meáin dhigiteacha leabaithe go daingean sa ghnáthshaol agus leanann siad ag cruthú deiseanna, buntáistí agus dúshláin nua. D'fhás an scoláire aníos i saol digiteach tráth nach rabhamar chomh ceangailte riamh is atáimid anois agus de réir mar a éiríonn an teicneolaíocht dhigiteach níos casta, teastaíonn na scileanna ón scoláire chun fios agus tuiscint a bheith aige ar an gcaoi le teacht ar mheáin dhigiteacha agus iad a anailísiú agus a tháirgeadh.

> *"I ré dhigiteach tráth a ngineann an oiread gníomhartha den saol sonraí – bídís á dtabhairt ag gníomhairí digiteacha, le feiceáil ó loirg dhigiteacha, nó le tuiscint ó dhreamanna eile, i bhfoirm dhaonna nó algartamach – tá an gaol idir príobháideachas agus sonraí ar líne ag éirí an-chasta go deo. As sin cruthaítear dúshlán suntasach do leanaí (agus go deimhin dá dtuismitheoirí agus dá múinteoirí) maidir le litearthacht sna meáin de réir mar a dhéanann siad iarracht an timpeallacht dhigiteach a thuiscint agus a bheith ag gabháil go géarchúiseach di."*
> Sonia Livingstone[1]

Cé nach bhfuil aon sainmhíniú comhaontaithe ar an téarma 'litearthacht sna meáin dhigiteacha', is minic a ndéantar tagairt dó mar an t-íosleibhéal eolais nó scileanna a theastaíonn chun an teicneolaíocht nó an t-idirlíon a úsáid. Féachtar sa chlár seo ar litearthacht sna meáin dhigiteacha mar leagan eile den litearthacht sna meáin.[2]

> *"Soláthraíonn Litearthacht sna Meáin ... creat chun teachtaireachtaí a rochtain, a anailísiú, a mheas, a chruthú agus a bheith ag gabháil dóibh i bhfoirmeacha éagsúla – idir theachtaireachtaí clóite agus físe agus an tIdirlíon. Forbraíonn litearthacht sna meáin tuiscint bhreise ar ról na meán sa tsochaí mar aon leis na scileanna riachtanacha a bhaineann le fiosrú agus féinléiriú atá riachtanach do shaoránaigh daonlathais."*
> An Lárionad do Litearthacht sna Meáin[3]

Is minic nuair a dhéantar taighde ar thionchar na meán digiteach ar dhaoine óga gurb iad na rudaí diúltacha a luaitear. Leanann na meáin dhigiteacha agus teicneolaíochtaí ag soláthar iliomad deiseanna do dhaoine óga agus tá sé ríthábhachtach do thuismitheoirí agus d'oideachasóirí go bhfaighfí cothromaíocht idir cumhachtú agus cosaint.

> *"...Tá forbairt litearthachtaí digiteacha agus meán ar cheann de na straitéisí idirghabhála is inmharthana chun iarmhairtí diúltacha na meán a íoslaghdú agus a thionchar dearfach ar chreideamh, meonta agus ar iompar a uasmhéadú. Go bunúsach, bíonn tionchar dearfach ag idirghabhálacha a chuireann ar chumas daoine óga a saol digiteach a iniúchadh, agus maolaíonn siad na héifeachtaí díobhálacha a d'fhéadfadh a bheith ag rannpháirtíocht i spásanna digiteacha. Tá na litearthachtaí sin ríthábhachtach chun cabhrú le daoine óga a bheith ina dtomhaltóirí agus ina gcruthaitheoirí géarchúiseacha i ndomhan digiteach..."*
> Eisenstock, Kristine E. Pytash (2017)[4]

Tugann an clár seo tús eolais ar thopaicí lárnacha a bhaineann leis na meáin dhigiteacha agus spreagann sé an scoláire chun iniúchadh a dhéanamh ar gach modúl ag úsáid na meán digiteach. Cuirtear saoránacht dhigiteach fhreagrach chun cinn sa chlár trí réimsí atá ag teacht chun cinn laistigh den teicneolaíocht dhigiteach a chur i láthair an scoláire agus éascaíonn sé forbairt príomhscileanna litearthachta sna meáin dhigiteacha.

Ionas go mbeidh sé liteartha nó inniúil ar na meáin dhigiteacha, caithfidh an scoláire a bheith in ann nascleanúint a dhéanamh, measúnú a dhéanamh agus caithfidh na ceisteanna criticiúla a bheidh le fiafraí aige a bheith ar eolas aige ionas go mbeidh sé in ann a bheith rannpháirteach sa saol sibhialta mar thomhaltóir agus cruthaitheoir meán atá inniúil agus eiticiúil.

> *"Nuair a bhíonn an scoláire inniúil nó liteartha sna meáin dhigiteacha bíonn sé ag foghlaim le spriocanna soiléire agus diongbháilte a chruthú, bíonn sé ar a chumas a bheith freagrach agus bíonn aidhm aige agus as sin tagann feabhas ar a cháilíocht saoil, ar a rannpháirtíocht shibhialta, ar a naisc shóisialta agus ar an sásamh a bhaineann sé as an saol."*
> (OECD 2018).[5]

Ach a bheith liteartha sna meáin dhigiteacha bíonn an t-eolas, na scileanna, na meonta agus na luachanna ag an scoláire a theastóidh uaidh le bheith faoi bhláth agus lena shaol a mhúnlú.

# Maidir leis an acmhainn seo

Ceapadh Ceangailte go sonrach do mhúinteoirí Ghearrchúrsa na Sraithe Sóisearaí 'Litearthacht ar na Meáin Dhigiteacha' ar mian leo iniúchadh a dhéanamh orthu seo a leanas;

- Folláine ar Líne
- Nuacht, faisnéis agus na fadhbanna a bhaineann le faisnéis bhréagach
- Olltiomsú sonraí agus an geilleagar sonraí
- Cearta daoine óga ar líne

Tabharfaidh an clár seo tuiscint don scoláire ar ról na dteicneolaíochtaí digiteacha, ar a chearta sa saol digiteach agus cuideoidh sé leis an scoláire príomhscileanna litearthachta sna meáin dhigiteacha a fhorbairt ionas go mbeidh sé in ann nascleanúint fhreagrach a dhéanamh ar an timpeallacht ar líne. Tá sé mar aidhm ag Ceangailte daoine óga a chumhachtú le bheith ina n-úsáideoirí éifeachtacha féinriartha agus sábháilte ar theicneolaíocht agus meáin ar líne.

Bunaithe ar dhearcadh tógachaíoch oideolaíoch, spreagann na modheolaíochtaí gníomhacha a úsáidtear plé, machnamh agus foghlaim fhéinstiúrtha. Ceapadh an acmhainn Ceangailte chun úsáid chruthaitheach, chriticiúil agus fhreagrach na dteicneolaíochtaí digiteacha a chur chun cinn, an t-idirlíon san áireamh. Tá an clár mapáilte le Gearrchúrsa de chuid na Sraithe Sóisearaí – Litearthacht ar na Meáin Dhigiteacha – agus tá naisc aige le Curaclam OSPS na Sraithe Sóisearaí agus le OSSP (Modúil 1 agus 4). Díríonn curaclam na Sraithe Sóisearaí ar ocht bpríomhscil[6], agus tairgeann an clár Ceangailte deiseanna chun tacú leis na hocht bpríomhscil sin. Oireann an acmhainn freisin do Chláir na hIdirbhliana.

## Measúnú

Tacaíonn an Gearrchúrsa 'Litearthacht ar na Meáin Dhigiteacha' de chuid na Sraithe Sóisearaí le raon leathan cuir chuige maidir le measúnú. Tá roinnt torthaí foghlama ann atá níos oiriúnaí do mheasúnú aonuaire, agus cuid eile atá níos oiriúnaí don mheasúnú ar bhonn leanúnach de réir mar a bhíonn an scoláire páirteach i ngníomhaíochtaí foghlama difriúla ar nós plé, míniú, taighde, cur i láthair, pleanála agus gníomhú[7]. Soláthraíonn Modúil 5 den chlár oideachais seo raon roghanna i gcomhair measúnú bunaithe ar na topaicí a ndearnadh iniúchadh orthu sna modúil roimhe seo.



## Measúnú Tionscadal-bhunaithe

Léirítear i ngach ceann de na tascanna an obair a rinneadh le torthaí foghlama i ngach ceann de na ceithre shnáithe. Oibreoidh an scoláire i ngrúpa ina mbeidh triúr agus roghnófar ceann de na ceithre thasc le cur i gcrích. Tá gach ceann de na tascanna bunaithe ar thopaicí agus ar théamaí a pléadh sna ceithre mhodúl roimhe sin. Tugann siad méid áirithe saoirse don scoláire tabhairt faoi thopaicí atá spéisiúil/ábhartha dá shaol laistigh de gach ceann de na réimsí. Samhlaítear go dtabharfaidh an scoláire fianaise ar a fhoghlaim ar bhealaí éagsúla, lena n-áirítear meáin dhigiteacha, taifeadtaí fuaime, láithreoireachtaí agus píosaí scríofa.

Tacaíonn go leor de na gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama san acmhainn seo le tascanna measúnaithe fhoirmithigh agus shuimithigh, agus tá deiseanna ann i gcomhair machnaimh, féinmheasúnú agus piarmheasúnú, mar aon le deiseanna don mhúinteoir aiseolas aonair a thabhairt don fhoghlaimeoir/scoláire.

**Tá achoimre ar fhaisnéis agus ar na tascanna molta i Modúl 5.**

1 Livingstone, S., Stoilova, M., & Nandagiri, R. (2019). *Children's data and privacy online: growing up in a digital age: an evidence review*. Ar fáil ag: www.lse.ac.uk/media-and-communications/assets/documents/research/projects/childrens-privacy-online/Evidence-review-final.pdf

2 Livingstone, S. (2018). *Media literacy–everyone's favourite solution to the problems of regulation*. LSE Media Policy Project Blog. Ar fáil ag: www.blogs.lse.ac.uk/mediapolicyproject/2018/05/08/media-literacy-everyones-favourite-solution-to-the-problems-of-regulation/

3 Is eagraíocht oideachais é an Lárionad do Litearthacht sna Meáin a thugann ceannaireacht, oideachas poiblí, forbairt ghairmiúil agus acmhainní oideachais fianaise-bhunaithe go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta. Oibríonn an Lárionad chun cabhrú le saoránaigh, go mór mór daoine óga, chun smaointeoireacht chriticiúil agus scileanna táirgthe meán a fhorbairt, scileanna a theastaíonn chun maireachtáil go hiomlán i gcultúr meán an 21ú haois. Tá tuilleadh faisnéise ar fáil ag www.medialit.org/media-literacy-definition-and-more

4 Turner, K. H., Jolls, T., Hagerman, M. S., O'Byrne, W., Hicks, T., Eisenstock, B., & Pytash, K. E. (2017). *Developing digital and media literacies in children and adolescents.* Pediatrics, 140(Forlíonadh 2), S122-S126.

5 Howells, K. (2018). *The future of education and skills: education 2030: the future we want*. (OECD) Ar fáil ag: www.oecd.org/education/2030/E2030%20Position%20Paper%20(05.04.2018).pdf

6 CNCM, Príomhscileanna na Sraithe Sóisearaí ar fáil ag: https://www.jct.ie/perch/resources/leadership_ga/key-skills-posteririshjune2015.pdf

7 Gearrchúrsa i Litearthacht ar na Meáin Dhigiteacha, Sonraíocht don tSraith Shóisearach, CNCM, Ar fáil ag: https://www.curriculumonline.ie/getmedia/fc3065b3-f218-400b-a9b2-fc19710b7fb6/NCCA-JC-Short-Course-DML-Gaeilge.pdf

# Céard a Phléitear san Acmhainn seo?

Gluaiseann an acmhainn Ceangailte trí cúig mhodúl atá fite fuaite ina chéile, ag tabhairt deiseanna don scoláire machnamh a dhéanamh ar a chleachtas digiteach agus sóisialta féin, ar an idirghníomhaíocht a bhíonn aige le daoine eile agus lena bpobal agus a scoileanna. Tugann an clár seo creat eitice chun tacú le daoine óga aire a thabhairt dóibh féin, dá gcomhscoláirí agus dá bpobail i gcoitinne.

### 1. M'Fholláine ar Líne

Tá sé d'aidhm leis an modúl seo féachaint ar na heispéiris dhearfacha agus na heispéiris dhiúltacha a d'fhéadfadh a bheith ag duine óg ar líne, agus déanfar machnamh ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag na heispéiris agus bealaí a cheapadh chun teacht aniar a fhorbairt i nduine óg. Pléifear freisin sa mhodúl seo cumarsáid mheasúil agus díreofar go háirithe ar chleachtais ina ndéantar tuairimí a thabhairt agus a roinnt agus breithneofar freagairtí iomchuí ar ábhar míchuí, maslach nó leochaileach atáthar a roinnt ar líne.

### 2. Nuacht, Faisnéis agus na Fadhbanna a bhaineann le Faisnéis Bhréagach

Déantar imscrúdú sa mhodúl seo ar úsáid fhreagrach agus eiticiúil na meán agus déantar iniúchadh ar na cineálacha difriúla faisnéise bréagaí. Tá sé d'aidhm aige na scileanna smaointeoireachta criticiúla is gá a fhorbairt chun cur ar chumas an scoláire idirdhealú a dhéanamh idir faisnéis chruinn iontaofa agus faisnéis bhréagach. Déanfaidh an scoláire iniúchadh ar an gcaoi le faisnéis a mheas ar líne agus claonadh agus fabhar agus dochar a aithint ar líne.

### 3. Olltiomsú Sonraí agus an Geilleagar Sonraí

Sa mhodúl seo cuirtear an topaic a bhaineann le holltiomsú sonraí i láthair an scoláire agus tugtar deis iniúchadh a dhéanamh ar an gcaoi a n-oibríonn an geilleagar sonraí. Tá sé d'aidhm leis an modúl iniúchadh a dhéanamh ar an gcaoi agus ar an gcúis a n-úsáideann cuideachtaí ar líne faisnéis phearsanta, na buntáistí a chruthaítear leis agus tabharfar léirmheas ar úsáid eiticiúil na faisnéise sin ar mhaithe le brabús a dhéanamh.

### 4. Mo Chearta Ar Líne

Tá sé d'aidhm leis an modúl seo feasacht agus eolas ar chearta an duine óig ar líne a mhéadú, e.g. an ceart go ligfí i ndearmad iad, príobháideachas, an ceart chun faisnéise, etc. Déantar iniúchadh ann ar an gcreat dlíthiúil a thugann cosaint do chearta daoine óga ar líne agus breithnítear na freagrachtaí agus na rioscaí a chuirtear i láthair nuair a úsáideann daoine óga na meáin shóisialta.

### 5. Ag Foilsiú Ar Líne – Measúnú Tionscadal-bhunaithe

Déanfaidh na scoláirí iniúchadh ar na dúshláin agus na réitigh a chuireann na meáin dhigiteacha i láthair inár bpobal agus déanfaidh siad measúnú ar an tionchar a bhíonn ag na meáin dhigiteacha ar an duine aonair agus ar an tsochaí. Is measúnú tionscadal-bhunaithe i ngrúpa a bheidh anseo chun iniúchadh a dhéanamh ar na téamaí agus na topaicí a pléadh sna modúil roimhe seo agus tacóidh sé leis an ngné measúnaithe den ghearrchúrsa.







# An Chaoi leis an Acmhainn seo a Úsáid

Is tús eolais atá sa chlár Ceangailte ar shraith téamaí agus topaicí i litearthacht sna meáin dhigiteacha. Déanfaidh an scoláire iniúchadh i rith an chláir ar theicneolaíochtaí digiteacha nua agus atá ag teacht chun cinn agus tá deiseanna chun teicneolaíocht dhigiteach a úsáid leabaithe i ngach modúl agus measúnú. Ach an clár a chur i gcrích beidh tuiscint níos fearr ag an scoláire ar theicneolaíochtaí digiteacha agus beidh sé in ann príomhscileanna ó thaobh meáin agus teicneolaíocht dhigiteach a úsáid agus a léiriú ar bhealach freagrach agus eiticiúil.

Áirítear le gach modúl laistigh den chlár Ceangailte treoracha don mhúinteoir agus torthaí foghlama. **Moltar don mhúinteoir ullmhúchán a dhéanamh roimh gach modúl ach ní gá go mbeadh eolas grinn ag an oideachasóir ar theicneolaíochtaí digiteacha atá ag teacht chun cinn.** Is féidir cur le modúil freisin le físeáin nó ábhar breise; tugtar na moltaí sin laistigh de gach modúl. Tá acmhainní breise agus faisnéis ar na meáin dhigiteacha in Aguisín 2. Spreagann agus soláthraíonn an clár Ceangailte deiseanna i gcomhair rannpháirtíochta leis na meáin dhigiteacha agus le teicneolaíocht dhigiteach ar fud na hacmhainne, agus moltar roinnt acmhainní agus uirlisí áirithe laistigh de gach modúl.

### Oiliúint agus Tacaíocht do Mhúinteoirí

D'fhorbair an Roinn Oideachais agus Scileanna an Creat Foghlama Digití agus é ar cheann de na príomhthacaíochtaí atá beartaithe faoin Straitéis Dhigiteach do Scoileanna 2015-2020. Agus an Creat Foghlama Digití á chur i bhfeidhm, tá struchtúr á thabhairt do scoileanna agus múinteoirí ina mbeidh siad in ann a fháil amach cá bhfuil siad ar an turas i dtreo teicneolaíochtaí digiteacha a chur i bhfeidhm sa teagasc, foghlaim agus measúnú agus iad a chur ar a gcumas le dul chun cinn a dhéanamh ar an turas sin.

Forbraíodh suíomh gréasáin chun Pleanáil don Chreat Foghlama Digití chun cabhrú le scoileanna an Creat Foghlama Digití a chur i bhfeidhm go héifeachtach agus chun teicneolaíochtaí digiteacha a leabú i dteagasc, i bhfoghlaim agus i measúnú. Is é is aidhm leis soiléireacht a chur ar fáil do cheannairí scoile agus do sholáthraithe oideachais ar an gcaoi le fís choiteann a chruthú maidir leis an caoi is fearr as féidir leis an teicneolaíocht freastal ar riachtanais an uile fhoghlaimeora. Tugtar le chéile ar an suíomh gréasáin pleanála na tacaíochtaí agus na hacmhainní éagsúla a forbraíodh chun bonn a chur faoi Chreat Foghlama Digití na Roinne Oideachais agus iarrachtaí chun:

- Cuidiú le scoileanna agus le múinteoirí aonair pleanáil faoin gcaoi le scileanna nua a fhorbairt chun cumas na dteicneolaíochtaí digiteacha a thabhairt chun fíre.
- Soláthar a dhéanamh le haghaidh meastóireacht inmheánach agus sheachtrach ar an gcaoi a bhfuil teicneolaíochtaí digiteacha á leabú thar gach gné de shaol na scoile.
- Tacú leis an bpleanáil i réimsí amhail litearthacht, uimhearthacht agus STEM a mbíonn fócas tras-churaclaim de dhíth orthu. Chomh maith le tacaíocht a thabhairt do bheartais eile e.g. an tSraith Shóisearach, an Ardteistiméireacht Fheidhmeach (ATF), Sláinte agus Folláine, Curaclam Teangacha na Bunscoile, etc.

Tá tuilleadh eolais ar www.dlplanning.ie/ga/post-primary/

# An Chaoi leis an Acmhainn seo a Úsáid (ar lean)

## Tacaíochtaí Breise

I measc na n-acmhainní agus na dtacaíochtaí breise atá ar fáil tá cúrsaí ar líne, tacaíocht laistigh den scoil agus seimineáir agus ceardlanna duine ar dhuine.

Cuirtear cúrsaí ar líne SFGM – Teicneolaíocht san Oideachas maidir le teicneolaíochtaí digiteacha a úsáid i dteagasc, i bhfoghlaim agus i measúnú ar fáil trí TeacherCPD.ie. I measc na gcúrsaí sin tá cúrsaí ar líne le linn an téarma do mhúinteoirí bunscoile agus iar-bhunscoile araon chomh maith le cúrsaí samhraidh do mhúinteoirí bunscoile (Faofa mar Lá Saoire Pearsanta Breise, saor in aisce). Téigh chuig TeacherCPD.ie áit a bhfaighidh tú an fhaisnéis riachtanach go léir faoi theacht ar an oiliúint sin, sceidil na gcúrsaí, tuairiscí agus faisnéis/naisc maidir le rollú ina measc.
www.TeacherCPD.ie

## Cúrsaí duine le duine

Cuireann SFGM – Teicneolaíocht san Oideachas cúrsaí ar fáil i rith an téarma agus deiseanna forbartha gairmiúla leanúnaí eile chun tacú le comhtháthú na dteicneolaíochtaí digiteacha i dteagasc, i bhfoghlaim agus i measúnú agus chun cabhrú le Pleanáil don Fhoghlaim Dhigiteach i do scoil.

Cuirtear na cúrsaí duine le duine ar fáil trí ghréasán na n-ionad oideachais. Téigh i dteagmháil le d'ionad áitiúil oideachais chun sonraí a fháil faoi chúrsaí duine ar dhuine i rith an téarma agus/nó faoi áirithintí.

## Tacaíocht Scoilbhunaithe

Is féidir le scoileanna iarratas a dhéanamh ar shuíomh gréasáin SFGM (www.pdst.ie) ar thacaíocht (lena n-áirítear tacaíocht leanúnach) ó Chomhairleoir Teicneolaíochtaí Digiteacha SFGM a bheidh in ann cuairt a thabhairt ar a scoil chun oibriú leis na múinteoirí ar an láthair.





# Treoirlínte Dea-chleachtais

1 Tugann an pacáiste seo raon deiseanna don scoláire chun an teicneolaíocht dhigiteach a úsáid agus oibriú leis. Moltar duit eolas a chur air agus na scoláirí a chur ar an eolas maidir le Polasaí Úsáide Inghlactha na scoile, an Beartas Frithbhulaíochta, an Ráiteas um Chumhdach Leanaí, Cód Iompair, Beartas maidir le Fóin Chliste agus an Beartas Measúnaithe. Bí eolach ar na tacaí uile atá ar fáil duitse agus do na scoláirí i do scoil. Tá sé tábhachtach a bheith an-eolach ar bheartais ábhartha na scoile.

2 Caithfidh an múinteoir ullmhú do gach modúl toisc go n-éilítear agus go spreagtar úsáid a bhaint as an teicneolaíocht dhigiteach i gcuid mhaith de na gníomhaíochtaí. Moltar go seiceálfaí aon teicneolaíocht sula n-úsáidtear í sa seomra ranga.

3 Iarrtar ar na scoláirí tascanna a chur i gcrích i rith an chláir ag úsáid raon teicneolaíochtaí digiteacha. Moltar go gcoinneodh na scoláirí taifead/punann dhigiteach gníomhaíochtaí ag úsáid Thimpeallacht Fhíorúil Foghlama na scoile nó seirbhísí stórála comhad eile (Google Drive, OneDrive, líonra scoile, etc.). **Sula gcuirtear tús leis an gclár, moltar fillteán ranga a chruthú ina bhféadfaidh gach scoláire a chuid oibre a shábháil/thaifeadadh.**

4 Pléitear ceisteanna íogaire i modúl 1 den chlár agus d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar fholláine na scoláirí i do rang. Ar an gcúis sin, moltar do mhúinteoirí go mbeadh an cúrsa dhá lá ina bhfuil tús eolais ar OSPS curtha i gcrích acu sula gcuireann siad an clár seo os comhair na scoláirí.

5 Seiceáil cén chaoi a bhfuil na scoláirí ó thaobh a mothúchán, roimh Mhodúl 1: M'Fholláine ar Líne agus ina dhiaidh. D'fhéadfaí é sin a dhéanamh trí fhiafraí de na scoláirí conas a mhothaíonn siad faoin ábhar atá le hiniúchadh roimh an gceacht, agus ansin fiafraí díobh ar athraigh a gcuid mothúchán ag deireadh an cheachta. D'fhéadfá cluiche a úsáid freisin a chuideoidh leis na scoláirí teanntás a dhéanamh agus feicfidh tú cén chaoi a bhfuil siad ó thaobh a mothúchán de. Cluiche simplí ar nós ceist a chur ar scoláirí faoin aimsir atá acu féin. Déanann na scoláirí cur síos ansin ar a staid mhothúchánach trí réamhaisnéis aimsire (e.g. "Bhí tús an lae tais agus gruama i mBaile Thomáis ach tá rudaí ag feabhsú anois agus b'fhéidir go scalfadh an ghrian tráthnóna"). Tá sé tábhachtach go mbeadh múinteoirí eolach ar bheartas na scoile um chosaint leanaí agus go leanfaidís na gnásanna go cúramach i gcásanna ina ndéanann scoláirí nochtadh íogair sa rang OSPS.

6 Leag bunrialacha síos maidir le hiompar sa seomra ranga agus le béasaíocht sula ndéanann tú iarracht tús eolais a thabhairt ar aon ábhair íogaire a bpléitear leo sa chlár seo. Féach ar Aguisín 1 le haghaidh bunrialacha samplacha agus leideanna maidir le plé measúil agus stuama.

7 Bíodh aithne mhaith agat ar do scoláirí agus bí eolach ar aon fhadhbanna féideartha a d'fhéadfadh a bheith acu sula dteagascann tú gach modúl.

8 Tabhair eolas do do scoláirí faoi na tacaí atá ar fáil dóibh agus leag béim ar an gcaoi le teacht ar gach taca. Más gá, eagraigh seisiún réamheolais sula reáchtáiltear modúl. Tá liosta cabhrach ag Webwise de thacaíochtaí agus seirbhísí agus tá siad ar fáil anseo:
www.webwise.ie/parents/where-to-find-help

9 Déan teagmháil leis an treoirchomhairleoir nó le teagascóir ranga sula dtugann tú faoi Mhodúl 1 den chlár.

10 Ba cheart dóthain ama a thabhairt le haghaidh mioncheistiú ag deireadh na modúl. Is féidir go dtógfaidh na gníomhaíochtaí molta níos mó ama ná atá léirithe. Tá fáilte romhat gníomhaíochtaí a athrú agus a fhágáil ar lár chun a chinntiú go dtugann tú aghaidh ar shainriachtanais do ranga.
**Tá sampla de ghníomhaíocht iomlánaíoch in Aguisín 3 chun deis a thabhairt do na scoláirí machnamh a dhéanamh iad féin ag deireadh gach modúil.**

11 Cinntigh go dtarraingítear aird na foirne agus na dtuismitheoirí ar chroí-ghnéithe an chláir.

12 Cuir comharthaí tacaíochta in iúl go rialta do scoláirí má thagann aon cheisteanna chinn i rith aon cheacht.

13 **Molann an clár go n-úsáidfí uirlisí digiteacha agus meáin dhigiteach ar feadh an ama. Moltar roinnt uirlisí agus acmhainní áirithe laistigh de gach modúl.**

# Treoirlínte Dea-chleachtais do Scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu

D'fhonn a chinntiú go bhfuil na modúil seo inrochtana do gach scoláire moltar dul i gcomhairle agus oibriú leis an rannán Riachtanais Speisialta Oideachais. D'fhéadfaidís comhairle a thabhairt a bhaineann le scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu i dtéarmaí an idirdhealaithe, rud a chinnteoidh dá réir sin gur féidir leis na scoláirí an t-ábhar a rochtain, a bheith rannpháirteach sna modúil agus leas a bhaint as tuiscint iomlán. Tá sé sin riachtanach toisc gur féidir le scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a bheith leochaileach go háirithe.

1. Ba cheart aird chuí a thabhairt ar phleanáil i gcomhair idirdhealú sula gcuirtear na modúil ar fáil. B'fhéidir go mbeadh gá an fhoclaíocht a mhúineadh roimh ré do scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu lena chinntiú go mbeidh tuiscint iomlán acu ar an ábhar. Tugtar stór focal d'fhocail mholta ar mhaithe le soiléire agus inrochtaineacht do scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus gluais de phríomhthéarmaí freisin (Aguisín 4). Forbraíodh na bileoga oibre san acmhainn seo ar mhaithe le hidirdhealú a dhéanamh.
2. Ba cheart go mbeadh cur amach ag na múinteoirí ar na treoirlínte OSPS do scoláirí faoi mhíchumas foghlama ginearálta éadrom ag www.sphe.ie/downloads/pdst_resources/PP_SPHE.pdf. 'Déantar iniúchadh in OSPS freisin ar fhás, ar athrú, agus ar shaincheisteanna sábháilteachta agus pearsanta. Is rud tábhachtach é sin do scoláirí a bhfuil míchumas éadrom ginearálta foghlama acu, a mbíonn deacracht acu cásanna sóisialta a leanúint rud a fhágann níos leochailí iad do mhí-úsáid agus do dhúshaothrú. Is rud bunúsach é forbairt scileanna cúraim phearsanta nuair atá daoine á gcur féin i láthair daoine eile. Teastaíonn go leor oibre sa réimse ó na scoláirí seo, agus moltar pleanáil chúramach a dhéanamh le haghaidh an rannáin seo, i gcomhthéacs OCG agus an Chláir Bí Sábháilte'. [aistriúchán ar an mbuntéacs Béarla]
3. B'fhéidir go gcaithfí dul i gcomhairle le tuismitheoirí scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu sula dtosaítear na modúil. Má tá Cúntóir Riachtanas Speisialta ag an scoláire, caithfear ról agus freagracht an Chúntóra a shainiú go soiléir.
4. Nuair a bheifear ag leagan síos bunrialacha do scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, is fiú na bunrialacha sin a léiriú ar bhonn amhairc. Seachas liosta rialacha a fhorbairt, b'fhéidir go mb'fhearr a rá le scoláirí pictiúir a tharraingt chun an t-iompar a bhfuiltear ag súil leis uathu a thaispeáint.
5. Tá sé an-tábhachtach go leanfaí na céimeanna go léir faoi chúnamh a fháil, go háirithe má tá drochscileanna sóisialta agus cumarsáide ag an scoláire.
6. D'fhéadfadh treoirlínte CNCM le haghaidh Oideachas Sóisialta, Polaitiúil agus Comhshaoil Iar-bhunscoile a bheith ina gcuidiú freisin le haghaidh Mhodúl 4 do mhúinteoirí a bhfuil scoláirí acu faoi mhíchumas ginearálta foghlama éadrom. Tá na treoirlínte ar fáil ag: www.ncca.ie/media/2504/pp_spee_cspe.pdf
7. Ba cheart acmhainní breise teagaisc a mholtar chun tacú le riachtanais foghlama aonair scoláirí a úsáid de réir na dtreoirlínte a chuirtear ar fáil i gCiorclán na Roinne Oideachais agus Scileanna Uimh. 0014/2017 atá ar fáil ag www.sess.ie/documents-and-publications/circulars.



# Cuid a Dó:

## An Acmhainn Ceangailte



# Ceacht tosaigh ar an gClár Ceangailte

Féadfar an ghníomhaíocht seo a úsáid chun tús eolais a thabhairt ar an acmhainn, cuideoidh sí leis na scoláirí tuiscint a fháil ar an gcaoi a bhfuil an saol digiteach nasctha. Déantar iniúchadh ann ar an tionchar a bhíonn ag ardáin meán sóisialta agus ag teicneolaíochtaí digiteacha eile ar a ndéanann daoine óga ar líne. Nascann na scoláirí smaointe maidir le hacmhainneacht na meán (céard is féidir a dhéanamh leis na meáin, ilfheidhmeacht agus buntáistí na meán) lena gcuid mothúchán. As sin tosaíonn siad ag smaoineamh ar na gnéithe de chultúir dhigiteacha ar mhaith leo taitneamh a bhaint astu agus a úsáid níos minice, nó an chuma ar mhaith leo a bheith orthu a shamhlú.

**Príomhfhoghlaim don Scoláire:**
Tuiscint ar an gcaoi a mbíonn ardáin meán sóisialta agus suíomhanna eile idirlín idirnasctha i gcóras casta, líonraithe, agus impleachtaí na gcóras sin a chur san áireamh, agus an chaoi a mbíonn tionchar acu ar ghníomhartha daoine.

**Torthaí Foghlama:**
Gearrchúrsa i Litearthacht ar na Meáin Dhigiteacha
Snáithe 1: Mo Dhomhan Digiteach

**1.1** Cur síos a dhéanamh ar an gcaoi a n-úsáideann sé teicneolaíochtaí digiteacha, uirlisí cumarsáide agus an t-idirlíon ina shaol

**Acmhainní a theastaíonn:**
- Clár Bán
- Nótaí Post-It
- Bileog Oibre RSO: Gréasáin Dhigiteacha

**Modheolaíochtaí:**
Tobsmaointeoireacht, plé, smaoinígí-téigí i mbeirteanna-roinnigí, láithreoireacht ghrúpa, machnamh/cur i bhfeidhm

**Teicneolaíochtaí digiteacha a leabú:**
Is féidir le scoileanna a bhfuil fáil acu ar fhearais dhigiteacha (e.g. táibléid, ríomhairí glúine, fón) freagraí na scoláirí i ngníomhaíochtaí plé ábhartha a ghabháil ag úsáid uirlisí gréasán- bhunaithe éagsúla (e.g. Mentimeter, Flipgrid, etc). B'fhiú freisin iarraidh ar na scoláirí seat den scáileán a ghlacadh de thascanna ábhartha atá curtha i gcrích acu agus é sin a shábháil ina bpunann dhigiteach féin (fillteán) mar thaifead ar a gcuid oibre ar feadh an chúrsa. Is féidir leis na scoláirí an gréasán digiteach a léiriú ach meabhairmhapa a fhorbairt ag úsáid uirlisí meabhairmhapála saor in aisce atá ar fáil ar líne, ar nós Coggle (www.coggle.it) nó Bubbl.us (www.bubbl.us).

**An ceacht seo a idirdhealú:**
D'fhéadfadh ceachtanna faoi leith a bheith ag teastáil chun an coincheap maidir le gréasán digiteach a mhíniú do scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, ag brath ar na riachtanais atá acu.

Tugtar bileog oibre idirdhealaithe (leagan 'a') chun cuidiú le scoláirí a bhféadfadh deacrachtaí a bheith acu lena gcuimhne nó atá mall ag próiseáil rudaí agus iad ag iarraidh ciall a bhaint as na príomhphointí. D'fhéadfadh deacracht a bheith ag scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu léamh os ard, ná cuir brú ar scoláirí aonair léamh os ard.



# Réamhghníomhaíocht:

## Gréasáin Dhigiteacha

Is leis an gCoimisinéir Ríomhshábháilteachta, gníomhaireacht de chuid Rialtas na hAstráile an ghníomhaíocht seo, agus is é a chuir i dtoll a chéile í.

### Céim 1

Mínigh go gcabhróidh an ghníomhaíocht seo leis an rang tuiscint a fháil ar an gcaoi a bhfuil ardáin meán sóisialta, aipeanna, suíomhanna gréasáin agus meáin dhigiteacha eile fite fuaite ina chéile agus líonraithe trí idirghníomhaíochtaí an duine agus idirghníomhaíochtaí teicneolaíochta araon. Iarr ar na scoláirí na nithe a leanas a shainiú (nó sainmhínithe a chur ar fáil orthu):

- na meáin shóisialta
- ardáin
- aipeanna
- suíomhanna gréasáin
- inneachar

### Céim 2

Iarr ar na scoláirí, astu féin go haonair agus ina dtost, tobsmaointeoireacht a dhéanamh ar na hardáin meán sóisialta, na haipeanna agus na meáin dhigiteacha eile a bhfuil cur amach acu orthu. Ba cheart do na scoláirí gach freagra a scríobh ar phíosa difriúil páipéir nó nóta greamaitheach nó ar mhaithe le húsáid mhalartach dhigiteach ardán aiseolais fíor-ama a úsáid ar nós Mentimeter (www.mentimeter.com) nó Kahoot (www.kahoot.it) chun aiseolas ranga uile a fháil maidir leis. Spreag na scoláirí chun gnéithe as ardáin dhifriúla a áireamh, e.g. tá meáin a imíonn as radharc ar Snapchat, Snapchat Streaks; tá Facebook Messenger, grúpaí príobháideacha Facebook, albaim de ghrianghraif próifíle ar Facebook; tá an fotha nuachta Instagram ar Instagram, agus scéalta, teachtaireachtaí díreacha, etc.

### Céim 3

I ngrúpaí beaga nó mar aon ghrúpa mór amháin, iarr ar na scoláirí smaoineamh ar an gceangal atá idir na hardáin, na haipeanna nó na meáin dhifriúla sin. Mar shampla, is cuid d'ardán Facebook é Facebook Messenger mar sin is furasta an ceangal eatarthu a fheiceáil; is le Google YouTube mar sin roinneann siad sonraí agus is féidir le húsáideoirí logáil isteach ar YouTube lena gcuntas Google; agus d'fhéadfaí seat scáileáin ó Minecraft (ar le Microsoft é) a roinnt ar Subreddit cluichíochta ar shuíomh gréasáin Reddit nó a phostáil le haischlib cluichíochta ar Twitter.

### Céim 4

Cuir grúpaí i ngrúpaí de thriúr agus abair leo gréasán digiteach (mapa coincheapa) a dhéanamh chun léiriú a thabhairt ar an gcaoi a bhfuil ardáin meán sóisialta, aipeanna, suíomhanna gréasáin agus meáin dhigiteacha eile fite fuaite ina chéile agus líonraithe trí idirghníomhaíochtaí an duine agus idirghníomhaíochtaí teicneolaíochta araon. Is iomaí uirlis meabhairmhapála saor in aisce atá ar fáil ar líne ar nós Coogle (www.coggle.it) nó Bubbl.us (www.bubbl.us) nó Milanote (www.milanote.com). Spreag na scoláirí a bheith cruthaitheach agus íomhánna a úsáid ina ngréasáin dhigiteacha. Bíonn siad áisiúil chun cur síos nó tagairt a dhéanamh d'íomhá de ghréasán bia nó éiceachóras slabhra bia chun cuidiú le scoláirí smaoineamh ar an ngaol atá idir ardáin agus an chaoi a bhfuil cosúlachtaí idir a gcuid gnéithe.

### Céim 5

Iarr ar na grúpaí a ngréasáin dhigiteacha a chur i láthair nuair a bheidh siad críochnaithe. Seo roinnt leideanna don phlé:

- Cén ceangal atá idir na hardáin/suíomhanna difriúla seo?
- Cé na hardáin/suíomhanna atá ceangailte de bharr ár ngníomhaíochtaí féin (e.g. nuair a roinnimid naisc nó ábhar idir ardáin) agus cé na hardáin/suíomhanna atá ceangailte de bharr dhearadh na cuideachta teicneolaíochta (e.g. an bhfuil fógraíocht ar Instagram mar an gcéanna le Facebook)?
- Cén chaoi a mbíonn tionchar ag rud a tharlaíonn ar ardán amháin ar ardáin/shuíomhanna eile?
- Cén chaoi ar féidir linn na ceangail atá léirithe againn a athrú?
- Cén chaoi a bhféadfadh an gréasán seo athrú mura dtabharfaimis isteach ach ardáin/suíomhanna a úsáidimid ar fhóin chliste amháin? Nó iad sin a úsáidtear leis an teilifís agus le consóil cluichíochta amháin?
- Cén fáth a dtaitneodh na naisc idir ardáin, aipeanna agus suíomhanna le daoine? Cén fáth nach dtaitneodh?
- Cé na hardáin nach bhfuil chomh ceangailte le cinn eile? Cén fáth a mbeadh sé sin amhlaidh?
- Cén chaoi a ngluaiseann rud a chuirimid ar líne idir ardáin?



### Céim 6

Cuir an ceacht i gcrích ag tarraingt aird na scoláirí ar an gcaoi a bhfuil na meáin dhigiteacha ceangailte ag gníomhartha an duine chomh maith le bheith ceangailte ag dearaí teicneolaíochta agus go bhféadfadh sé nach bhfuil aon smacht díreach ag na scoláirí orthu nó nach bhfuil siad in ann iad a bhainistiú – cosúil le halgartaim ardáin, aistriú de bharr fógraíochta, nó an méid a bhíonn le feiceáil i bhfotha nuachta. Meabhraigh do na scoláirí a gcuid oibre a shábháil ina bpunanna digiteacha mar thaifead ar a gcuid oibre. Tóg grianghraf den ghréasán digiteach chun tagairt dó arís i ngníomhaíochtaí ina dhiaidh sin.


### Nóta don Mhúinteoir

Is furasta a thuiscint cén fáth a bhféadfadh mearbhall a bheith ar scoláire faoi na difríochtaí idir aipeanna, ardáin, suíomhanna gréasáin agus mar sin de. Tagann athrú de réir a chéile ar na sainmhínithe agus bíonn siad ag brath ar an duine féin. Mar shampla, d'fhéadfadh múinteoir téarmaí difriúla a úsáid chun cur síos a dhéanamh ar na meáin shóisialta, i gcomparáid le hinnealtóir ríomhairí.

### Gníomhaíocht Roghnach:

Dúirt an taighdeoir Tarleton Gillespie gurb iad na hardáin 'caomhnóirí an idirlín'. Pléann sé na freagrachtaí atá ar ardáin, agus na freagrachtaí a ndéanann siad neamhaird díobh mar 'mhaoir an chultúir phoiblí'. Chun an t-alt sin a léamh, téigh chuig www.wired.com/story/how-social-networks-set-the-limits-of-whatwe-can-say-online. Is féidir é a úsáid chun an ghníomhaíocht seo a chomhdhlúthú agus foghlaim na scoláirí a leathnú, ach d'fhéadfadh roinnt tacaíochta a bheith de dhíth toisc go bhfuil roinnt téarmaí ann nach mbeadh ar eolas ag na scoláirí.

**Sampla de líníocht den ghréasán digiteach**



# Bileog Oibre A:

## Gréasáin Dhigiteacha: Imscrúdú ar an gcaoi a bhfuil suíomhanna meán sóisialta ceangailte le chéile.

**1. Meaitseáil na téarmaí seo a leanas leis na sainmhínithe cearta thíos:**

| Téarmaí |
|---|
| A. Na meáin shóisialta |
| B. Ardáin |
| C. Aipeanna |
| D. Suíomhanna gréasáin |
| E. Inneachar |


| Sainmhínithe |
|---|
| 1. Tagraíonn seo do bhogearraí a úsáidtear ar fhóin chliste, ar tháibléid agus ar ghairis shoghluaiste eile. Is iondúil go mbíonn siad ar fáil trí ardáin seachadta feidhmchláir ar nós Apple App Store agus Google Play. |
| 2. Bailiúchán de leathanaigh an ghréasáin dhomhanda ina bhfuil naisc lena chéile. Is féidir le duine aonair, rialtas, gnó nó eagraíocht iad a chruthú chun aidhmeanna éagsúla a chomhlíonadh. |
| 3. Tagraíonn d'aon ábhar ar an idirlíon, lena n-áirítear téacs, íomhánna, beochana, fuaimeanna agus físeáin. Is cuid d'eispéireas an úsáideora é ar líne. |
| 4. Sa chás seo tagraítear do bhonn ar a bhforbraítear seirbhísí agus teicneolaíochtaí meán sóisialta lena n-áirítear gnéithe ar nós fothaí nuachta, cairde/lucht leanta, cumas teachtaireacht a chur, físeáin/pictiúir a uaslódáil chuig teachtaireacht. |
| 5. Tagraíonn do shuíomhanna gréasáin/feidhmchláir dhifriúla a thugann deis d'úsáideoirí inneachar a chruthú agus a roinnt agus teagmháil a dhéanamh lena chéile ar líne. |

**Mar shampla E = 3**

| Téarmaí | Sainmhíniú |
|---|---|
| | |
| | |
| | |
| | |
| E | 3 |








**2. a) Déan liosta de na hardáin meán sóisialta, aipeanna, suíomhanna gréasáin agus meáin dhigiteach eile ar fad atá ar eolas agat. Bain úsáid as an tábla thíos le fáil amach cén chaoi a bhfuil siad ceangailte le chéile mar gheall ar an gcaoi a n-úsáidimid iad agus an gaol atá acu lena chéile.**

| Ainm an Ardáin Meán Sóisialta | Gnéithe/Inneachar | An bhfuil sé ceangailte le haon ardáin eile? Cén chaoi? | Ceangailte de bharr ár ngníomhaíochtaí |
|---|---|---|---|
| YouTube | Suíomh gréasáin/aip roinnte físeán; Is féidir le húsáideoirí físeáin a uaslódáil agus féachaint orthu | Is le Google é | Is minic a roinntear físeáin YouTube ar shuíomhanna eile meán sóisialta |
| Facebook | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |

**2. b)** Tarraing gréasán digiteach leis an gcaoi a bhfuil na haipeanna, na hardáin agus suíomhanna gréasáin a bhí ar an liosta agat ar an mbileog oibre roimhe seo ceangailte le chéile a léiriú.








# Modúl 1:
## M'Fholláine ar Líne

### Croí-choincheap:

Is é is aidhm don mhodúl seo féachaint ar na deiseanna agus ar na dúshláin a d'fhéadfadh a bheith os comhair daoine óga ar líne. Déanfaidh na scoláirí iniúchadh ar bhealaí chun an fholláine ar líne a bhainistiú agus teacht aniar nó neart sa saol digiteach a fhorbairt. Pléifidh na scoláirí cumarsáid mheasúil ar líne freisin agus breithneofar freagairtí iomchuí ar ábhar míchuí, maslach nó leochaileach atáthar a roinnt ar líne.

### Príomhfhoghlaim don Scoláire:

Beidh ar chumas an scoláire iniúchadh a dhéanamh ar na buntáistí agus ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag teicneolaíochtaí digiteacha ar fholláine an duine óig. Déanfaidh sé machnamh ar a nósanna digiteacha agus foghlaimeoidh sé le ról na meán digiteach, agus na meán sóisialta go háirithe, a bhainistiú ina shaol trí rólimirt ina ndéileáiltear le caidrimh agus le folláine ar líne.

### Torthaí Foghlama:

Gearrchúrsa i Litearthacht ar na Meáin Dhigiteacha:
Snáithe 1: Mo dhomhan digiteach.

**1.5** A ábhar imní maidir le sábháilteacht phearsanta nuair atá teicneolaíochtaí digiteacha, uirlisí cumarsáide agus an t-idirlíon á úsáid a phlé

Snáithe 4: Mé féin a fhoilsiú

**4.1** Breac-chuntas a thabhairt ar na deiseanna agus na rioscaí atá ann mar gheall ar dhaoine óga a bheith ag úsáid líonraí sóisialta

### Naisc thraschuraclaim:

**OSPS Bliain 1 Scileanna Cumarsáide:**

- go dtuigfidís gur gá a bheith airdeallach ar thuairimí daoine eile
- go n-aithneoidís agus go dtuigfidís cineálacha éagsúla cumarsáide
- go mbeidís feasach ar a oiriúnaí is atá cineálacha éagsúla cumarsáide

**OSPS Bliain 3 Sábháilteacht Phearsanta:**

- go mbeadh tuiscint níos fearr acu ar iompraíochtaí a chuireann lena sábháilteacht
- eolas a bheith acu ar ghníomhaireachtaí cabhrach agus ar an tslí chun dul i dteagmháil leo

### Acmhainní a theastaíonn:

- **Ceithre chomhartha:** aontaím go láidir | aontaím | easaontaím | easaontaím go láidir
- Bileoga Oibre: 1.1, 1.2A, 1.3, 1.3A, 1.4, 1.5, 1.6, 1.7
- Físeán Ceangailte Webwise (ar fáil anseo: www.webwise.ie/connected)
- Láithreoireacht maidir le Teacht Aniar Digiteach ar fáil ag: www.webwise.ie/connected
- Tá bileog oibre i gcomhair machnaimh ar fáil in Aguisín 3 (L.95)

### Modheolaíochtaí:

Plé, rólimirt, machnamh/feidhmchlár, díospóireacht siúil, anailís físeáin, obair ghrúpa

### Teicneolaíochtaí digiteacha a leabú:

Is féidir le scoileanna a bhfuil fáil acu ar fhearais dhigiteacha (e.g. táibléid, ríomhairí glúine, fón) freagraí na scoláirí i ngníomhaíochtaí plé ábhartha a ghabháil ag úsáid uirlisí gréasán-bhunaithe éagsúla (e.g. Timpeallacht Fhíorúil Foghlama na scoile, Mentimeter, Flipgrid, etc). B'fhiú freisin iarraidh ar na scoláirí seat den scáileán a ghlacadh de thascanna ábhartha atá curtha i gcrích acu agus é sin a shábháil ina bpunann dhigiteach féin (fillteán) ar Thimpeallacht Fhíorúil Foghlama na scoile mar thaifead ar a gcuid oibre ar feadh an chúrsa. Is féidir uirlisí meabhairmhapála a úsáid chun freagairtí a ghabháil agus a eagrú. Is féidir uirlisí deartha cruthaitheacha agus grafaice a chuimsiú chun grafaicí faisnéise agus freagairtí amhairc a chruthú ar ghníomhaíochtaí.

### An modúl seo a idirdhealú:

Tugtar bileoga oibre idirdhealaithe (leaganacha 'a') chun cuidiú le scoláirí a bhféadfadh deacrachtaí a bheith acu lena gcuimhne nó atá mall ag próiseáil rudaí agus iad ag iarraidh ciall a bhaint as na príomhphointí. D'fhéadfadh deacracht a bheith ag scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu léamh os ard, ná cuir brú ar scoláirí aonair léamh os ard. D'fhéadfaí uirlisí téacs go teanga a úsáid le haghaidh gníomhaíochtaí agus bileoga oibre.

D'fhéadfadh sé nach bhfuil aon bhreithiúnas sóisialta ag roinnt déagóirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus d'fhéadfadh deacracht a bheith acu an difríocht idir rud atá ceart agus rud atá mícheart a thuiscint nó an coincheap a bhaineann le brú digiteach agus na hiompraíochtaí is siocair leis. Tá sé sin tábhachtach go háirithe toisc nach mór do na scoláirí seo an fheasacht agus na scileanna a fhorbairt chun a bhfolláine a bhainistiú ar líne. Tugann an tSeirbhís Tacaíochta d'Oideachas Speisialta oiliúint in Social Stories:
www.sess.ie/social-stories-28.

D'fhéadfadh Treoirlínte OSPS CNCM do scoláirí faoi mhíchumas foghlama éadrom a bheith áisiúil freisin do mhúinteoirí le haghaidh Mhodúl 1:
www.ncca.ie/en/resources/pp_spee_cspe.

### Nóta don mhúinteoir:

**Moltar na treoirlínte dea-chleachtais a léamh sula dtugtar faoin modúl.** Sula dtugtar faoi aon cheann de na gníomhaíochtaí atá san acmhainn seo, tá sé tábhachtach go leagfá síos bunrialacha soiléire (Aguisín 1) leis an rang agus go gcreideann na scoláirí gur timpeallacht oscailte chineálta é an rang Litearthachta ar na Meáin Dhigiteacha. Tóg d'am ag tabhairt cuntais ar na tacaíochtaí atá ar fáil do scoláirí (laistigh agus lasmuigh den scoil), i gcás ina bhfuil aon cheann de na ceisteanna a pléadh sa rang ag cur isteach orthu agus go gcaithfidh siad labhairt le duine éigin.

### Ceachtanna breise:

D'fhéadfaí gníomhaíocht a haon a leathnú isteach i gceachtanna breise ag úsáid an Phaca Uirlisí Frithbhulaíochta ##Up2Us ó Webwise. Ar fáil ag www.webwise.ie/up2us-2.





# Gníomhaíocht 1

## Ceangailte

### Céim 1

Tosaigh amach le hachoimre ar an réamhghníomhaíocht – an chaoi a bhfuil ardáin meán sóisialta ceangailte ar líne agus iarr ar na scoláirí smaoineamh ar na buntáistí a bhaineann le bheith chomh ceangailte anois trínár bhfearais dhigiteacha (e.g. fóin chliste, ríomhairí glúine, táibléid, consóil cluichí, etc.) agus meáin dhigiteacha (e.g. na meáin shóisialta, cluichí ar líne, aipeanna teachtaireachtaí, etc.). Scríobh 'Na buntáistí a bhaineann le bheith ceangailte' ar an gclár bán agus úsáid an straitéis 'smaoinígí, téigí i mbeirteanna, roinnigí' chun aiseolas a fháil ó na scoláirí.

Ansin, scríobh an rann **Greadadh cloch a ghoillfidh orm, ach greadadh béil ní miste liom! nó Sticks and stones may break my bones but words will never hurt me** ar an gclár bán. Fiafraigh de na scoláirí ar chuala siad é seo riamh agus cén bhrí atá leis, dar leo. Scríobh na freagraí ar an gclár bán. I measc na bhfreagraí déarfaidh siad gur cheart do dhuine neamhaird a dhéanamh de mhaslaí ónár gcomhaoisigh, b'fhéidir go bhféadfá mé a ghortú go fisiciúil ach ní le maslaí. Sin é an freagra a bheimis ag iarraidh a fheiceáil ach an mbíonn sé sin amhlaidh i gcónaí? An ngortaíonn briathra nó focail muid uaireanta? Ar cheart dúinn b'fhéidir féachaint air seo mar iarracht a bheith níos mothálaí faoin gcaoi a gcaithimis le daoine eile? Ar cheart dúinn é a thuiscint mar rud a chiallaíonn Caitheamh le daoine eile le meas.

Seinn an físeán Ceangailte (www.webwise.ie/connected) do na scoláirí.



### Céim 2

Scaip an machnamh aon nóiméad amháin ar pháipéar agus abair leis na scoláirí a bhfreagra a scríobh ar an bpáipéar machnaimh tar éis dóibh an físeán a fheiceáil (B'fhéidir go gcaithfeadh roinnt scoláirí féachaint ar an bhfíseán arís). Ansin iarr ar na scoláirí a insint cén bhrí a bhaineann siad as an nath cainte tar éis dóibh féachaint ar an bhfíseán Ceangailte. Nuair a bheidh aiseolas ag teacht ó na scoláirí tarraing ó rudaí lárnacha a dúradh san fhíseán Ceangailte chun dlús a chur faoin bplé ar chaitheamh go measúil le daoine eile:

> *"Deir daoine rudaí gan smaoineamh orthu féin, ní thuigeann siad an dóigh a dtéann sé i bhfeidhm ar dhaoine."*

> *"Deir daoine rudaí in amanna agus bíonn fonn ort pléascadh, agus an rud is nimhiúla a scríobh fúthu. Seans go dtagann na rudaí gránna a dhéanann tú ar ais chun thú a chrá."*

> *"Táimid go léir an-cheangailte, ach an rud is tábhachtaí ná an chaoi a n-úsáidimid an ceangal sin."*

Tabhair deis do na scoláirí é seo a phlé ar feadh tamaillín agus ansin abair, mura ndeir aon scoláire é, nach bhfuil an rann Greadadh cloch a ghoillfidh orm, ach greadadh béil ní miste liom ag teacht salach air má thuigimid é mar rud a chiallaíonn gur cheart caitheamh le daoine eile le meas: táimid go léir ag iarraidh go gcaithfí go measúil linn, ach chun meas ar dhaoine a léiriú, uaireanta caithfimid an difear atá idir iadsan agus muidne a thuiscint (cosúil lena aithint go bhféadfadh na rudaí a fheicimid mar 'phíosa spraoi' daoine eile a chur trína chéile agus a ghortú).

### Céim 3

Abair leis na scoláirí meabhairmhapa a chruthú don fhocal "meas", cuir san áireamh an bhrí atá le meas mar a fheiceann siadsan é agus nuair a chaitear go measúil le daoine eile, céard atá i gceist leis, an chuma atá air, an chaoi a mothaíonn sé. Déan cinnte go míneoidh tú go bhfuil tú ag caint ar mheas ó thaobh an chaoi a n-iompraíonn tú thú féin os comhair daoine (nó an chaoi a n-iompraíonn siadsan iad féin os do chomhair), agus ní faoin gcaoi a mothaíonn tú faoi dhuine éigin. D'fhéadfadh an meas atá

agat ar dhaoine fás nó laghdú ag brath ar céard a dhéanann siad, nó ag brath ar céard a fhaigheann tú amach fúthu, ach tá sé de cheart ag gach duine go gcaithfí go measúil leo an t-am ar fad. Is iomaí uirlis meabhairmhapála saor in aisce atá ar fáil ar líne ar nós Coogle (www.coggle.it) nó Bubbl.us (www.bubbl.us).

## Céim 4

Anois tosaigh meabhairmhapa nua agus iarr ar na scoláirí tosú leis na focail "meas ar líne". Iarr ar na scoláirí smaoineamh ar céard a chiallaíonn meas i gcomhthéacs ar líne, cén cineál iompair a nascann siad le caitheamh le heaspa measa dóibh ar líne agus i gcomhthéacsanna éagsúla e.g. na meáin shóisialta, ábhar a d'fhéadfadh duine a chur trína chéile nó a dhéanfadh díobháil do dhuine eile a roinnt, teachtaireachtaí a chuirtear, cluichíocht, meáin daoine eile a uaslódáil (i.e. pictiúir, físeáin, clos-ábhar). Cruinnigh freagraí na scoláirí le chéile ar an gclár bán.

Abair arís is arís leis na scoláirí go bhfuil an scannán Ceangailte bunaithe ar eispéiris a tharla i ndáiríre agus go spreagann sé daoine óga chun machnamh a dhéanamh ar an gcúis a bhfuil tábhacht lena ngníomhartha agus an tionchar is féidir leo a bheith acu ar dhaoine eile. Tugann sé teachtaireacht thábhachtach nach mór a bheith níos airí inár gcumarsáid ó lá go lá de réir mar a mhúnlaímid an t-idirlíon gach lá lenár n-idirghníomhaíochtaí.

## Céim 5

Mínigh do na scoláirí go mbaineann an modúl seo le cumhacht a thabhairt dóibh a bhfolláine ar líne a bhainistiú. Tá ár bhfolláine bunaithe ar na heispéiris mhothúchánacha agus fhisiciúla a bhíonn againn. Toisc gur cuid shuntasach den saol í an teicneolaíocht, tá sé tábhachtach freisin an tionchar atá in ann a bheith aici ar an gcaoi a mhothaímid a aithint. Glaoitear ár 'bhfolláine dhigiteach nó ar líne' air sin, agus baineann sé go bunúsach le bheith airdeallach ar an gcaoi a mothaímid nuair a bhímid ar líne, agus déanamh cinnte go dtugaimid aire dúinn féin agus do dhaoine eile. Mar chuid de sin ní mór dúinn aird a bheith againn ar an tionchar a bhíonn ag an teicneolaíocht ar ár meabhairshláinte, nó ár sláinte fhisiceach, agus fios a bheith againn conas déileáil le rudaí anróiteacha a tharlaíonn dúinn – agus is ar na rudaí sin a dhíreoimid sa mhodúl seo.

### Obair baile

Tarraingítear aird freisin sa scannán Ceangailte ar chiapadh ar líne agus ar an gcaoi le déileáil leis. Caithfidh na scoláirí dul chuig leathanach acmhainne Ceangailte Webwise webwise.ie/connected agus grafaic faisnéise a chruthú ina míneofar na cineálacha ciaptha agus cúig leid faoin gcaoi le déileáil le ciapadh ar líne. Úsáid na huirlisí seo a leanas chun grafaic faisnéise a chruthú:

**Piktochart**
www.piktochart.com/formats/infographics

**Snappa**
www.snappa.com/create/infographics

**Canva**
www.canva.com/create/infographics





# Bileog Oibre 1.1:
## Machnamh aon nóiméad amháin ar pháipéar



Cén tuiscint atá agat ar an nath cainte *Greadadh cloch a ghoillfidh orm, ach greadadh béil ní miste liom* tar éis duit féachaint ar an bhfíseán Ceangailte?

# Bileog oibre 1.2 A:

## Meas: Cosúil le, An chuma atá air, Mothaíonn ar nós




**Líon isteach an chairt thíos le cuidiú leat cur síos mionsonraithe a scríobh den fhocal meas.**

### Meas

Cosúil le...

An chuma atá air...

Mothaíonn ar nós...

**Líon isteach an chairt thíos le cuidiú leat cur síos mionsonraithe a scríobh den fhocal meas ar líne.**

### Meas Ar Líne

Cosúil le...

An chuma atá air...

Mothaíonn ar nós...





# Gníomhaíocht 2

## Céard is Brú Digiteach ann?

© 2019 MediaSmarts, Ottawa, Canada, Dealing with Digital Stress, www.mediasmarts.ca curtha in oiriúint le caoinchead.

### Céim 1

Scríobh an frása 'Brú Digiteach' ar an gclár bán agus fiafraigh de na scoláirí ar chuala siad an frása brú digiteach riamh cheana nó cén bhrí a cheapann siad atá leis. Cuir an straitéis 'smaoinígí, téigí i mbeirteanna, roinnigí' i bhfeidhm sula bhfaighidh tú aiseolas ó na scoláirí. Breac síos freagraí na scoláirí ar an gclár bán. Abair leis na scoláirí **go dtagraíonn brú digiteach don bhrú a bhíonn orainn de bharr a bheith ag úsáid fearais dhigiteacha (e.g. fóin chliste, ríomhairí glúine, táibléid, consóil cluichí) agus meáin dhigiteacha (e.g. na meáin shóisialta, cluichí ar líne, aipeanna cur teachtaireachtaí).**

### Céim 2

Tabhair amach an bhileog oibre Machnamh ar Bhrú Digiteach agus léigh í in éineacht leis an rang. Cuir na scoláirí ar a suaimhneas agus geall dóibh nach bhfeicfidh aon duine (tusa san áireamh) na torthaí – seo gníomhaíocht i gcomhair féinmhachnaimh do na scoláirí.

### Céim 3


Nuair a bheidh a gcuid machnaimh déanta ag na scoláirí ar bhrú, iarr orthu a bhfreagraí féin ar an gceist faoi céard is cúis le brú digiteach a scríobh síos, agus an sainmhíniú ar bhrú digiteach.

### Céim 4

Déan achoimre ach tuairimí a fháil ó na scoláirí ar céard is cúis le brú digiteach e.g. teachtaireachtaí gránna nó ciaptha ar na meáin shóisialta, aithris, na meáin shóisialta a bheith á seiceáil de shíor ar fhaitíos go bhfuil siad fágtha ar lár, nó go bhfágann na meáin shóisialta duine ag mothú go bhfuil níos mó spraoi ag daoine eile ná aige féin nó go bhfuil saol níos fearr ag daoine eile.

→ Déan an pointe arís is arís eile go gcaithfear a bheith ag súil le méid áirithe de bhrú digiteach má úsáideann tú teicneolaíocht agus go gcabhróidh na ceachtanna seo linn straitéisí chun déileáil leis an mbrú sin a shainaithint agus a chur i bhfeidhm.

# Bileog oibre 1.3
## Machnamh ar Bhrú Digiteach



**Ciallaíonn brú digiteach an brú a bhíonn orainn de bharr a bheith ag úsáid fearais dhigiteacha (e.g. fóin chliste, ríomhairí glúine, táibléid, consóil cluichí) agus meáin dhigiteacha (e.g. na meáin shóisialta, cluichí ar líne, aipeanna cur teachtaireachtaí, etc.).**


**Léigh na ráitis agus cuir tic sa bhosca taobh le gach ráiteas atá fíor, i do chás féin. Ná bíodh imní ort – ní gá duit do scór ná do chuid freagraí ar leith a roinnt le haon duine eile.**

1. Bíonn brú orm má bhíonn orm fanacht píosa fada (cuir i gcás i rith am scoile nó am ranga) gan an fón/na meáin shóisialta/teachtaireachtaí a sheiceáil.
2. Ní bheinn in ann buille faoi thuairim a thabhairt faoin méid ama a chaithim ag imirt cluichí ar líne in aon seachtain amháin.
3. Cuireadh moill orm ag bualadh le mo chairde nó le mo theaghlach cheana toisc go raibh mé ag seiceáil na meán sóisialta, ag comhrá ar líne nó ag imirt cluichí.
4. Cuireadh moill orm ag dul ar scoil/chuig rang cheana toisc go raibh mé ag seiceáil na meán sóisialta, ag comhrá ar líne nó ag imirt cluichí.
5. Cheap mé gur chuala mé fógra nó gur mhothaigh mé go raibh fógra (postáil nua, is maith liom, freagra, teachtaireacht, etc.) ar an bhfón nach raibh ann in aon chor.
6. Imrím cluichí nó seiceálaim mo mheáin shóisialta go minic nuair a cheapann mo thuismitheoirí go bhfuilim i mo chodladh.
7. Coinním súil ar an méid grianghraf nó postálacha a mbím clibeáilte iontu.
8. Bhain mé postáil anuas toisc nár thaitin sé le dóthain daoine ('likes').
9. Féachaim ar a bhfuil á rá ag daoine eile faoi imeacht (ceolchoirm, imeacht spóirt, etc.) fad is atá an t-imeacht ar siúl.
10. Níor bhain mé mo dhóthain sult as rudaí mar bhí an iomarca ar m'aire ag trácht orthu (ag glacadh pictiúr, ag uaslódáil físeán, ag postáil fúthu, etc.).
11. Bíonn imní orm faoi bheith ag cailleadh amach ar scéalta grinn mo chairde ar na meáin shóisialta mura seiceálaim iad.
12. Ceapaim uaireanta go bpostálann mo chairde rudaí díreach chun éad a chur orm nó chun mé a fhágáil ar lár.
13. Mothaím nár cheart dom ach rudaí atá dearfach agus a chuireann ar na súile do dhaoine eile go bhfuilim sona sásta a phostáil.
14. Déanaim cinnte go bpostálaim mé rud éigin ar mo líonraí sóisialta nuair a tharlaíonn rud éigin deas dom.
15. D'iarr mé ar chairde grianghraif díom a bhaint anuas mar gur cheap mé nach raibh mé ag breathnú go deas iontu.





# Machnamh




**Anois ó tá tú críochnaithe, glac nóiméad chun machnamh a dhéanamh ar do chuid freagraí, i do thost. Tugtar na ráitis sin chun tuiscint a thabhairt duit ar na cúiseanna a d'fhéadfadh a bheith le brú digiteach. Má mharcáil tú aon cheann de na ráitis sin d'fhéadfadh sé cuidiú leat machnamh a dhéanamh ar do chleachtais dhigiteacha féin faoi láthair agus cén ceann de na freagraí a d'fhéadfaí a shainaithint mar cheann a chuireann brú digiteach ortsa.**

**Freagair na ceisteanna seo a leanas thíos.**

**Uimh.1** **Críochnaigh an abairt: 'Is ionann brú digiteach agus...'**

**Uimh.2** **Cruthaigh meabhairmhapa chun smaoineamh ar na cúiseanna go léir a bhíonn le brú digiteach. Féach ar an sampla thíos.**



# Gníomhaíocht 3

## Cairdeas agus Folláine ar Líne

Is leis an gCoimisinéir Ríomhshábháilteachta, gníomhaireacht de chuid Rialtas na hAstráile an ghníomhaíocht seo, agus is é a chuir i dtoll a chéile í. Cuireadh in oiriúint í le haghaidh chomhthéacs na hÉireann.

### Céim 1

Mínigh go mbeimid ag sainaithint agus ag iniúchadh na norm dofheicthe, nó na noirm a ndéanaimid neamhiontas díobh, agus na rialacha a bhaineann lenár gcultúir dhigiteacha. Abair leis na scoláirí go bhfaighimid amach an bhfuil 'leabhar rialacha' ann le haghaidh na meán sóisialta agus le haghaidh cluichíochta.

### Céim 2

Cuir ceithre chárta i ngach cúinne den seomra ranga (aontaím go láidir, aontaím, easaontaím, easaontaím go láidir), agus mínigh do na scoláirí go bhfuil tú chun liosta ráiteas a léamh os ard agus go gcaithfidh siad bogadh chuig an gcárta is cruinne a léiríonn an tuairim atá acusan.

### Céim 3

Roghnaigh idir trí nó ceithre ráiteas ón liosta a thabharfar amach.

### Céim 4

Táthar ag súil, nuair a bheidh gach ráiteas léite go mbeidh ceithre ghrúpa agat i gcúinní difriúla den seomra ranga. Ceap scoláire amháin i ngach cúinne le nótaí a ghlacadh, agus tabhair idir 5-10 nóiméad do na scoláirí chun plé a dhéanamh leis na scoláirí eile ina gcúinne féin ar na cúiseanna go n-aontaíonn siad go láidir, go n-aontaíonn siad, go n-easaontaíonn siad, nó go n-easaontaíonn siad go láidir.

### Céim 5

Ag deireadh an phlé, iarr ar scoláire amháin as gach grúpa roinnt de na smaointe a phléigh siad ina ngrúpa a roinnt leis an rang. Nuair a bheidh a chás féin déanta ag gach grúpa féadfaidh tú deis a thabhairt do na scoláirí samplaí agus smaointe an duine eile a cheistiú. Sula gcuirtear tús leis an bplé, meabhraigh do na scoláirí faoi na noirm a bhaineann le plé measúil, oscailte a bheith ann faoi smaointe. Ina dhiaidh sin, má mhothaíonn roinnt scoláirí go bhfuil athrú tagtha ar a dtuairim, tabhair deis dóibh dul isteach i gcúinne nua. Déan an rud céanna le haghaidh dhá ráiteas eile.

### Céim 6

Ansin, eagraigh na scoláirí i ngrúpaí beaga ina mbeidh beirt nó triúr agus iarr orthu smaoineamh ar shampla nó dhó óna gcuid ráiteas maidir le noirm agus éascaigh plé ar na ráitis sin.

### Céim 7

Ag deireadh na gníomhaíochta, iarr ar na scoláirí machnamh a dhéanamh ar cheisteanna mar:


- An bhfuil rialacha dofheicthe nó intuigthe faoin gcaoi le thú féin a iompar agus céard is fearr duit a dhéanamh ar na meáin shóisialta? Céard iad féin? Cén chaoi a bhfuil na rialacha sin ar eolas agat?
- An bhfuil ardáin, cluichí nó fearais áirithe ina bhfuil tuilleadh rialacha ag baint leo, dar leat? Níos lú rialacha?
- Cén chaoi a bhfuil a fhios agat go bhfuil norm sóisialta nó riail intuigthe sáraithe agat?
- Céard a tharlaíonn má bhriseann tú norm sóisialta nó má thugann tú dúshlán dó?
- Cén fáth a mbíonn noirm shóisialta laistigh de ghrúpaí cairdis, de theaghlaigh agus/nó de phobail ar an gcéad dul síos?





# Bileog oibre 1.4:

## Ráitis faoi Chairdeas agus Folláine ar Líne



**1** Nuair a bhíonn duine ag siúl amach le duine nó i gcaidreamh, tá sé tábhachtach dhá theachtaireacht, íomhá, thráchtaireacht nó Snapchats sa lá ar a laghad a sheoladh chuig do pháirtí le taispeáint dóibh go bhfuil cion agat orthu.

**2** Ciallaíonn 'Is maith liom' nó leanúint gur maith liom an t-ábhar nó go n-aontaím leis.

**3** Má tá tú ar líne, tá tú freagrach as freagra a thabhairt ar theachtaireachtaí ó chairde chomh luath agus is féidir leat.

**4** Más dlúthchara thú le duine éigin, tá muinín agat as agus ní chuireann tú suim ar bith pasfhocal a roinnt leis ar chuntas do chonsóil cluichíochta, do chuntais meán sóisialta nó do ríomhphoist.

**5** Má phostálann tú rud éigin ar líne caithfidh tú a bheith réidh le teachtaireachtaí diúltacha a fháil má easaontaíonn daoine leat.

**6** Tá sé níos éasca a bheith dílis agus nádúrtha ionat féin ar líne ná ar scoil.

**7** Má phostáiltear an iomarca ar ardán amháin in achar gearr fágann sé sin go bhfuil an duine ag iarraidh aird a tharraingt air féin.

**8** Tá sé ceart go leor pictiúr nó físeán a ghlacadh de dhuine nach bhfuil aithne agat air agus é a phostáil ar na meáin shóisialta gan a gcead.

# Gníomhaíocht 4

## Teacht Aniar Digiteach

Is cuid den phaca ceachtanna ar theacht aniar digiteach í an ghníomhaíocht seo agus is é Childnet a chuir i dtoll a chéile í. Is cuid de Lárionad Idirlíon Níos Sábháilte na Ríochta Aontaithe é Childnet.

### Céim 1

Mar réamheolas do na scoláirí abair leo go mbeidh siad ag féachaint ar an smaoineamh a bhaineann le teacht aniar a bheith i nduine agus an bhrí atá leis. Tosaigh leis an láithreoireacht ar theacht aniar digiteach a thaispeáint do na scoláirí nó fiú tabhair isteach trí chineál liathróide do scoláirí le féachaint orthu agus iad a chuimilt. Mínigh do na scoláirí go ndéanfaidh siad é sin trí chomparáid a dhéanamh idir trí chineál liathróide – cúrliathróid, liathróid leadóige boird agus liathróid rubair. Iarr ar na scoláirí socrú cén liathróid a cheapann siad is mó a bhfuil acmhainn nó teacht aniar inti agus iarr orthu a rogha a mhíniú.

### Céim 2

Cuir na scoláirí i mbeirteanna agus abair leo gach liathróid a phlé agus socraigh cé acu is mó a bhfuil teacht aniar ag baint leo agus scríobh síos na cúiseanna atá acu lena gcuid freagraí. I measc na leideanna a bheidh le breithniú ag na scoláirí, beidh siad seo:

- An bhfuil teacht aniar sa liathróid rubair nó an bhfuil sí solad?
- Céard a tharlaíonn do liathróid leadóige boird má chuirtear claig nó scoilt inti?
- Cén liathróid is fearr a thagann slán?
- Cén liathróid is fearr a thugann léiriú orainn mar dhaoine?

### Céim 3

Faigh aiseolas ó na scoláirí faoin cén liathróid is mó a bhfuil teacht aniar inti dar leo. I measc na bhfreagraí a d'fhéadfaí a thabhairt: is í an liathróid rubair is mó a bhfuil teacht aniar inti toisc go leanann sí ag preabadh, níl go leor teacht aniar sa liathróid leadóige boird mar nach féidir leat í a dheisiú má chuirtear claig nó scoilt inti, agus níl go leor teacht aniar sa chúrliathróid toisc gur féidir píosaí beaga a dhéanamh de. Déan plé leis na scoláirí ar céard is brí le teacht aniar dar leosan.

Cliceáil ar shleamhnán 2 le soiléiriú nach hionann teacht aniar agus díreach an cumas lúbadh agus buillí a ghlacadh uaireanta, ach ciallaíonn sé a bheith ábalta dul in oiriúint do rudaí agus teacht slán arís. Fiafraigh díobh an bhfuil athrú ar a dtuairim maidir leis an liathróid is mó a bhfuil teacht aniar inti dá bharr seo. Scríobhadh na scoláirí nóta den sleamhnán seo.

### Céim 4

Cliceáil ar shleamhnán 3 agus léigh an sainmhíniú ar theacht aniar digiteach; ba cheart do na scoláirí nóta a scríobh den sainmhíniú sin freisin. Mínigh do na scoláirí go bhfuil cineálacha difriúla de bhrú digiteach a bhíonn os ár gcomhair aitheanta acu, agus go mbreathnóidh siad anois ar theacht aniar digiteach mar rud a chabhróidh linn déileáil leis an mbrú go héifeachtach. Nuair a théimid ar líne bíonn sé mar a bheadh liathróid á preabadh, bíonn an-spraoi ag baint leis formhór den am, ach níl aon amhras faoi ach go mbíonn uchtóga ar an mbealach.

### Céim 5

Ar an gcéad sleamhnán eile, sleamhnán 4, fiafraigh de na scoláirí – "Mar sin... cén chaoi a bhforbraítear níos mó teacht aniar sa duine sa saol digiteach?" Mínigh go bhfuil ceithre chur chuige curtha chun tosaigh ag carthanas meabhairshláinte darb ainm Mind le teacht aniar a fhorbairt sa duine (is iad na ceithre chur chuige – Forbair líonra tacaíochta; Tabhair sos duit féin; Déan roinnt athruithe ar do stíl mhaireachtála; agus, tabhair aire do do shláinte fhisiceach) agus go gcabhróidh siad sin leis na scoláirí lena gcuid smaointe. Tabhair isteach an bosca uirlisí ar theacht aniar digiteach agus mínigh go líonfaidh an rang an bosca le smaointe.

### Céim 6

Tabhair amach na bileoga oibre do bheirteanna agus tabhairt cúig nóiméad don ghrúpa agus sprioc 30 smaoineamh in aghaidh gach beirt. Athraigh é sin más mian leat. Na freagraí a d'fhéadfaidís a thabhairt: glaoigh ar chara, éist le ceol, glac sos ó na meáin shóisialta, déan rud éigin is breá leat a dhéanamh... Tar éis cúig nóiméad iarr ar bheirteanna a gcuid smaointe a roinnt go dtí go mbeidh neart smaointe difriúla ag gach beirt.



# Láithreoireacht ar Theacht Aniar Digiteach

### Sleamhnán 1

Céard is brí le teacht aniar?

Cé acu liathróid is mó a bhfuil teacht aniar inti dar leat?

- Liathróid rubair?
- Cúrliathróid?
- Liathróid leadóige boird?

### Sleamhnán 2

Ní hionann teacht aniar a bheith ionat agus a bheith 'chomh crua' is nach dtéann aon rud i gcion orainn. Ní hionann teacht aniar a bheith ionat agus a bheith ag cur suas le rudaí.

Is ionann teacht aniar a bheith ionat agus an cumas teacht slán ó bhuillí sa saol. Tá sé ceart go leor a bheith brónach, olc, sásta, imníoch... is é an chaoi a dtugaimid freagra agus a dtéimid in oiriúint do rudaí an rud is tábhachtaí.

### Sleamhnán 3

Sainmhíniú ar theacht aniar digiteach

Is ionann teacht aniar agus an cumas teacht chugat féin ó amanna anróiteacha ar líne, de réir a chéile.

### Sleamhnán 4

Mar sin... cén chaoi a bhforbróidh tú teacht aniar ionat féin sa saol digiteach?

**Uimh.1** Forbair líonra tacaíocht

**Uimh.2** Tabhair sos duit féin

**Uimh.3** Déan roinnt athruithe ar do stíl mhaireachtála

**Uimh.4** Tabhair aire do do shláinte fhisiceach

Déanfaimid iniúchadh ar an gcaoi a ndéanfaimid é sin anois...

### Sleamhnán 5

Cruthaigh Bosca Uirlisí ar Theacht Aniar Digiteach.

Oibrigh le do chomhscoláirí chun an bosca uirlisí ar theacht aniar digiteach a líonadh leis an oiread smaointe agus is féidir.

**I measc na bhfreagraí a d'fhéadfaí a thabhairt:** Déan ceiliúradh ar d'éachtaí, Glaoigh ar chara, Déan rud éigin a thaitníonn go mór leat

# Bileog oibre 1.5:


## Bosca Uirlisí ar Theacht Aniar Digiteach



### Cruthaigh bosca uirlisí ar theacht aniar digiteach

Mar sin… cén chaoi a bhforbróidh tú teacht aniar ionat féin sa saol digiteach?

Oibrigh le do chomhscoláirí chun an bosca uirlisí ar theacht aniar digiteach a líonadh leis an oiread smaointe agus is féidir.








# Gníomhaíocht 5

## D’Fholláine ar Líne a Bhainistiú

© 2019 MediaSmarts, Ottawa, Canada, Dealing with Digital Stress, www.mediasmarts.ca curtha in oiriúint le caoinchead.

### Céim 1

Téigh siar leis na scoláirí ar an méid a phléigh sibh sa ghníomhaíocht roimhe seo agus abair nach mbaineann roinnt den bhrú digiteach a bhíonn orainn díreach leis na fearais, na hardáin nó na haipeanna a úsáidimid (agus a bhfógraí síoraí). Cruthaítear brú agus imní freisin nuair a bhítear ag iarraidh a bheith ar an eolas agus nasctha le cairde an t-am ar fad. Bíonn deacracht ag roinnt daoine óga cothromaíocht a bhaint amach idir a bheith mar chuid de ghrúpa agus ag seasamh leis an rud atá tábhachtach dóibhsean. Ní mhothaíonn siad slán leis sin, bíonn siad leochaileach nó faoi bhrú, go háirithe mura bhfuil siad cinnte faoi céard a cheapann a gcairde agus daoine eile.

### Céim 2

Abair leis na scoláirí gur leagan den chluiche aithrise “Reoigh” é an cleachtadh seo. Cuirfear i ngrúpaí iad agus tabharfar cásanna dóibh ina mbeidh duine nó beirt acu mar aisteoirí, agus beidh an chuid eile sa ghrúpa ina “seaimpíní leis an teacht aniar atá iontu”, agus iad in ann an gníomh a reo nó a chur siar leis an aidhm straitéisí a mholadh chun cabhrú déileáil leis na ceisteanna atá os comhair na gcarachtar agus tuilleadh teacht aniar a fhorbairt iontu féin sa saol digiteach. Spreag na scoláirí chun gach moladh a thosú le ‘bain triail as..’, i.e. Bain triail as bualadh le do chara go pearsanta le míniú gur ó dheireadh seachtaine difriúil ar fad a tháinig an pictiúr.

Tabhair am do na scoláirí chun cleachtadh a dhéanamh ar a sampla féin agus straitéisí éifeachtacha a cheapadh sula ndéanfaidh siad aithris orthu don rang. Meabhraigh na bunrialacha do na scoláirí (Aguisín 1) a comhaontaíodh ag tús an chláir agus aird ar leith ar riail 12.

### Céim 3

Tar éis na cásanna agus na straitéisí maidir le teacht aniar a bheith aithriste tabhair amach an bhileog ar D’Fholláine ar Líne a Bhainistiú agus téigh tríd in éineacht leis an rang. Nuair is féidir, déan nasc ar ais chuig na cásanna scéil agus an Machnamh ar Bhrú Digiteach.

### Céim 4

Mar obair baile, iarr ar na scoláirí a bpóstaer digiteach féin a chruthú ag úsáid uirlise ar nós Canva (www.canva.com) mar léiriú ar na leideanna a pléadh ar an mbileog oibre, D’Fholláine ar Líne a Bhainistiú.

#### Gníomhaíocht fairsingithe le haghaidh Lá na Sábháilteachta Idirlín

Cuir na scoláirí i ngrúpaí de thriúr agus iarr orthu leideanna a chur i láthair ar d’fholláine ar líne a bhainistiú do rang eile e.g. scoláirí na chéad bliana. Seo sampla iontach de ghníomhaíocht chun úsáid níos fearr agus níos sábháilte a bhaint as an idirlíon le haghaidh Lá na Sábháilteachta Idirlín. Ba bhreá le Webwise é a chloisteáil! Seol é chugainn trí Twitter, Facebook nó Instagram agus d’fhéadfadh do scoile duaiseanna a bhuachan!

Téigh chuig www.webwise.ie/saferinternetday chun tuilleadh smaointe a fháil.

Safer Internet Day

# Bileog oibre 1.6:
## Cairdis i bPonc

**Cás a hAon**
Tá lánúin a bhfuil aithne agat orthu ón scoil scartha óna chéile agus níl siad á thógáil go maith. Is cairde maith leat iad. Léann tú postáil ar na meáin shóisialta ina bhfuiltear ag magadh faoi dhuine acu.

**Cás a Dó**
Cuireann cara a bhfuil aithne agat uirthi ón scoil teachtaireacht phríobháideach chugat agus deir leat go bhfuil siad crosta toisc nach bhfreagraíonn tú teachtaireachtaí ar a gcuid postálacha go minic. Níl siad do d'iarraidh mar chara níos mó.

**Cás a Trí**
Dúirt tú le cara leat nach raibh tú ag aireachtáil go maith agus nach raibh tú ag iarraidh bualadh leo ar an deireadh seachtaine. Dé Sathairn, clibeálann do chol ceathrar thú i ngrianghraf poiblí ar a bpróifíl. Sa ghrianghraf, tá tú ag an siopa, agus an bheirt agaibh ag gáire.

**Cás a Ceathair**
Tá tú amuigh ag siúl le cara agus tagann sibh ar dhrochthimpiste agus tá an pobal, an bhriogáid dóiteáin agus otharcharr ar an láthair. Molann do chara go ngabhfadh sibh trasna na sráide le hamharc níos fearr a fháil agus tosaíonn sí ag tógáil pictiúr agus físeán den timpiste agus á n-uaslódáil ar a meáin shóisialta. Ní maith leat é sin mar gur drochthimpiste atá ann agus ní cheapann tú gur rud deas é sin a dhéanamh toisc go bhféadfadh gur gortaíodh duine éigin go dona sa timpiste nó níos measa ná sin fiú.

**Cás a Cúig**
Fuair tú amach go bhfuil cara leat páirteach i bpobal polaitiúil nach bhfeileann do do chuid luachanna agus creidimh. Bíonn tú míchompordach le roinnt de na rudaí atá á rá acu agus tá tú ag iarraidh iad a thréigean – deireadh a chur le haon teagmháil gan aon rud a rá leo.

**Cás a Sé**
Tá tú féin agus do dhlúthchara ar saoire sa samhradh. Bíonn an-spraoi agatsa, ach nuair a sheiceálann tú fotha do charad is cosúil go bhfuil i bhfad níos mó spóirt acu agus tá siad ag fáil i bhfad níos mó Is maith liom agus teachtaireachtaí ná do chuid postálacha maidir le do thuras, agus tá tú in éad leo, níl aon neart agat air.

**Cás a Seacht**
Tá beirt agaibh ag dul chuig scannán mór ar oíche oscailte an scannáin. Éiríonn duine agaibh cantalach leis an duine eile toisc go mbíonn siad ag cur teachtaireachtaí téacs chuig cairde eile atá ag féachaint ar an scannán agus ag seiceáil haischlib an scannáin ar na meáin shóisialta le feiceáil céard atá daoine eile ag postáil faoi.





# Bileog oibre 1.7:
## D'Fholláine ar Líne a Bhainistiú



Tá trí phríomhbhealach ann chun d'fholláine ar líne a bhainistiú. An chéad cheann ná go bhfuil sé tábhachtach am scíthe agus machnaimh a bheith agat ionas go mbeidh cothromaíocht dheas agat idir gníomhaíochtaí i do shaol ar líne agus as líne. An dara ceann ná do chuid nósanna agus meonta a athrú chun an leas is fearr a bhaint as do chuid ama ar líne. Ar deireadh, trí bheith cúramach faoin gcaoi a mbainistíonn tú do chuid ama: má tá do chuid ama níos eagraithe, ní chuirfidh do shaol ar líne isteach ar rudaí eile atá le déanamh agat.

### Am chun Scíthe agus Machnaimh

- Múch do chuid fógraí. Ní bheidh tú in ann scíth a ligean má bhíonn do fón ag pingiú nó ag glaoch, nó fiú nuair a bhíonn tú ag faire air le bheith ag déanamh na rudaí sin.
- Imir cluiche "carnán fón" le do chairde: nuair a bheidh sibh le chéile, cuirfidh gach duine a bhfón (nó aon fhearas digiteach eile) i gcarnán. Beidh an bua ag an té is faide a ghabhfaidh gan an fón/fearas a phiocadh suas!
- Logáil amach as do chuid líonraí sóisialta ar fad, múch an wi-fi nó múch d'fhón ag am codlata agus gheobhaidh tú scíth níos fearr dá bharr.
- Leag amach amanna saor ón scáileán duit féin. Léiríodh i dtaighde gur fiú go mór fiú deich nóiméad a chaitheamh ag déanamh rudaí cosúil le siúlóid, aclaíocht, nó am a chaitheamh le cara chun faoiseamh a thabhairt ó bhrú.
- Glac sos anois is arís ó na meáin shóisialta agus ó fhearais dhigiteacha. Más dóigh leat go mbeadh sé sin deacair a dhéanamh, tosaigh le lá amháin sa mhí agus déan iarracht oibriú suas go dtí lá amháin sa tseachtain nó níos mó.

### Nósanna agus Meonta a Athrú

- Ná cuir thú féin i gcomparáid le daoine eile a fheiceann tú ar líne – do chairde ina measc. Cuimhnigh go bhfuil gach duine ag iarraidh a bheith ag ligean orthu féin go bhfuil an saol is fearr acu féin!
- Bí sásta lena bhfuil agat, anois díreach. Nuair atá tú ag spraoi, bain sult as. Ná bíodh imní ort faoi phictiúir a ghlacadh de nó ag déanamh imní faoi céard a cheapfaidh daoine eile de.
- Glac leis nach féidir leat gach rud a dhéanamh – fiú ar bhonn fíorúil. Cuirfidh tú brú mór ort féin ag iarraidh súil a choimeád ar gach rud.
- Ná bí ró-mhothálach faoin saol. Gach seans nach bhfuil do chairde ag postáil rudaí chun éad a chur ort: tá siad ag iarraidh go gceapfaí go bhfuil saol maith acu, díreach mar atá tú féin a dhéanamh.

### Bainistíocht Ama

- Níl tú in ann gach rud a dhéanamh. Smaoinigh ar na rudaí is tábhachtaí duit (Scoil? Do mhuintir? Caitheamh aimsire? Obair?) agus déan cinnte go gcuirfidh tú chun tosaigh ar rudaí eile iad.
- Déan liosta de rudaí a chaithfidh tú a dhéanamh agus úsáid pleanálaí chun ord agus eagar a choinneáil orthu.
- Cuir aláram ar siúl nuair a bhíonn tú ag imirt cluichí ar líne le taispeáint duit cé chomh fada is a bhí tú ag imirt agus chun meabhrú duit sos a ghlacadh ón scáileán. Cinnteoidh sé sin nach gcaillfidh tú greim ar an am fad is a bheidh tú ag imirt cluichí.
- Socraigh roimh ré cathain a sheiceálfaidh tú na meáin shóisialta. Déan é ag amanna sonracha (gach leathuair, mar shampla, nó nuair a bheidh tasc sonrach curtha i gcrích agat) seachas uair ar bith a bhíonn fonn ort.

# Modúl 2:

## Nuacht, Faisnéis agus na Fadhbanna a bhaineann le Faisnéis Bhréagach

**Croí-choincheap:**
Déantar imscrúdú sa mhodúl seo ar úsáid fhreagrach agus eiticiúil na meán agus déantar iniúchadh ar na cineálacha difriúla mífhaisnéise. Tá sé d'aidhm aige na scileanna smaointeoireachta criticiúla is gá a fhorbairt chun cur ar chumas an scoláire idirdhealú a dhéanamh idir faisnéis bhréagach agus faisnéis chruinn iontaofa. Déanfaidh an scoláire iniúchadh ar an gcaoi le faisnéis a mheas ar líne agus claonadh agus fabhar agus dochar a aithint ar líne.

### Príomhfhoghlaim don Scoláire:

Beidh an scoláire in ann foinsí iontaofa faisnéise a chinneadh agus claonadh agus dochar a aithint ar líne. Déanfaidh an scoláire anailís ar na fadhbanna agus ar na hiarmhairtí féideartha a bhaineann le faisnéis bhréagach a scaipeadh. Sainaithneoidh an scoláire bealaí chun faisnéis bhréagach a sheachaint i socruithe sóisialta agus acadúla, agus déanfaidh sé measúnú ar na bealaí sin.

### Torthaí Foghlama:

Gearrchúrsa ar Litearthacht ar na Meáin Dhigiteacha:
Snáithe 2: Mo chuid spéiseanna a leanúint ar líne.

**2.1** anailís a dhéanamh ar thréithe théacsanna na meán digiteach, a dhéanann éagsúil iad ó théacsanna na meán analógach

**2.2** a léiriú conas a fhoilsítear téacsanna na meán digiteach ar an idirlíon

**2.4** faisnéis ó fhoinsí éagsúla a chur i gcomparáid lena hiontaofacht, bailíocht, cruinneas, údarás agus tráthúlacht a mheas

### Naisc thraschuraclaim:

**OSPS Bliain 2 Tionchair agus Cinntí:**

— go mbeadh forbairt bhreise déanta acu ar a gcuid scileanna cinnteoireachta agus go dtuigfidís an gá le machnamh a dhéanamh le linn an phróisis chinnteoireachta

**OSPS Bliain 3 Scileanna Cumarsáide:**

— a gcuid scileanna cumarsáide a bheith níos forbartha
— go dtuigfidís go bhféadfadh léirmheastóireacht a bheith cabhrach

### Acmhainní a theastaíonn:

— Bileoga Oibre: 2.1, 2.1A, 2.2, 2.3, 2.4, 2.5
— Ted Talk: Físeáin bhréige d'fhíordhaoine agus an chaoi lena n-aithint www.ted.com/talks/supasorn_suwajanakorn_fake_videos_of_real_people_and_how_to_spot_them#t-24201
— BBC News – Obama Bréagach cruthaithe ag úsáid uirlis AI: www.youtube.com/watch?v=AmUC4m6w1wo
— Webwise: Físeán ar céard is faisnéis bhréagach ann ar fáil ag: www.webwise.ie/connected
— Tá bileog oibre i gcomhair machnaimh ar fáil in Aguisín 3 (L.95)

### Modheolaíochtaí:

Foghlaim bunaithe ar fhiosrú, eochairfhocail agus príomhtheachtaireachtaí a chruthú, plé, obair i ngrúpaí, tobsmaointeoireacht, anailís físe, léamhthuiscint

### An modúl seo a idirdhealú:

Ag brath ar an gcineál riachtanais atá ag an scoláire, b'fhéidir go mbeadh gá ceachtanna tiomnaithe a thabhairt don scoláire roimh an gceacht seo d'fhonn an teanga chasta a bhaineann leis an ábhar a dhíchódú agus a mhíniú. B'fhéidir go mbeadh deacracht ag roinnt scoláirí teanga mar 'faisnéis bhréagach, domhainbhréige agus bolgáin scagaire' a thuiscint agus a úsáid. Tugtar stór focal d'fhocail mholta le haghaidh na gníomhaíochta a bheidh le comhlánú do scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Is é is aidhm leis sin croí-choincheapa an cheachta a nochtadh agus ciallaíonn sé sin dá réir sin go mbeidh an teanga níos intuigthe. Moltar go ndéanfaí meastóireacht ar an stór focal i ndiaidh an teagaisc chun foghlaim an scoláire a atreisiú.

Tugtar bileoga oibre idirdhealaithe (leaganacha 'a') chun cuidiú le scoláirí a bhféadfadh deacrachtaí a bheith acu lena gcuimhne nó atá mall ag próiseáil rudaí agus iad ag iarraidh ciall a bhaint as na príomhphointí. D'fhéadfadh deacracht a bheith ag scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu léamh os ard, ná cuir brú ar scoláirí aonair léamh os ard. D'fhéadfaí uirlisí téacs go teanga a úsáid le haghaidh gníomhaíochtaí agus bileoga oibre.

D'fhéadfadh deacracht a bheith ag roinnt scoláirí faoi mhíchumas foghlama ginearálta an bheochan míniúcháin a thuiscint mar gheall ar an teanga agus/nó a theibí atá sí. Chun cur ar chumas na scoláirí an bheochan a thuiscint, tabhair réamhrá maidir leis an mbeochan, ag míniú an choincheapa agus an ábhar atá á phlé. Tá fotheidil ar fáil ar an bhfíseán freisin.

### Teicneolaíochtaí digiteacha a leabú:

Is féidir le scoileanna a bhfuil fáil acu ar fhearais dhigiteacha (e.g. táibléid, ríomhairí glúine, fón) freagraí na scoláirí maidir le gníomhaíochtaí plé ábhartha a ghabháil ag úsáid uirlisí gréasán-bhunaithe éagsúla (e.g. Timpeallacht Fhíorúil Foghlama na scoile, Mentimeter, Flipgrid, etc). B'fhiú freisin iarraidh ar na scoláirí seat den scáileán a ghlacadh de thascanna ábhartha atá curtha i gcrích acu agus é sin a shábháil ina bpunann dhigiteach féin (fillteán) ar Thimpeallacht Fhíorúil Foghlama na scoile mar thaifead ar a gcuid oibre ar feadh an chúrsa. Is féidir uirlisí meabhairmhapála a úsáid chun freagairtí a ghabháil agus a eagrú. Is féidir uirlisí deartha cruthaitheacha agus grafaice a chuimsiú chun grafaicí faisnéise agus freagairtí amhairc a chruthú ar ghníomhaíochtaí nó scéalta nuachta a chruthú ag úsáid uirlisí foilsitheoireachta gréasáin.

### Nóta don mhúinteoir:

Nuair a bheidh an topaic á cur os a gcomhair, d'fhéadfadh níos mó cleachtaidh a bheith ag na scoláirí ar an téarma 'bréagnuacht'. Más féidir, **moltar an téarma 'bréagnuacht' a sheachaint, nó teorainn a chur lena úsáid ar a laghad ar bith toisc go bhfuil dlúthbhaint ag an téarma 'bréagnuacht' leis an bpolaitíocht, agus is féidir leis an gceangal sin fócas na ceiste a chaolú, rud nach gcabhraíonn le haon rud.** Is fearr an téarma 'faisnéis bhréagach' a úsáid toisc gur féidir leis tagairt do raon éagsúil mífhaisnéise ina gcumhdaítear topaicí mar shláinte, an comhshaol agus an geilleagar thar gach ardán agus seánra, ach tá tuiscint níos caoile ar an téarma 'bréagnuacht' mar scéalta nuachta polaitiúla.

# Gníomhaíocht 1

## Céard is Faisnéis Bhréagach ann?

### Céim 1

Tosaigh trí fhiafraí de na scoláirí cé mhéad acu a chuala tráchta ar na téarmaí "bréagnuacht" nó "faisnéis bhréagach." Iarr orthu tobsmaointeoireacht a dhéanamh ar fhocail a smaoiníonn siad orthu nó a cheanglaíonn siad leis an téarma 'bréagnuacht' nó 'faisnéis bhréagach'. Chun an teicneolaíocht dhigiteach a chuimsiú, úsáid Mentimeter nó Kahoot chun freagraí na scoláirí a fháil.

Ansin iarr leis na scoláirí a gcuid tobsmaointeoireachta a roinnt i mbeirteanna sula mbeidh plé uile-ranga acu agus sula bhfaighidh siad aiseolas ar thobsmaointeoireacht na scoláirí eile. Abair leis na scoláirí nuair a bheidh faisnéis bhréagach á plé acu go bhfuil sibh ag déanamh plé/cur síos i ndáiríre ar fhaisnéis – nuacht, scéalta nó bréaga chun an t-eolas contráilte a thabhairt do léitheoirí nó dallamullóg a chur orthu. Scríobh an sainmhíniú seo ar fhaisnéis bhréagach ar an gclár bán le go mbeidh na scoláirí in ann é a bhreacadh síos:

→ **Faisnéis bhréagach:**
Faisnéis, scéalta nó cleasa a cruthaíodh chun eolas mícheart a thabhairt do léitheoirí/lucht féachana/éisteoirí nó an dallamullóg a chur orthu d'aon ghnó. D'fhéadfadh gur cumadh an scéal féin, gan aon fhíricí is féidir a dheimhniú, d'fhéadfadh na foinsí nó na hathfhriotail nó gnéithe nó fíricí éigin a bheith cruinn ach go gcuirtear i láthair iad ar bhealach bréagach nó míthreorach.

Mínigh do na scoláirí go bhfuil dlúthbhaint ag an téarma 'bréagnuacht' anois leis an bpolaitíocht, agus gur féidir leis an gceangal sin fócas na ceiste a chaolú, rud nach gcabhraíonn le haon rud. Is fearr an téarma 'faisnéis bhréagach' a úsáid toisc gur féidir leis tagairt do raon éagsúil mífhaisnéise ina gcumhdaítear topaicí mar shláinte, an comhshaol agus an geilleagar thar gach ardán agus seánra, ach tá tuiscint níos caoile ar an téarma 'bréagnuacht' mar scéalta nuachta polaitiúla.

### Céim 2

Ansin, abair leis na scoláirí go bhfuil tú chun físeán a thaispeáint dóibh ina ngabhfar trína bhfuil i gceist le bréagnuacht agus faisnéis bhréagach agus an chaoi lena leithéid a aithint ar líne, agus go bhfreagróidh siad ceisteanna bunaithe ar an bhfaisnéis a pléadh. Tabhair amach agus téigh tríd an mbileog oibre Céard is faisnéis bhréagach ann? sula dtaispeánann tú an físeán do na scoláirí, abair leo go mbeidh neart ama acu na ceisteanna a fhreagairt tar éis an fhíseáin agus go gcaithfidh siad aird a dhíriú ar an bhfíseán fad is a bheidh sé ar siúl.

### Céim 3

Seinn físeán Webwise Céard is faisnéis bhréagach ann? do na scoláirí agus ansin abair leo na ceisteanna ar an mbileog oibre a ghabhann leis a fhreagairt. Seinn an físeán arís más gá sula ndéarfaidh tú leis na scoláirí na ceisteanna a fhreagairt.

### Céim 4

Téigh trí fhreagraí na scoláirí, cuir an bhéim arís ar gur féidir le faisnéis bhréagach teacht as go leor foinsí, ach gur féidir léi teacht chugainn freisin ar bhealaí difriúla, lena n-áirítear ó fhoinsí a bhfuil iontaoibh againn astu: is iomaí duine a chonaic faisnéis bhréagach roinnte ar líne ag cairde agus ag a muintir, agus uaireanta teipeann ar fhoinsí nuachta dleathacha fíricí a sheiceáil faoi dhó nó botúin ionraice a dhéanamh.

### Gníomhaíocht Roghnach:

Iarr ar na scoláirí an cluiche iReporter de chuid BBC a imirt mar chuid den cheacht nó mar obair baile i ndiaidh an cheachta. Tabhair faoi deara nach féidir an cluiche a shábháil mar sin caithfidh scoláirí iarracht a dhéanamh é a chríochnú in aon iarraidh amháin má tá siad ag iarraidh imirt go dtí an deireadh. Cuardaigh 'BBC iReporter Game' ar líne chun teacht ar an gcluiche.


**Maidir le iReporter**
Tugann an cluiche iReporter deis na scoláirí seiceálacha bunúsacha a dhéanamh agus na foinsí iontaofa a cheistiú. Gheobhaidh na scoláirí tuiscint ar na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann le foinsí meán sóisialta a úsáid, mar dhaoine aonair agus mar iriseoirí agus eagraíochtaí nuachta.





# Bileog Oibre 2.1:

## Céard is Faisnéis Bhréagach ann?




1. **Mínigh céard is brí leis an téarma 'faisnéis bhréagach'?**

2. **Cé as ar féidir le 'faisnéis bhréagach' teacht?**

3. **Tabhair trí chúis a gceapann tú go roinneann daoine faisnéis bhréagach.**

4. **Liostaigh trí bhealach ar féidir leat a sheiceáil má tá rud éigin a fheiceann tú bréagach.**

5. **Cén tionchar dar leat a bhíonn ag faisnéis bhréagach ar dhaoine?**

# Bileog Oibre 2.1:
## Céard is Faisnéis Bhréagach ann?

**6. Meaitseáil na cineálacha faisnéise bréagaí leis an gcur síos ceart:**

| **Sainmhínithe ar fhaisnéis bhréagach** |
|---|
| 1. Faisnéis a scríobhtar, a tháirgtear nó a chuirtear i láthair ar bhealach a d'fhéadfadh a bheith ceart ó thaobh fíricí de ach a thugann le fios nó a thugann brí ar leith le tuiscint nó tuairim nach bhfuil neamhchlaonta ná cothrom. |
| 2. Uaireanta d'fhéadfadh go bhfoilseodh tuairisceoirí nó iriseoirí scéal gan na fíorais go léir a sheiceáil, rud atá in ann an lucht léite a chur amú. |
| 3. Tagraíonn seo do na ceannlínte a úsáidtear in ailt agus teidil físeán a fheiceann tú ar an idirlíon. Ceaptar na ceannlínte sin chun go gcliceálfaidh tusa, an léitheoir, ar an nasc agus go dtabharfaidh tú cuairt ar an suíomh gréasáin nó go bhféachfaidh tú ar an bhfíseán nó go nglacfaidh tú le síntiús. B'fhéidir nach léireodh an cheannlíne ábhar an ailt in aon chor. |
| 4. Scéalta a chumtar chun an dallamullóg a chur ar an lucht léite d'aon ghnó, chun dearcadh claonta nó cúis nó aidhm pholaitiúil áirithe a chur chun cinn. |
| 5. Foilsíonn go leor suíomhanna gréasáin agus cuntais meán sóisialta scéalta nuachta bréagaí ar mhaithe le siamsaíocht agus scigaithris. Mar shampla; The Onion, Waterford Whispers, The Daily Mash, etc. |

**Cineálacha faisnéise bréagaí**

| A. Clicmhealladh | B. Bolscaireacht | C. Aoir | D. Iriseoireacht mhíshlachtmhar | E. Nuacht chlaonta |
|---|---|---|---|---|

**Meaitseáil na huimhreacha leis na litreacha thíos:**

A= B= C= D= E=





# Bileog oibre 2.1 A:
## Liosta stór focal –Faisnéis Bhréagach



**Tá príomhchoincheapa iontu seo a leanas le haghaidh Mhodúl 2: Nuacht, Faisnéis agus na Fadhbanna a bhíonn le Faisnéis Bhréagach. Líonadh isteach an chéad bhosca chun samplaí a thabhairt d'fhocail a bhaineann le gach ceann ionas go dtuigfear a mbrí.**

**Céim 1**
Úsáid an banc focal atá tugtha chun gach ró a líonadh isteach le dhá fhocal eile is dóigh leat a bhféadfadh baint a bheith acu freisin le gach príomhchoincheap.

**Céim 2**
Úsáid uirlisí ar líne chun taighde a dhéanamh ar na coincheapa, agus tabhair eochairfhocal amháin eile a d'aimsigh tú féin.

**Focail a bhaineann le:**

| **Claonadh:** | Eochairfhocal 1 | Eochairfhocal 2 | Eochairfhocal Breise |
|---|---|---|---|
| Fabhar | | | |
| **Bolscaireacht** | Eochairfhocal 1 | Eochairfhocal 2 | Eochairfhocal Breise |
| Múnlú Inchinne | | | |
| **Aoir** | Eochairfhocal 1 | Eochairfhocal 2 | Eochairfhocal Breise |
| Íoróin | | | |
| **Bréagach** | Eochairfhocal 1 | Eochairfhocal 2 | Eochairfhocal Breise |
| Bréagach | | | |
| **Tionchar** | Eochairfhocal 1 | Eochairfhocal 2 | Eochairfhocal Breise |
| Brú | | | |

**Banc Focal**

| | | |
|---|---|---|
| Svae | Casadh ar scéal | Sainrogha |
| Cur chun cinn | Cur i gcéill | Míthreorach |
| Mímhacánta | Searbhas | |
| Caolaigeanta | Tarraingt | |

# Gníomhaíocht 2

## An Scéal a Sheiceáil

### Céim 1

Mínigh do na scoláirí toisc go bhfaighimid ár gcuid eolais ó lear mór foinsí sa lá atá inniu ann, gurb é an rud is tábhachtaí go minic ná tuilleadh comhthéacs a fháil faoi scéal. Abair leis na scoláirí go mbeidh siad ag féachaint ar an gcaoi le hidirdhealú a dhéanamh idir scéalta ina bhfuil faisnéis bhréagach. Sula dtosaítear an ghníomhaíocht scaip agus léigh an bhileog oibre 'Iontaofa in aghaidh Bréagach – an chaoi le faisnéis bhréagach ar líne a aithint' leis na scoláirí (Bileog oibre 2.2). Úsáidfidh na scoláirí an bhileog oibre chun cabhrú leo scéalta iontaofa agus scéalta bréagacha a aimsiú. Féadfaidh tú na scoláirí a spreagadh freisin chun na 6 C a úsáid (cé, céard, cathain, cén áit, cén fáth, conas) chun faisnéis bhréagach a aithint ar líne.

### Céim 2

Abair leis na scoláirí taighde a dhéanamh ina n-aonar ar dtús agus dhá alt nó phíosa faisnéise iontaofa a aimsiú (e.g. pictiúr, tvuít nó postáil) agus alt amháin bréagach. Féadfaidh an scoláire alt atá go hiomlán bréagach a aimsiú, ceann a chumadh ó thús, nó scéal iontaofa a chur in oiriúint/athrú chun é a dhéanamh bréagach. Mol dóibh súil a choimeád ar an bhfoinse bhunaidh i gcás go n-aimsíonn siad nó go n-athraíonn siad scéal foilsithe. Déan cinnte freisin go bhfuil an dá alt thart ar mar an gcéanna ó thaobh faid de, agus seachain ailt atá áiféiseach amach is amach, ar nós 'Éalaíonn eilifint as zú agus téann ar a teitheadh go Sráid Grafton' nó a bheith ró-chaolchúiseach agus gan ach an dáta nó ainm cathrach a athrú.

→ Tabhair faoi deara, d'fhéadfadh scafláil a bheith de dhíth ar scoláirí ag brath ar chumas an scoláire – tabhair liosta de scéalta nuachta le déanaí ar léir iad a bheith bréagach/mífhaisnéis a bheith iontu agus suíomh nuachta scigaithrise ar nós Waterford Whispers (www.waterfordwhispersnews.com) nó The Onion (www.theonion.com) chomh maith le suíomhanna gréasáin a sheiceálann fíricí le deimhniú cibé an faisnéis bhréagach atá in ailt nuachta a d'aimsigh siad, ar nós: Snopes (www.snopes.com), Perspecs (www.perspecsnews.com) agus The Perspective (www.theperspective.com).

### Céim 3

Cuirfear na scoláirí i mbeirteanna ansin agus tógfaidh siad sealanna chun na trí scéal nuachta a chur i láthair (dhá scéal atá fíor agus ceann amháin atá bréagach) dá gcomhpháirtí. Tar éis na sé alt a léamh, beidh deich nóiméad ag gach aon scoláire chun taighde a dhéanamh agus socrú cén t-alt atá bréagach, dar leo.

### Céim 4

Nuair a bheidh na cúig nóiméad caite glacfaidh na scoláirí sealanna ag rá cén ceann de scéalta a gcomhpháirtithe a cheapann siad atá míthreorach/bréagach agus cén fáth. Ansin tabharfaidh na scoláirí a chuir na hailt i láthair le fios cén ceann de na hailt ina raibh faisnéis bhréagach. I ngrúpaí beaga nó i mbeirteanna, beidh na scoláirí in ann "pointí breithiúnais" a thuilleamh as a n-údar a thabhairt i gceart. Sainítear breithiúnas mar an cumas meas nó breith mhaith a thabhairt. Ach an focal sin a úsáid beidh tú ag dul go croí sa gcaoi a n-aithnímid rudaí fírinneacha. Seachnaítear anseo freisin na scoláirí ag tabhairt buille faoi thuairim ar an bhfreagra.

**Faisnéis Thábhachtach**

Ar deireadh, meabhraigh do na scoláirí gur fhág an t-idirlíon agus na meáin shóisialta gur furasta do dhuine ar bith ábhar a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin, ar bhlag nó ar phróifíl meáin sóisialta agus is féidir leo lucht léite mór a bhaint amach. Anois go bhfuil an oiread sin daoine ag fáil nuachta ó shuíomhanna meáin sóisialta, tá buntáiste ag go leor cruthaitheoirí/foilsitheoirí ábhair.

Is féidir le nuacht bhréagach a bheith an-bhrabúsach mar ghnó, agus í ag gineadh suimeanna móra ioncaim ó fhógraíocht le haghaidh foilsitheoirí a chruthaíonn agus a fhoilsíonn scéalta a scaipeann go mear. Dá mhéid na cliceanna a dhéantar ar scéal, is ea is mó airgid a shaothraíonn foilsitheoirí ar líne trí ioncam ó fhógraíocht agus is ardán idéalach iad na meáin shóisialta do go leor foilsitheoirí chun ábhar a roinnt agus trácht gréasáin a stiúradh.





# Bileog oibre 2.2:

## Iontaofa in aghaidh Bréagach – An chaoi le faisnéis bhréagach ar líne a aithint



Tá roinnt rudaí ar féidir a bheith ag faire amach dóibh agus ábhar ar líne á mheas.

1. **Seiceáil an fhoinse**
Seiceáil foinse an scéil, an aithníonn tú an suíomh gréasáin? An foinse inchreidte/iontaofa é? Mura bhfuil cur amach agat ar an suíomh gréasáin, féach sa chuid 'eolas fúinn' nó faigh tuilleadh eolais faoin údar, dáta, am, URL.

2. **Féach ar chúlra na ceannlíne**
Seiceáil an t-alt iomlán. Chun aird a tharraingt, is minic i bhfaisnéis bhréagach go n-úsáidtear ceannlínte gáifeacha nó clicmhealltа a bhainfeadh suaitheadh as duine – iad i gceannlitreacha uaireanta agus ag úsáid comharthaí uaillbhreasa. Bíonn dátaí míchearta nó amlínte athraithe i bhfaisnéis bhréagach freisin. Is maith an smaoineamh é freisin seiceáil cathain a foilsíodh an t-alt, an scéal nuachta reatha nó seanscéal é? Is maith an smaoineamh é freisin féachaint an bhfuil údar luaite leis an bhfaisnéis, nó cibé an bhfuil daoine nó foinsí nach bhfuil ainmnithe luaite leis na hathfhriotail.

3. **Seiceáil foinsí eile**
Seans gurb é an bealach is iontaofa chun faisnéis a 'sheiceáil i gcomhair fíricí' ná crostagairt a dhéanamh idir í agus foinsí eile. Fiafraigh cibé an bhfuil soláthraithe nuachta/meáin iontaofa eile ag tuairisciú ar an scéal. Seiceáil an bhfuil aon fhoinsí luaite sa scéal. Má tá, seiceáil an bhfuil siad iontaofa nó go deimhin más ann dóibh ar chor ar bith! Déan iarracht an fhoinse is túisce agus is áitiúla a aimsiú don scéal.

4. **Ar fíric nó tuairim é?**
D'fhéadfadh an teanga a úsáidtear sa phíosa cabhrú leat a aithint cibé an bhfuil rud éigin á scríobh mar fhíric (rud a chruthaítear mar rud atá fíor) nó mar thuairim (creideamh pearsanta duine). Cuir i gcás, d'fhéadfadh go n-úsáidfeadh ráitis fhíorasacha a leithéid: "Deimhnítear sa tuarascáil bhliantúil... Fuair eolaithe amach le déanaí... Dar le torthaí na dtástálacha... Léiríodh san imscrúdú...".
Ach i bpíosaí tuairimí d'fhéadfaí ráitis mar iad seo a úsáid: "Dúirt sé gur... Is é tuairim an oifigigh ná... Tá amhras ar go leor eolaithe go bhfuil... Creidim..." nó d'fhéadfaí ceisteanna a chur cosúil le "An bhféadfadh sé seo tarlú i ndáiríre ...?". Cuimhnigh, tá tú i dteideal tuairim de do chuid féin a bheith agat ach ní d'fhíricí féin.

5. **Seiceáil do chuid claontachtaí**
An bhfuil do chuid tuairimí nó do chreideamh féin ag dul i bhfeidhm ar do bhreithiúnas ar alt nó tuairisc nuachta? Tá seans níos mó arís ann glacadh le rudaí nó neamhaird a dhéanamh díobh ag brath ar cibé an dtacaíonn nó nach dtacaíonn siad le gach a gcreidimid cheana féin.

6. **An scéal grinn atá ann?**
Bíonn an-tóir ar shuíomhanna aoire ar nós Waterford Whispers ach uaireanta ní léir an scéal atá ann nó an é go bhfuil an t-údar ag magadh nó ag déanamh scigaithrise... Seiceáil an suíomh gréasáin, an bhfuil aithne air mar shuíomh aoire nó an bhfuil cuntas meán sóisialta marcáilte mar chuntas 'scigaithrise'?

7. **Seiceáil suíomh seiceála-fíoras**
Suíomhanna ar nós Snopes: www.snopes.com; PolitiFact: politifact.com; Fact Check: factcheck.org a laghdóidh an t-anró a bhainfidh le fáil amach cibé an bhfuil scéal bréagnaithe cheana féin – nó má tá scéal a bhí rómhaith le bheith fíor, fíor i ndeireadh na dála.

I gcás pictiúr, féadfaidh tú cuardach droim ar ais a dhéanamh ar íomhánna ag TinEye (www.tineye.com) nó Cuardach Íomhánna Droim ar Ais Google (www.images.google.com). Inseoidh sé seo duit cén áit eile a raibh an pictiúr le feiceáil, agus taispeánfaidh sé pictiúir den chineál céanna duit freisin (bealach maith le fáil amach an ndearnadh fóta-eagarthóireacht air).

**I ndeireadh na dála, sula gcreideann tú é nó sula roinneann tú é:**
Éist le d'instinní féin – an dócha go bhfuil sé fíor, an bhfuil sé cruinn agus cabhrach, an bhfuil sé cóir é a roinnt?

Tabhair cuairt ar Be Media Smart chun tuilleadh eolais a fháil: www.bemediasmart.ie

# Gníomhaíocht 3

## Íomhánna, Domhainbhréige agus Dallamullóg Súl

### Céim 1

Tosaigh trí dhul siar ar na leideanna is mó a pléadh sa bhileog oibre ar an gcaoi le faisnéis bhréagach ar líne a aithint leis na scoláirí. Fiafraigh de na scoláirí cibé ar chreid siadsan nó duine éigin a bhfuil aithne acu air/uirthi íomhá/físeán bréagach nó míchruinn de chineál éigin nó ar roinn siad an íomhá/físeán sin? Fiafraigh de na scoláirí cén difear a dhéanann sé mura féidir linn faisnéis atá fíor nó iontaofa a aithint ó fhaisnéis bhréagach nó mhíthreorach ar líne? Meabhraigh dóibh go bhfuil íomhánna nó físeáin mearscaipthe atá míthreorach nó nach bhfuil fíor chomh díobhálach céanna le hailt ina mbíonn faisnéis bhréagach – smaoinigh ar chás ina dtarlaíonn tubaiste nádúrtha nó ionsaí sceimhlitheoireachta, bíonn na meáin shóisialta thar maoil le scannáin ina dtaispeántar mar dhea an radharc ar an talamh. Nó tionchar na n-íomhánna sin ar smaointe nó creideamh daoine. Is fiú míle focal pictiúr mar sin tá sé tábhachtach gur féidir le scoláirí íomhánna/físeáin bhréagacha a aithint.

### Céim 2

Abair leis na scoláirí roinnt íomhánna a aimsiú ó ócáid mhór a tharla sa nuacht. D'fhéadfadh gurbh ócáid a bhain le duine mór le rá, scéal mór nuachta, tubaiste cosúil le crith talún nó tuillte a bhí ann.

— Féach go géar ar na híomhánna ar roinnt suíomhanna difriúla. Bíodh roinnt gníomhaireachtaí nuachta a bhfuil dea-cháil orthu ina measc, agus roinnt suíomhanna meán sóisialta agus ar líne. An bhfuil aon cheann de na híomhánna le feiceáil arís is arís?
— Déan iarracht cuardach a dhéanamh go bhfeicfidh tú ar úsáideadh an íomhá aon áit eile roimhe seo? Cén áit inar úsáideadh í? Agus cén uair? Féadfaidh tú cuardach droim ar ais a dhéanamh ar íomhánna ar TinEye (www.tineye.com) nó Cuardach Íomhánna Droim ar Ais Google (www.images.google.com). Inseoidh sé seo duit cén áit eile a raibh an pictiúr le feiceáil, agus taispeánfaidh sé pictiúir den chineál céanna duit freisin (bealach maith le fáil amach an ndearnadh fóta-eagarthóireacht air).
— Anois scríobh foscríbhinn eile an-difriúil le dul leis an ngrianghraf a athróidh brí iomlán an ghrianghraif.

Glac le haiseolas ó na scoláirí maidir leis na híomhánna a d'aimsigh siad agus cibé ar luadh aon cheann go mícheart i gcreidiúintí an scéil nuachta. An bhfuil samplaí eile de sin ag tarlú leis an ngrianghraf?

### Céim 3

Ansin iarr ar na scoláirí machnamh a dhéanamh ar na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ag íomhá nó físeán a mbaintear nó a n-athraítear chomh mór sin iad is gur deacair a rá an bhfuil siad fíor nó bréagach. Taispeáin píosa scannáin domhainbhréige do na scoláirí, le cumas na teicneolaíochta sin a thaispeáint. Tá roinnt píosaí scannáin is féidir leat a thaispeáint do scoláirí mar shampla de dhomhainbhréige – i measc na moltaí áisiúla tá siad seo:

**Uimh.1** BBC News – Obama bréagach cruthaithe ag úsáid uirlis físe AI: www.youtube.com/watch?v=AmUC4m6w1wo. Chruthaigh taighdeoirí ag Ollscoil Washington físeán fótairéalaíoch d'iar-Uachtarán na Stát Aontaithe Barack Obama. Tugann a dteicníc deis dóibh aon fhocal a chur i mbéal bréagach Barack Obama.

**Uimh.2** Físeáin bhréige The Ted Talk d'fhíordhaoine agus an chaoi lena n-aithint, a thugann léargas maith freisin ar theicneolaíocht domhainbhréige: www.ted.com/talks/supasorn_suwajanakorn_fake_videos_of_real_people_and_how_to_spot_them#t-24201.

### Céim 4

Fiafraigh de na scoláirí ar chuala siad trácht riamh ar an téarma domhainbhréige nó an bhfaca siad aon fhíseáin eile mar sin ar baineadh dóibh? Tabhair amach an bhileog oibre Domhainbhréige Mínithe agus téigh tríd leis na scoláirí.


### Céim 5

I ngrúpaí de thriúr iarr ar na scoláirí dul siar ar na bileoga leideanna a tugadh dóibh maidir le faisnéis bhréagach a thabhairt faoi deara agus dhá leid bhreise a chumadh, nach bhfuil ar an mbileog oibre, faoina bhféadfaidh siad a bheith ag faire amach dó más faisnéis bhréagach atá in íomhá nó i bhfíseán. Ansin, cuir an straitéis chomhoibritheach 'Muileata 9' ag obair chun cuidiú leis na scoláirí tús áite a thabhairt do phríomhphointí. Abair leis na scoláirí na leideanna is tábhachtaí a chur i dtreo bharr an 'muileata' agus na cinn nach bhfuil tábhachtach a chur i dtreo an íochtair. Ní mór do ghrúpaí a bheith ar aon intinn faoina gcuirfidh siad ar an mbarr agus a bheith in ann a réasúnaíocht maidir leis sin a mhíniú.

### Céim 6

Nuair atá siad críochnaithe tabhair nóiméad do na scoláirí chun bogadh timpeall an tseomra ranga ag féachaint ar Mhuileata 9 na ngrúpaí eile sula n-iarrfaidh tú aiseolas – pioc grúpa amháin nó dhó chun a rangú agus a réasúnaíocht a mhíniú.

# Bileog oibre 2.3:
## Domhainbhréaga Mínithe



### Céard is íomhánna domhainbhréige ann?
Is éard is íomhánna domhainbhréige ann físeáin a chruthaítear le bogearraí digiteacha, meaisínfhoghlaim agus babhtáil aghaidheanna. Físeáin bhréige iad íomhánna domhainbhréige a chruthaítear le ríomhairí ina nasctar íomhánna chun físeán nua a chruthú ina dtaispeántar imeachtaí, ráitis nó gníomh nár tharla in aon chor. Bíonn na torthaí an-éifeachtach. Tá íomhánna domhainbhréige difriúil le cineálacha eile eolais bhréagaigh mar gheall go bhfuil sé an-deacair a dhéanamh amach go bhfuil siad bréagach.

### Cén chaoi a n-oibríonn sé?
An coincheap bunúsach a bhaineann leis an teicneolaíocht is ea gnúis-aitheantas; beidh cur amach ag úsáideoirí Snapchat ar an mbabhtáil aghaidhe nó ar fheidhmeanna scagaire a dhéanann athrú nó a mhéadaíonn do ghothaí gnúise. Tá domhainbhréaga cineál cosúil leis sin ach tá siad níos réadúla.

Is féidir físeáin bhréige a chruthú ag úsáid teicníc foghlama meaisín ar a dtugtar "líonra giniúnach sáraíochta" nó GAN. Mar shampla is féidir le GAN féachaint ar na mílte pictiúr de Beyonce agus íomhá nua a tháirgeadh a dhéanann cóip gharbh de na grianghraif sin ach ní cóip chruinn d'aon cheann de na grianghraif a bhíonn ann. Is féidir GAN a úsáid chun fuaimeanna nua a chruthú ó fhuaimeanna reatha, nó téacs nua ó théacs reatha – is teicneolaíocht ilúsáide é. Tá an teicneolaíocht a úsáidtear chun domhainbhréige a chruthú ríomhchláraithe chun aghaidheanna a mhapáil de réir pointí "suntais". Seo gnéithe cosúil le coirnéil do shúile agus do bhéil, do pholláirí, agus imlíne de do ghiall.

### An chaoi le domhainbhréige a aithint
Ach oiread le gach cineál faisnéise a bhíonn os ár gcomhair ar líne is é an rud is tábhachtaí atáimid in ann a dhéanamh nuair a chinnimid an bhfuil físeáin nó íomhánna ar líne údarásach agus fíor ná a bheith géarchúiseach.

Caithfimid smaointeoireacht chriticiúil a úsáid agus príomhcheisteanna a chur orainn féin ar nós:

- Cé atá ag roinnt an fhíseáin seo agus cén fáth?
- Cé hé nó céard é an fhoinse bhunaidh?
- An bhfuil an duine san fhíseán ag rá rud éigin nach mbeifeá ag súil go ndéarfaidís go deo?
- An gcuireann an físeán plean duine éigin eile chun cinn? Cé a bhaineann tairbhe as an bhfíseán seo?

### Feicim ach an gcreidim?
Cé gur teicneolaíocht nua go leor í an teicneolaíocht a úsáidtear chun domhainbhréige a chruthú, tá sé ag déanamh dul chun cinn go tapa agus tá sé ag éirí níos deacra agus níos deacra fáil amach cibé an bhfuil físeán fíor nó bréagach. Ar ndóigh bíonn impleachtaí sóisialta, morálta agus polaitiúla ag forbairtí sna cineálacha teicneolaíochtaí seo. Tá ceisteanna cheana féin ag baint le foinsí nuachta agus inchreidteacht na scéalta ar líne, tá an cumas ag domhainbhréige an fhadhb atá le faisnéis bhréagach a dhéanamh níos measa nó cur isteach ar inchreidteacht na nuachta nó an bonn a bhaint de, agus inchreidteacht na faisnéise go ginearálta.

Is é an baol mór i ndáiríre atá le faisnéis bhréagach agus le teicneolaíocht domhainbhréige ná go gcruthaítear amhras nó neamhshuim i ndaoine faoina bhfeicimid nó a gcloisimid ar líne. Dá mba rud é go bhféadfadh gach rud a bheith bréagach an gciallaíonn sé sin nach bhfuil aon rud fíor níos mó? Chuidigh grianghraif agus físeáin agus píosaí fuaime linn riamh anall rudaí a fhoghlaim faoin saol atá caite, agus mhúnlaigh sé an chaoi a bhféachaimid ar rudaí agus na rudaí atá ar eolas againn. Ceistíonn roinnt daoine cheana féin na fíricí maidir le hócáidí nach bhfuil aon amhras ach gur tharla siad, cosúil leis an tUileloscadh, tuirlingt ar an ngealach agus 9/11, in ainneoin an chruthúnais físe. Má fhágann domhainbhréige nach féidir le daoine físeán a thrust, d'fhéadfadh na fadhbanna atá le faisnéis bhréagach agus teoiricí comhcheilge éirí níos measa.





# Gníomhaíocht 4
## Faisnéis Bhréagach agus Na Meáin Shóisialta

### Céim 1
Sa ghníomhaíocht seo déanfar machnamh ar an ról a bheidh ag lucht tionchair, ag na meáin shóisialta agus ag an mbolgán scagaire ar leathadh na faisnéise bréige. Tabhair dhá thosaitheoir abairte do na scoláirí. Iarr ar na scoláirí na habairtí a chríochnú ach na chéad smaointe a thagann chucu a scríobh. Tabhair cúpla nóiméad do na scoláirí oibriú ina n-aonar air seo.

### Céim 2
Nuair a bheidh a gcuid abairtí scríofa ag na scoláirí, iarr orthu bogadh timpeall an tseomra agus scoláire nó scoláirí eile a aimsiú a bhfuil na habairtí céanna acu. Sna beirteanna nó sna grúpaí beaga sin, iarr ar na scoláirí a gcuid freagraí a roinnt agus cé ag a raibh tionchar ar ar scríobh siad.

### Céim 3
Ansin, iarr ar na scoláirí a gcuid smaointe maidir le tionchar agus faisnéis bhréagach a roinnt. D'fhéadfaí iad seo a áireamh leis na ceisteanna i gcomhair plé:

- Céard atá i gceist againn le 'tionchaire'?
- Cén chaoi a n-aimsíonn/leanann tú tionchaire de ghnáth agus cén fáth?
- Cén fáth a bhféadfadh daoine a bheith ina dtionchairí ciúine nó gan ainm nó go nascfaidís daoine chun tacú le smaointe nua agus iad a mhúnlú?
- Má tá cuntas ag duine éigin gan ainm an féidir leo tionchar maith a imirt ar dhaoine fós? Cén chaoi?
- Cén fáth a mbeadh fonn ar dhaoine labhairt os ard, a bheith le feiceáil nó ar mhaith leo go mbeadh gean orthu nuair a chuireann siad smaointe, táirgí, meonta nó cleachtais chun cinn ar na meáin shóisialta?
- Cén chaoi a mbíonn tionchar ag pearsantacht duine ar an tionchar a imríonn siad ar dhaoine eile nó a stiúir ar dhaoine eile?
- Ar foinsí faisnéise iontaofa iad tionchairí? Cén fáth? Cén fáth nach ea?
- An bhfuil tú in ann smaoineamh ar aon samplaí de chás inar roinn tionchaire faisnéis bhréagach go feasach nó i ngan fhios dó féin?

Díreoidh roinnt scoláirí ar thionchairí mar chineálacha micrea-cheiliúráin ar na meáin shóisialta a roinneann smaointe nó a chuireann táirgí chun cinn. I measc samplaí eile tá fiontraithe, áilleacht, blagálaithe taistil nó aclaíochta, mainicíní, ceoltóirí, agus aird againn ar thionchair dhifriúla sna meáin shóisialta agus chomh tapa agus a athraítear meon daoine ina leith.

# Bileog oibre 2.4:
## Tosaitheoirí comhrá



| | |
|---|---|
| **1.** Nuair a smaoiním ar an bhfocal 'tionchaire', smaoiním láithreach ar... | |
| **2.** Chuir postáil tionchaire ina luí orm... | |
| **3.** Deir roinnt daoine nach mbíonn ó thionchairí ar na meáin shóisialta ach airgead a shaothrú agus sin uile. Is é mo thuairim... | |
| **4.** Is é mo shainmhíniú ar dhuine a imríonn tionchar ar dhaoine eile ná duine éigin a... | |
| **5.** An duine is mó a d'imir tionchar orm trí bliana ó shin ná... | |
| **6.** Uaireanta nascann tionchairí daoine le smaointe nua, agus déantar é go ciúin. Creidim go bhfuil sé sin... | |
| **7.** Roinn tionchair scéal a chreid mise a bhí fíor ach cruthaíodh nach raibh sé fíor ina dhiaidh... | |
| **8.** Tionchaire maith is ea duine a bhíonn isteach leis an slua. Is é mo thuairim ná... | |





# Gníomhaíocht 5
## Do Bholgán Scagaire a Phléascadh

### Céim 1
Cuideoidh an ghníomhaíocht seo leis na scoláirí éirí feasach ar a mbolgán scagaire féin agus ar an gcaoi le bogadh lasmuigh dó. Tosaigh trí rud éigin a chuardach ar google e.g. tír – An Éigipt – agus torthaí an chuardaigh a chur ar an teilgeoir ar an gclár bán do na scoláirí. Ansin iarr ar na scoláirí an rud céanna a chuardach google e.g. An Éigipt agus abair leo féachaint ar a gcuid torthaí féin ón gcuardach, agus aon rud difriúil sa chuardach le hais mar atá ar an gclár bán a bhreacadh síos. An raibh aon difríocht in aon chor ina dtorthaí cuardaigh le hais mar atá le feiceáil ar an gclár bán. Má tá, fiafraigh díobh cén fáth a gceapann siad go bhfuil sé sin amhlaidh?

Tar éis aiseolas a fháil ó na scoláirí mínigh nuair a théimid ar líne nó nuair a logálaimid isteach i líonra meán sóisialta is gnách go dtaispeántar nuacht, ailt nó ábhar dúinn atá bunaithe ar ár gcuid cuardaigh féin ar líne. Tá sé sin amhlaidh toisc go n-úsáideann ardáin mar Google agus Facebook algartaim chun a gcuid seirbhísí a phearsantú agus a shaincheapadh le haghaidh gach úsáideora, rud a chiallaíonn go bhfeicfidh úsáideoirí difriúla ábhar nó inneachar difriúil. Is gnách go léiríonn an cineál sin ábhair na rudaí a thaitníonn linn, ár gcuid tuairimí agus creideamh féin agus mar sin ní bhíonn muid nochta do dhearcaí ná tuairimí difriúla. Is minic a thugtar bolgán scagaire air sin.

Cuir an Ted Talk le Eli Parsier ar siúl do na scoláirí. Is é Elis Parsier an fear a chum an frása an 'bolgán scagaire' www.ted.com/talks/eli_pariser_beware_online_filter_bubbles.

### Céim 2
Tabhair amach an bhileog oibre 'Do bholgán scagaire a phléascadh; agus iarr ar na scoláirí an chéad cheist a fhreagairt – déan machnamh ar na buntáistí agus na míbhuntáistí atá le faisnéis a fháil ar líne trí bholgán scagaire? I measc na bhfreagraí samplacha:

**Buntáistí:**

- Is féidir le hinnill chuardaigh torthaí níos ábhartha a bhíonn uainn níos tapúla a thabhairt dúinn.
- Taispeánann suíomhanna gréasáin, aipeanna, innill chuardaigh ábhar dúinn ar léiríomar spéis ann cheana féin.
- Tá na suíomhanna gréasáin a dtéimid chucu go minic níos éasca a aimsiú, toisc go mbíonn siad níos airde ar na liostaí cuardaigh.
- Cabhraíonn rianú suímh linn ár limistéar a chuardach le haghaidh siopaí/bialanna ábhartha etc.
- Is féidir linn ár sonraí logála isteach a shábháil ar ár bhfearais ionas nach gcaithfimid iad a chur isteach arís.

**Míbhuntáistí:**

- Má tá na torthaí cuardaigh as a riocht agus murab eol dúinn é, cuireann sé sin isteach ar ár gcumas faisnéis a aimsiú, a mheas, agus a úsáid. Caithfimid fios a bheith againn má tá torthaí cuardaigh claonta ionas go mbeimid in ann a bheith géarchúiseach nuair a roghnaímid faisnéis.
- Beidh tú níos caolaigeanta agus ní bheidh tú in ann rudaí a fheiceáil ó dhearcadh duine éigin eile

Mínigh do na scoláirí uaireanta go mbíonn na scagairí a úsáidimid chun an lear mór faisnéise atá ar fáil ar líne a bhainistiú cosúil le bolgán timpeall orainn áit a bhfaighimid tuairimí go príomha faoi rudaí a bhfuilimid aontaithe maidir leo cheana féin agus caithfimid foghlaim leis an mbolgán sin a phléascadh.

Ag bogadh ar aghaidh chuig tasc 2 agus an bhileog oibre 'Do Bholgán scagaire a phléascadh', iarr ar na scoláirí smaoineamh ar a mbolgán scagaire féin. Machnamh a dhéanamh ar an inneall cuardaigh, na haipeanna, na hardáin meán sóisialta, etc., a úsáideann siad chun faisnéis a fháil faoin domhan, a gcuid spéiseanna agus obair baile/taighde – seo foinsí a bhfuil muinín agat astu agus a úsáideann tú ar bhonn laethúil. Déanfaidh na scoláirí liosta d'fhoinsí iontaofa a úsáideann siad gach lá laistigh dá mbolgán scagaire.

# Gníomhaíocht 5

## Do Bholgán Scagaire a Phléascadh

### Céim 3

Ansin fiafraigh de na scoláirí dá mbeidís ag iarraidh briseadh amach as an mbolgán scagaire, cén chaoi a bhféadfaí é sin a dhéanamh? Cén sórt daoine agus eagraíochtaí a d'fhéadfá a leanúint? Cén sórt dearcthaí nua a d'fhéadfá a lorg? Cén chaoi a n-aimseofá iad?

**Roinnt moltaí:**

- Déan iarracht cuardach a dhéanamh le hinneall cuardaigh nach n-úsáideann tú de ghnáth e.g. DuckDuckGo, sweetsearch,
- Múch fógraí spriocdhírithe,
- Scrios do stair bhrabhsála go rialta,
- Lean foinsí nuachta, iriseoirí, saineolaithe iontaofa
- Babhtáil ceann de d'fhoinsí iontaofa le ceann nach n-úsáideann tú ach go hannamh, ar feadh tréimhse ghairid ama fiú

Déanfaidh na scoláirí taighde agus scríobhfaidh siad a gcuid moltaí féin taobh le gach ceann de na snáthaidí le léiriú a thabhairt ar bhealaí chun a mbolgán scagaire a phléascadh. Ansin tabhair seans dóibh foinsí a chur i gcomparáid le chéile – tabharfaidh sé sin deis dóibh comparáid agus codarsnacht a dhéanamh idir foinsí agus foinsí nua a aimsiú fiú. Meabhraigh do na scoláirí go gcaithfidh siad a bheith cúramach gan a bheith ag brath rómhór ar na foinsí iontaofa céanna.

### Céim 4

Faigh aiseolas ó na scoláirí ar na foinsí nua a chuirfidh siad san áireamh chun a mbolgán scagaire a phléascadh. Ar deireadh, meabhraigh do na scoláirí gurb é an rud is tábhachtaí atá tú in ann a dhéanamh ná a chinntiú nach bhfuil tú díreach ag fáil nuachta lena ndeimhnítear gach ar chreid tú ar an gcéad dul síos. Ag an am céanna tá sé tábhachtach gan a bheith "rócheart" agus foinsí a lorg a bhfuil claonadh iomlán difriúil acu le hais mar atá agatsa, rud a chuirfidh olc ort cinnte agus a atreiseoidh do thuairimí reatha. Ina ionad sin, aimsigh foinsí ó thuairim atá measartha difriúil ó do dhearcadh féin.





# Bileog oibre 2.5:

## Do Bholgán Scagaire a Phléascadh



**Tagraíonn 'bolgán scagaire' d'fheiniméan a tharlaíonn le cuid mhaith de na suíomhanna gréasáin a úsáidimid: baineann ardáin mar Google agus Facebook úsáid as algartaim (cothromóidí matamaitice) bunaithe ar ár stair chuardaigh agus ár bhfaisnéis phearsanta chun na seirbhísí a chuireann siad ar fáil dúinn a phearsantú agus a shaincheapadh.**


Ciallaíonn sé sin gur féidir le húsáideoirí difriúla a dhéanann an cuardach ceannann céanna nó a scrollaíonn trí fhotha nuachta ar na meáin shóisialta ábhar difriúil a fheiceáil. Is gnách go léiríonn an cineál sin ábhair na rudaí a thaitníonn linn, ár gcuid tuairimí agus creideamh féin agus mar sin ní bhíonn muid nochta do dhearcaí ná tuairimí difriúla.

**Uimh.1** Céard iad na buntáistí agus na míbhuntáistí atá le fáil a fháil ar líne trí bholgán scagaire? Tabhair samplaí le haghaidh gach ceann sa tábla thíos

| Na buntáistí atá le Bolgáin Scagaire | Na míbhuntáistí atá le Bolgáin Scagaire |
|---|---|
| | |

**Uimh.2** Smaoinigh ar do bholgán scagaire féin – déan machnamh ar an inneall cuardaigh, na haipeanna, na hardáin meán sóisialta, etc., a úsáideann tú chun faisnéis a fháil faoin domhan, do chuid spéiseanna agus obair baile/taighde – seo foinsí a bhfuil muinín agat astu agus a úsáideann tú ar bhonn laethúil. Anois, déan liosta de na foinsí iontaofa sin istigh i do bholgán scagaire.

**Uimh.3** Ansin, smaoinigh cén chaoi a bhféadfá briseadh amach as do bholgán scagaire? Cé na socruithe a bhféadfá dul siar orthu ar na hardáin, na hinnill chuardaigh, na haipeanna a úsáideann tú? Cén sórt daoine agus eagraíochtaí a d'fhéadfá a leanúint? Cén sórt dearcthaí nua a d'fhéadfá a lorg? Cén chaoi a n-aimseofá iad?








# Modúl 3:
## Olltiomsú Sonraí agus an Geilleagar Sonraí

**Croí-choincheap:**
Sa mhodúl seo cuirtear an topaic a bhaineann le holltiomsú sonraí i láthair an scoláire agus tugtar deis iniúchadh a dhéanamh ar an gcaoi a n-oibríonn an geilleagar sonraí. Tá sé d'aidhm leis an modúl iniúchadh a dhéanamh ar cén chaoi agus cén fáth a n-úsáideann cuideachtaí ar líne faisnéis phearsanta, na buntáistí a chruthaítear leis agus tabharfar léirmheas ar úsáid eiticiúil na faisnéise sin ar mhaithe le brabús a dhéanamh.

**Príomhfhoghlaim don Scoláire:**
Beidh tuiscint ag an scoláire ar céard is sonraí pearsanta ann agus déanfaidh sé machnamh ar an gcaoi a bhféadfadh cuideachtaí ar líne iad a úsáid. Déanfaidh an scoláire iniúchadh ar an gcaoi a mbíonn ardáin meán sóisialta agus suíomhanna eile idirlín idirnasctha i gcóras casta, líonraithe, agus impleachtaí na gcóras sin a chur san áireamh, agus an chaoi a mbíonn tionchar acu ar ghníomhartha daoine.

**Torthaí Foghlama:**
Gearrchúrsa Litearthacht ar na Meáin Dhigiteacha: Snáithe 3: Na fíricí a sheiceáil

- **3.2** anailís a dhéanamh ar conas a imríonn an rogha meáin dhigitigh tionchar ar an gcineál faisnéise a aimsítear/a scaiptear
- **3.5** taighde a dhéanamh ar úinéireacht mórshuíomhanna gréasáin agus ar an tionchar atá aige seo ar rochtain agus rogha
- **3.6** samplaí a thabhairt den chaoi ar féidir le téacsanna meán digiteach tacú le saoránacht agus feidhmiú mar bhunús le cinnteoireacht

**Naisc thraschuraclaim:**
**OSPS Bliain 1 Tionchair agus Cinntí:**
- go mbeadh sé níos fusa dóibh a aithint cé a théann i bhfeidhm orthu, an tslí a ndéantar é agus cén fáth a ndéantar é

**Acmhainní a theastaíonn:**
- Píosaí beaga páipéir nó nótaí Post-It
- Tá físeán ina mínítear Olltiomsú sonraí ar fáil anseo: webwise.ie/connected
- Ted Talk: Big Data is Better Data www.ted.com/talks/kenneth_cukier_big_data_is_better_data#t-935433)
- Bileoga Oibre: 3.1, 3.1A, 3.2, 3.3, 3.4
- Tá bileog oibre i gcomhair machnaimh ar fáil in Aguisín 3 (L.95)

**Modheolaíochtaí:**
Anailís ar fhíseán, plé, léamhthuiscint, obair i ngrúpaí, cur i láthair ó ghrúpa, díospóireacht siúil


**Teicneolaíochtaí digiteacha a leabú:**
Is féidir le scoileanna a bhfuil fáil acu ar fhearais dhigiteacha (e.g. táibléid, ríomhairí glúine, fón) freagraí na scoláirí maidir le gníomhaíochtaí plé ábhartha a ghabháil ag úsáid uirlisí gréasán-bhunaithe éagsúla (e.g. Timpeallacht Fhíorúil Foghlama na scoile, Mentimeter, Flipgrid, etc). B'fhiú freisin iarraidh ar na scoláirí seat den scáileán a ghlacadh de thascanna ábhartha atá curtha i gcrích acu agus é sin a shábháil ina bpunann dhigiteach féin (fillteán) ar Thimpeallacht Fhíorúil Foghlama na scoile mar thaifead ar a gcuid oibre ar feadh an chúrsa. Is féidir uirlisí meabhairmhapála a úsáid chun freagairtí a ghabháil agus a eagrú. Is féidir uirlisí deartha cruthaitheacha agus grafaice a úsáid don ghníomhaíocht dheartha.

## An modúl seo a idirdhealú:

Ag brath ar an gcineál riachtanais atá ag an scoláire, b'fhéidir go mbeadh gá ceachtanna tiomnaithe a thabhairt don scoláire roimh an gceacht seo d'fhonn an teanga chasta a bhaineann leis an ábhar a dhíchódú agus a mhíniú. B'fhéidir go mbeadh deacracht ag roinnt scoláirí teanga mar shonraí, intuigthe, giniúint, nó intleacht shaorga a thuiscint agus a úsáid. Moltar réamhtheagasc a dhéanamh ar phríomhthéarmaí. (Féach ar an nGluais – Aguisín 4). D'fhéadfadh deacracht a bheith ag roinnt scoláirí faoi mhíchumas foghlama ginearálta an bheochan a thuiscint mar gheall ar an teanga agus/nó a theibí atá sí. Chun cur ar chumas na scoláirí an bheochan a thuiscint, tabhair réamhrá maidir leis an mbeochan, ag míniú an choincheapa agus an ábhair atá á phlé.

D'fhéadfadh scafláil shuntasach a bheith de dhíth chun cur ar chumas scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a bheith rannpháirteach sa díospóireacht siúil.

Tugtar bileoga oibre idirdhealaithe (leaganacha 'a') chun cuidiú le scoláirí a bhféadfadh deacrachtaí a bheith acu lena gcuimhne nó atá mall ag próiseáil rudaí agus iad ag iarraidh ciall a bhaint as na príomhphointí. D'fhéadfadh deacracht a bheith ag scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu léamh os ard, ná cuir brú ar scoláirí aonair léamh os ard.







# Gníomhaíocht 1

## Céard is Olltiomsú sonraí ann?

### Céim 1

Tosaigh leis an gcleachtadh réamhaíochta seo a leanas chun spéis na leanaí a spreagadh agus cabhrú leo naisc a dhéanamh lenar pléadh roimhe seo. Tabhair amach an bhileog oibre don chleachtadh réamhaíochta agus léigh amach os ard é, nó iarr ar na scoláirí gach ceann de na ráitis a léamh, agus iarr ar na scoláirí scríobh síos cibé an gceapann siad go bhfuil na ráitis fíor nó bréagach.

Féadfar na scoláirí a chur i mbeirteanna ansin, nó dhá bheirt ag cruthú grúpa de cheathrar, chun freagraí a chur i gcomparáid lena chéile. Meabhraigh do na scoláirí nach bhfuil an bhéim ar fhreagraí cearta nó míchearta ach ar an méid atá ar eolas acu a roinnt agus ar réamhaisnéisí a dhéanamh. Cuir deireadh leis an gceacht le plé uile-ranga ar an mbrí atá le holltiomsú sonraí dar leo.

### Céim 2

Ansin, seinn an Ted Talk 'Big Data is Better Data' (www.ted.com/talks/kenneth_cukier_big_data_is_better_data#t-935433) do na scoláirí. Rogha eile a d'fhéadfaí a úsáid anseo ná uirlis cosúil le Edpuzzle a úsáid chun sos a ghlacadh de phríomhphointí ón bhfíseán agus ceisteanna a chur. Moladh eile a d'fhéadfaí a dhéanamh ná gníomhaíocht mhalartaithe don seomra ranga a dhéanamh den ghníomhaíocht seo áit a sanntar cuid den fhíseán do scoláirí le féachaint air (trí Edpuzzle le ceisteanna nó dá n-uireasa) sa bhaile agus ansin é a phlé nuair a thagann na scoláirí isteach sa rang.

### Céim 3

Tar éis dóibh féachaint ar an bhfíseán pléigh leis na scoláirí go dtarlaíonn cuid mhór dár saol ar an idirlíon, áit a ngintear agus a malartaítear lear mór sonraí e.g. ag féachaint ar fhíseáin, ag éisteacht le ceol, ag comhrá le cairde, ag foilsiú inneachair, ag siopadóireacht, ag fáil treoracha, etc.

**Tagraíonn olltiomsú sonraí do mhéideanna móra faisnéise (cruthaithe ag daoine nó ginte ag meaisíní e.g. comharthaí GPS, taifid cheannaigh, íomhánna satailíte, braiteoirí a bhailíonn faisnéis ar an aeráid, etc.) a dteastaíonn ríomhchláir uathu chun na sonraí sin a phróiseáil le píosaí faisnéise níos lú a dhéanamh díobh, ionas ar féidir linn iad a thuiscint níos éasca.**

### Céim 4

Téigh siar arís leis na scoláirí ar an gcleachtadh réamhaíochta agus iarr ar na scoláirí dul siar ar a gcuid freagraí agus seiceáil cibé an aontaíonn siad i gcónaí go bhfuil na ráitis fíor nó bréagach nó an bhfuil a n-intinn athraithe acu tar éis dóibh féachaint ar an bhfíseán.

### Céim 5

Ansin iarr ar na scoláirí machnamh a dhéanamh ar na buntáistí nó ar na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith le holltiomsú sonraí. Roinnt samplaí: na buntáistí – seirbhís mhéadaithe do chustaiméirí, seirbhísí feabhsaithe, nuálaíocht níos mó. Na míbhuntáistí: is féidir le torthaí a bheith míthreorach uaireanta, rioscaí cibearshlándála, an chaoi a láimhseáiltear sonraí leochaileacha/pearsanta. Mínigh dóibh go bhfuilimid ag maireachtáil i ré Olltiomsaithe Sonraí, áit a bhfágann sonraí pearsanta gach duine, lena n-áirítear a ngníomhaíochtaí ar líne ar na meáin shóisialta agus brabhsáil idirlín go háirithe, nach amháin gur tomhaltaí iad na daoine anois ach go bhfuil siad mar a bheadh táirge ann freisin.

# Bileog Oibre 3.1:

## Céard is Olltiomsú sonraí ann? Ceacht Réamhaíochta


| Roimh an nGníomhaíocht Fíor/Bréagach | Ráitis | I ndiaidh na Gníomhaíochta Fíor/Bréagach |
|---|---|---|
| | Is é an sainmhíniú atá ar shonraí ná fíricí, figiúirí, faisnéis a bhailítear le chéile agus a stóráiltear ar ríomhaire nó a úsáidtear ar ríomhaire. | |
| | Tagraíonn olltiomsú sonraí do lear mór faisnéise atá á giniúint i gcónaí agus atá rómhór do dhaoine le stóráil agus le próiseáil, mar sin úsáidtear ríomhchláir ar an ríomhaire ina ionad sin chun na sonraí a stóráil agus a shórtáil i bpíosaí faisnéis níos lú a bheidh daoine in ann a thuiscint. | |
| | Ciallaíonn olltiomsú sonraí go bhfuil ár bhfearais ag bailiú sonraí fúinn an t-am ar fad. | |
| | Baineann olltiomsú sonraí úsáid as intleacht shaorga. | |
| | Nuair a dhéantar olltiomsú sonraí faightear fógraí faoi rud éigin atá tú díreach tar éis a chuardach ar líne. | |
| | Is féidir pictiúir/físeáin/teachtaireachtaí a phostálaimid a chomhaireamh mar olltiomsú. | |
| | Úsáideann cuideachtaí olltiomsú sonraí chun táirgí a cheapann siad a thaitneoidh leat a dhíol leat. | |





# Bileog oibre 3.1A:

## Gníomhaíocht Meaitseála Príomhfhoclóra don Olltiomsú Sonraí



Meaitseáil na príomhchoincheapa seo a leanas leis an gcur síos ceart thíos:

**Leid:** Déan taighde ar na príomhchoincheapa le huirlisí cuardaigh ar líne

**Príomhchoincheap**

A. Sonraí
B. Intleacht Shaorga
C. Ginte
D. Fianáin
E. Fógraíocht Spriocdhírithe
F. An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS)
G. Anailísigh

**Mar shampla:** D = 1

| | |
|---|---|
| D | 1. Comhad beag bídeach a stóráiltear ar do ríomhaire. Tugann sé deis do shuíomhanna gréasáin súil a choimeád ar an méid atá ar siúl agat nuair a thugann tú cuairt ar a suíomh e.g. má thug tú cuairt ar an suíomh roimhe seo, cén fad a chaith tú ar gach leathanach taobh istigh den suíomh, cé na naisc ar chliceáil tú orthu. |
| | 2. Fíricí, figiúirí, faisnéis a bhailítear le chéile agus a stóráiltear ar ríomhaire nó a úsáidtear ar ríomhaire. |
| | 3. Staidéar nó scrúdú a dhéanamh ar rud éigin go cúramach agus go sonrach chun gnéithe nó brí faoi leith a fháil amach. |
| | 4. An cumas atá ag ríomhchlár nó meaisín smaoineamh agus foghlaim. |
| | 5. Tugann dlí AE ar chosaint sonraí agus príobháideachas tuilleadh ceart duit faoin gcaoi a bhfuil do chuid sonraí á n-úsáid agus cén fáth. |
| | 6. Staidéar nó scrúdú a dhéanamh ar rud éigin go cúramach agus go sonrach chun gnéithe nó brí faoi leith a fháil amach. |
| | 7. Nuair a úsáideann aipeanna nó suíomhanna gréasáin faisnéis atá bailithe acu fút le cineálacha áirithe fógraí táirgí a mheasann siad a thaitneoidh leat a thaispeáint duit. |

# Gníomhaíocht 2

## Do Lorg Sonraí

Tógadh an ghníomhaíocht seo ó Livingstone, S., Stoilova, M. and Nandagiri, R. (2019) Talking to children about data and privacy online: research methodology. Londain: Scoil Eacnamaíochta agus Eolaíochta Polaitiúla Londan.

### Céim 1

Mínigh do na scoláirí tar éis féachaint ar an mbrí atá le holltiomsú sonraí sa ghníomhaíocht roimhe seo go bhfuilimid chun súil níos géire a chaitheamh anois ar an difear a dhéanann olltiomsú sonraí dár bhfaisnéis phearsanta. Chun machnamh a dhéanamh ar an sórt faisnéise atá á bailiú fút gach uair a théann tú ar líne agus ar a bhfuil ar eolas ag an idirlíon fút.

### Céim 2

Chomh luath is a bheidh freagraí na scoláirí pléite agat mínigh do na scoláirí go mbailíonn na suíomhanna gréasáin ar a dtugann tú cuairt faisnéis faoi rudaí a bhfuil spéis agat iontu agus faoi iompar ar líne – agus as sin cruthaíonn siad próifíl díot agus na spéiseanna atá agat bunaithe ar do lorg sonraí ionas go mbeidh na fógraí a thaispeántar duit pearsanta duitse.

Iarr ar na scoláirí an bhileog oibre *Do Lorg Sonraí* a chomhlánú ar – céard atá ar eolas ag an idirlíon fútsa?

1. **Cén cineál duine thú dar leis an idirlíon?** Mar shampla, an gceapann an t-idirlíon go n-imríonn tú rugbaí toisc go leanann tú foireann rugbaí na hÉireann? An gceapann an t-idirlíon gur maith leat gach cineál popcheoil toisc gur maith leat ceol Taylor Swift?
2. **Céard nach bhfuil ar eolas aige fút?** Mar shampla, An bhfuil a fhios ag an idirlíon cén t-amhrán is fearr leat, an chuimhne is deise atá agat, an bia is fearr leat, etc.?
3. **An bhféadfadh sé a bheith mícheart fút ar aon bhealach?** Mar shampla, an mbíonn an t-idirlíon ceart i gcónaí maidir le tuar a thabhairt ar do chuid spéiseanna nó cén t-ábhar e.g. scéalta, moltaí le leanúint, fógraí, ba mhaith leat a fheiceáil ar líne?

### Céim 3

Pléigh freagraí na scoláirí agus mínigh go bhfuil sé áisiúil smaoineamh ar na cineálacha difriúla sonraí atá á mbailiú agus an chaoi ar féidir leis sin luí isteach le catagóirí éagsúla faisnéise fút e.g. – faisnéis phearsanta, faisnéis aitheantais, faisnéis leochaileach, do stair bhrabhsála gréasáin agus do chuid sainroghanna. Iarr orthu smaoineamh ar a gcuid samplaí féin dá lorg sonraí agus cé na catagóirí sonraí a d'oirfeadh dóibh.

Déan idirdhealú do na scoláirí ar thrí phríomhchineál caidrimh (nó comhthéacs) ina bhfuil an príobháideachas tábhachtach: idir duine aonair agus (i) daoine aonair nó grúpaí aonair eile ('príobháideachas idirphearsanta'); (ii) eagraíocht phoiblí nó tríú earnáil (gan beann ar bhrabús) ('príobháideachas institiúideach'); nó (iii) eagraíocht tráchtála (i gcomhair brabúis) ('príobháideachas tráchtála'). Léirithe duit sa tábla thíos:

#### Príobháideachas Idirphearsanta



**An chaoi a gcruthaítear mo 'phearsantacht sonraí', an chaoi a ndéantar iad a rochtain agus a iolrú trí mo naisc shóisialta ar líne**

| Sonraí a thugtar | Sonraí a thugtar uathu | Tátail |
|---|---|---|

#### Príobháideachas Institiúideach



**An chaoi a mbailíonn agus a láimhseálann gníomhaireachtaí poiblí cosúil leis an rialtas, agus institiúidí oideachais agus sláinte, sonraí fúm**

| Sonraí a thugtar | Loirg shonraí (taifeadta) | Sonraí a bhaintear de thátal as rud (anailísíocht) |
|---|---|---|

#### Príobháideachas Tráchtála



**An chaoi a bhfuil mo shonraí pearsanta á gcothú agus á n-úsáid chun críocha gnó agus margaíochta**

| Sonraí a thugtar | Loirg shonraí (taifeadta) | Sonraí a bhaintear de thátal as rud (próifíliú) |
|---|---|---|

### Céim 4

Tabhair amach an bhileog oibre ar lorg sonraí do na scoláirí agus téigh trí na catagóirí faisnéise sa bhileog oibre. Iarr ar na scoláirí bileog oibre a líonadh isteach.





### Céim 5

Faigh aiseolas ó na scoláirí maidir leis na catagóirí faisnéise a roinneann siad le gach eagraíocht/grúpa daoine. Ar deireadh, iarr ar na scoláirí machnamh a dhéanamh ar na cineálacha éagsúla faisnéise a roinneann siad nuair a úsáideann siad an t-idirlíon agus pléigh na rudaí ab fhearr leo a fhágáil príobháideach agus dóibh féin amháin. An ghné dhigiteach mholta, úsáid uirlisí mar Wordle (www.wordle.net) nó WordArt (www.wordart.com) chun néal domhanda a chruthú dá lorg digiteach.

## Freagraí le haghaidh catagóirí:

### Roinn le mo... Scoil, Dochtúir Teaghlaigh, Fostóir sa todhchaí

**Faisnéis Phearsanta**

— Seoladh baile
— Uimhir ghutháin
— Seoladh r-phoist
— Dáta breithe
— Inscne

**Faisnéis Leochaileach**

— Gníomhaíochtaí reiligiúnacha nó spioradálta
— Meáchan coirp
— Do mheabhairshláinte

### Roinn le mo... teagmhálacha ar líne

**Faisnéis Aitheantais**

— Dáta breithe
— Ainm iomlán
— Inscne

**Sainroghanna**

— Scannáin agus ceol is maith leat
— Bia a itheann tú
— Rudaí is maith leat a cheannach

### Roinn le... cuideachtaí (fógraíocht, próifíliú)

**Faisnéis Phearsanta**

— Seoladh baile
— Uimhir ghutháin
— Seoladh r-phoist
— Dáta breithe
— Inscne

**Sainroghanna**

— Scannáin agus ceol is maith leat
— Bia a itheann tú
— Rudaí is maith leat a cheannach

**Brabhsáil Ghréasáin**

— Suíomhanna ar ar thug mé cuairt
— Minicíocht cuairteanna
— Fógraí ar cliceáladh orthu

### A choinneáil dom féin

**Brabhsáil Ghréasáin**

— Suíomhanna ar ar thug mé cuairt
— Minicíocht cuairteanna
— Fógraí ar cliceáladh orthu

**Faisnéis Leochaileach**

— Gníomhaíochtaí reiligiúnacha nó spioradálta
— Meáchan coirp
— Do mheabhairshláinte

**Sainroghanna**

— Scannáin agus ceol is maith leat
— Bia a itheann tú
— Rudaí is maith leat a cheannach

# Bileog Oibre 3.2:

## Do Lorg Sonraí



**Céard atá ar eolas ag an idirlíon fútsa, nó céard é do lorg sonraí, mar is fearr aithne air?**
Ciallaíonn sonraí sa chomhthéacs seo do ghníomhaíocht ar líne e.g. siopadóireacht, saoire a phleanáil, postáil nó tuairim a thabhairt ar na meáin shóisialta, etc. Bailíonn na suíomhanna gréasáin ar a dtugann tú cuairt faisnéis faoi rudaí a bhfuil spéis agat iontu agus faoi iompar ar líne – agus as sin cruthaíonn siad próifíl díot agus na spéiseanna atá agat bunaithe ar do lorg sonraí ionas go mbeidh na fógraí a thaispeántar duit pearsanta duitse.

Bunaithe ar na sonraí a bailíodh fút atá bunaithe ar do ghníomhaíochtaí ar líne freagair na ceisteanna thíos.

1. Cén cineál duine thú dar leis an idirlíon?

2. Céard nach bhfuil ar eolas ag an idirlíon fút?

3. An bhféadfadh sé a bheith mícheart fút ar aon bhealach?





# Bileog oibre 3.2:

## Do Lorg Sonraí (Leathanach 2 de 2)

Smaoinigh ar na catagóirí sonraí (faisnéis) seo a leanas a fhágann tú gach uair a théann tú ar líne – cé na catagóirí a cheapann tú a fhágann tú leis na heagraíochtaí/daoine thíos agus cén fhaisnéis ab fhearr leat go bhfanfadh príobháideach agat féin amháin.

**Faisnéis Phearsanta**
Seoladh baile
Uimhir theileafóin
Seoladh ríomhphoist
Dáta breithe
Inscne

**Faisnéis Leochaileach**
Gníomhaíochtaí reiligiúnacha/spioradálta
Meáchan coirp
Do mheabhairshláinte

**Brabhsáil Ghréasáin**
Suíomhanna ar ar thug mé cuairt
Minicíocht na gcuairteanna
Fógraí ar cliceáladh orthu

**Sainroghanna**
Scannáin agus ceol is maith leat
Bia a itheann tú
Rudaí is maith leat a cheannach

| Roinn le mo... scoil, dochtúir teaghlaigh, fostóir sa todhchaí | Roinn le... cuideachtaí (fógraíocht, próifíliú) |
|---|---|
| | |

| Roinn le mo... teagmhálacha ar líne | Coinnigh dom féin... |
|---|---|
| | |

# Gníomhaíocht 3

## Cén chaoi a n-úsáidfidh cuideachtaí do lorg sonraí?

**Obair baile**

Abair leo go gcaithfidh siad i gcomhair obair baile dul siar ar leathanach acmhainní Ceangailte www.webwise.ie/connected agus dul chuig an rannóg Conas do shonraí a rialú chun leideanna simplí a fháil faoin gcaoi le cabhrú le teorainn a chur leis an méid a rianaítear fút. Cruthaigh póstaer/grafaic faisnéise ag tabhairt sonraí faoi na cúig leid is mó chun teorainn a chur le do lorg sonraí. Bheadh an suíomh gréasáin do dhearadh grafaicí Canva nó Stencil áisiúil sa chás seo.

### Céim 1

Mínigh do na scoláirí go léiríonn an tábhacht níos mó agus níos mó atá le holltiomsú sonraí i réimse leathan tionscal (idir chúram sláinte agus iompar, fhuinneamh, mhiondíol, etc.) na hathruithe gasta atá ar an méid sonraí atá á mbailiú againn, agus na bealaí ina bhfuilimid ag úsáid na sonraí sin. Sa ghníomhaíocht seo leanfaimid ag féachaint ar an gcaoi a n-úsáideann cuideachtaí do lorg sonraí. Tabhair amach an triail iomlánaithe Cén chaoi a n-úsáideann cuideachtaí do lorg Olltiomsaithe sonraí? (Bileog oibre 3.3). Léigh an triail iomlánaithe sula gcuireann tú an físeán Olltiomsú sonraí Mínithe de chuid Webwise ar siúl. Abair leis na scoláirí go bhfreagróidh siad an Triail Iomlánaithe tar éis dóibh féachaint ar an bhfíseán. Tar éis dóibh féachaint ar an bhfíseán tabhair triail do na scoláirí chun an triail iomlánaithe a fhreagairt.

### Céim 2

Téigh trí fhreagraí na scoláirí ar an triail iomlánaithe Cén chaoi a n-úsáideann cuideachtaí do lorg Olltiomsaithe sonraí? Téigh siar leis na scoláirí ar na trí chineál sonraí a bhaineann le do shonraí pearsanta:

→ **ar dtús, na sonraí a thugann tú do chuideachtaí; ansin, na sonraí a ghineann na haipeanna, na hardáin, na seirbhísí agus na suíomhanna gréasáin a úsáideann tú fút agus ar deireadh, sonraí maidir leat a gineadh ó shonraí eile fút (próifíliú).**

Abair arís is arís leis na scoláirí go n-úsáideann cuideachtaí an fhaisnéis a ghintear ó do lorg sonraí chun a gcuid táirgí a dhearadh agus a mhargú de réir do chuid spéiseanna agus táimid chun féachaint ar an gcaoi a ndéanann siad é sin.

### Céim 3

Cuir na scoláirí i ngrúpaí de thriúr. Tabhair amach an bhileog oibre Ag Úsáid Sonraí Custaiméirí agus léigh í in éineacht leis na scoláirí. Meabhraigh do na scoláirí go bhfuil sé tábhachtach smaoineamh ar an tionchar a bheidh ag na sonraí a bailíodh óna gcuid custaiméirí ar an dearadh a dhéanfaidh siad ar na táirgí. Spreag na scoláirí chun uirlisí deartha digitigh a úsáid ar nó Canva (www.canva.com) nó Stencil (www.getstencil.com) chun a dtáirge a chruthú agus a chur i láthair.

### Céim 4

Nuair a bheidh an bhileog oibre líonta isteach ag na scoláirí, iarr ar na grúpaí a gcuid táirgí a roinnt leis an rang. Abair leis na scoláirí go bhfuil sé tábhachtach a mhíniú an chaoi a raibh tionchar ag na sonraí tomhaltóirí ar a gcuid cinntí maidir le dearadh a gcuid táirgí.

Dírigh níos mó ar scileanna smaointeoireachta criticiúla – ní chruthaítear brí le sonraí – muidne a dhéanann é sin. Tá sé tábhachtach comhthéacs a thabhairt do na sonraí.

### Céim 5

Scríobh ar an gclár bán na rudaí dearfacha agus na míbhuntáistí atá le cuideachtaí a bheith ag úsáid do shonraí pearsanta. Fanadh na scoláirí ina gcuid grúpaí, agus iarr orthu sin smaoineamh ar trí mholadh ar a laghad maidir le gach ceann. Roinnt moltaí: ciallaíonn sé go bhfaigheann tú táirge/seirbhís a oireann do chuid riachtanais, cuidíonn sé le go n-oibreoidh táirgí níos fearr ach uaireanta freisin cuireann sé ina luí ar dhaoine rudaí a cheannach nach dteastaíonn uathu in aon chor agus/nó nach bhfuil siad in acmhainn a cheannach; níl aon smacht ar cé a fheiceann a gcuid sonraí – cé leis a roinntear a gcuid sonraí.

Meabhraigh do na scoláirí toisc an luach a chuireann cuideachtaí ar olltiomsú sonraí agus ar shonraí pearsanta anois, nach amháin gurb iad na daoine an tomhaltóir anois ach is iad an táirge freisin. Nuair a bhíonn an táirge saor in aisce (e.g. seirbhísí ríomhphoist, ardáin meán sóisialta) – is tusa an táirge.

### Céim 6

Ar deireadh, abair leis na scoláirí más mian leo teorainn a chur leis an bhfaisnéis a bheidh ag cuideachtaí faoina gcuid iompair, go bhfuil rudaí ann is féidir leo a dhéanamh e.g. do stair bhrabhsála a scriosadh agus fianáin a dhíchumasú.





# Bileog Oibre 3.3:

## Triail Iomlánaithe – Cén chaoi a n-úsáideann cuideachtaí do lorg sonraí?

Léigh an téacs thíos agus líon isteach na focail atá ar iarraidh chun do thuiscint a sheiceáil.

### Do Shonraí Pearsanta

Go bunúsach, féadtar do shonraí pearsanta ar fad a roinnt i dtrí cinn de chineálacha ginearálta:

An chéad cheann ná na sonraí a thugann tú féin do ___________________. Mar shampla, an seoladh a thug tú do bhialann beir leat nó d'ainm agus d'aois do Netflix. Tá a fhios agat faoi seo ar fad cheana féin.

Baineann an dara catagóir leis na sonraí a chruthaíonn na haipeanna, na seirbhísí agus na suíomhanna gréasáin a úsáideann tú fút. Mar shampla, baileoidh Uber na mílte comhordanáidí GPS ó d'fhón agus a aip ar oscailt agat. Cuirfidh suíomhanna gréasáin comhaid bheaga ar a dtugtar '________________________' ar do ríomhaire chun na rudaí a chuardaíonn tú agus an méid ama a chaitheann tú ag féachaint orthu a rianú.

Is é an tríú catagóir an cineál is rúndiamhaire ar fad: sonraí fút féin atá cruthaithe ó shonraí eile ______________________________ leat. D'fhéadfadh sé go ndearna comhlachtaí iarracht an cineál éadaí a thaitníonn leat, cibé acu an dtéann tú go dtí an giomnáisiam, etc., a thuar. B'fhéidir go n-úsáidfidís sonraí chun thú a chur i gcatagóir amhail 'iarrthóir grá', 'tóraitheoir smaointe' nó 'óg agus ag streachailt.'

**Banc Focal:**
**fianáin | maidir | chuideachtaí**

### Fógraíocht Spriocdhírithe

Tá na sonraí sin ar fad ann ar roinnt cúiseanna éagsúla. ________________________ sonraí ó na seirbhísí a úsáideann tú chun go n-oibreoidh siad i gceart. Ní mór do shuíomh gréasáin an cineál ríomhaire atá agat a bheith ar eolas aige. Is gá do Uber fios a bheith aige cá bhfuil tú. Ach d'fhéadfadh brabús a bheith ag baint le sonraí pearsanta freisin.

Ceann de na húsáidí is mó a bhaintear as sonraí ná le haghaidh 'fógraíocht ________________'. Is féidir codanna éagsúla de do shonraí ___________________ – stair meán sóisialta, brabhsála, tomhaltóra – a chur le chéile chun tuairim faoi do spéiseanna, na rudaí atá uait, agus má tá sé d'acmhainn agat iad a fháil, a thabhairt do lucht fógraíochta.


Ciallaíonn an fhógraíocht spriocdhírithe nach gcaithfimid ______________________ as seirbhísí amhail Gmail nó Instagram. Ach tagann roinnt ceisteanna eiticiúla chun cinn mar gheall uirthi atá fós á bplé sa lá atá inniu ann. Insíonn sonraí pearsanta i bhfad níos mó fút ná mar a bhíonn an-chuid daoine ag súil leis. I gcás clúiteach, bhain ollmhargadh sna Stáit Aontaithe úsáid as sonraí lena bhfuair siad amach go raibh siopadóir ag iompar clainne sula raibh a fhios ag a hathair féin faoi. Ar an lámh eile, áfach, d'fhéadfadh sonraí fút a bheith go hiomlán _______________________: ag tabhairt léiriú éagothrom ort mar riosca iasachta, mar shampla, rud a chuirfeadh bac ort ó iasacht a fháil go deo chun carr nó teach a cheannach.

**Banc Focal:**
**mícheart | spriocdhírithe | teastaíonn | pearsanta | íoc**

## An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS)

Tá sé an-deacair fios a bheith agat cé na sonraí a chruthaítear fút, céard air a bhfuil siad bunaithe agus cén chaoi a dtéann siad ó dhuine go duine. Ciallaíonn sé sin gur minic nach mbíonn mórán ________________ againn ar na sonraí a bhailítear agus ar céard a tharlaíonn dóibh ina dhiaidh sin. Ar chliceáil tú riamh ar an ollchnaipe glas sin chun glacadh leis na fianáin go léir ar an mbrabhsálaí? Níl dabht ach gur chliceáil; is é an rogha is éasca é. Ach ar léigh tú na ________________________ agus na coinníollacha iomlána sa chló beag bídeach a insíonn duit céard a tharlaíonn do do chuid sonraí riamh? Níor léigh ná baol air.


Is é an dea-scéala ná go dtugann dlí – darb ainm an Rialachán Ginearálta maidir le ________________________ Sonraí – níos mó cearta duit anois ionas go mbeidh a fhios agat cén chaoi a n-úsáidtear do shonraí agus faoin gcúis a n-úsáidtear iad. Is ionann cearta sonraí agus cearta daonna, agus, ar aon dul leis an úsáid a bhaintear as na sonraí féin, níor go mbeadh aon mhistéir ag baint leo d'aon duine.



**Banc Focal:**
**Cosaint | téarmaí | smachta**



# Bileog Oibre 3.4:
## Ag Úsáid Sonraí Tomhaltóirí




Tá sé i gceist ag an gcuideachta éadaí ar líne Faisean Fíneálta táirge úrnua a sheoladh. Tá d'fhoireann freagrach as an mbailiúchán nua a sheolfar a dhearadh.


Déan anailís ar na sonraí a bailíodh ó chustaiméirí Faisean Fíneálta le cinneadh a dhéanamh cén cineál táirge is mian leat a dhearadh (cótaí, gúnaí, léinte, cultacha, bróga, oiriúintí nó rud éigin eile) agus na sonraí a bheidh san áireamh ann. Ansin leag amach an dearadh a bheidh ar do tháirge. Féadfaidh tú íomhá a tharraingt, a chruthú nó a chóipeáil ag úsáid suíomh gréasáin deartha-uirlise ar nós Canva (www.canva.com) nó stencil (www.getstencil.com).

Tá tú chun cur i láthair a dhéanamh ar an táirge nua atá le seoladh agus míneoidh tú cén chaoi a raibh tionchar ag na sonraí a bailíodh ó chustaiméirí Faisean Fíneálta ar do chinntí maidir le dearadh do tháirge.

### Sonraí Tomhaltóirí a bailíodh ó chustaiméirí Faisean Fíneálta:

- Tagann formhór na gcustaiméirí go Faisean Fíneálta chun t-léinte a bhfuil manaí orthu a cheannach.
- Ceannaíonn formhór chustaiméirí Faisean Fíneálta hataí, oiriúintí, agus bróga freisin.
- Is t-léinte dubha, bána nó dearga formhór na t-léinte manaí a cheannaítear.
- Tá cónaí ar an gcuid is mó de chustaiméirí Faisean Fíneálta i gcathracha in Éirinn, sa Ríocht Aontaithe, san Astráil agus sa Nua-Shéalainn.
- Freastalaíonn an chuid is mó de chustaiméirí Faisean Fíneáltad go minic ar cheolchoirmeacha agus ar fhéilte (faoi dhó sa bhliain ar a laghad).

### Dear do Tháirge



# Gníomhaíocht 4

## Díospóireacht Siúil

### Céim 1

Cuir na comharthaí Aontaím agus Ní Aontaím ar gach aon taobh den seomra sula dtosaíonn sibh. Bailigh na scoláirí uile le chéile ansin i lár an tseomra.

### Céim 2

Abair leis na scoláirí gur díospóireacht siúil é seo agus go bhfuil tú chun ráiteas a léamh amach, agus go gcaithfidh siad cinneadh cibé an aontaíonn nó nach n-aontaíonn siad leis, agus cén fáth. Léigh amach an ráiteas thíos agus abair leis na scoláirí a thabhairt le fios cé acu *AN AONTAÍONN* nó *NACH N-AONTAÍONN* siad leis an ráiteas trí sheasamh faoi na comharthaí aontaím nó ní aontaím:

> ***"Ar cheart cead a thabhairt do chuideachtaí agus d'eagraíochtaí sonraí príobháideacha a roinnt mar luach saothair?"***

### Céim 3

Iarr aiseolas ó na scoláirí tar éis an ráiteas a léamh. Fiafraigh díobh cén fáth ar ghlac siad leis an seasamh a ghlac siad? Cén fáth a n-aontaíonn nó nach n-aontaíonn siad leis an ráiteas?

### Céim 4

Nuair a bheidh tuairimí cloiste agat ó roinnt scoláirí ón dá thaobh fiafraigh cibé an bhfuil a seasamh athraithe ag aon scoláire bunaithe ar an méid a dúirt daoine eile. Má tá, bogaidís isteach sa spás sin agus insint dúinn cén fáth ar shocraigh siad bogadh.

### Ráitis mholta eile:

> ***"Ba cheart go mbeadh deis ag cuideachtaí brabús a dhéanamh ó mo chuid sonraí má táim toilteanach iad a thabhairt dóibh chun a dtáirge a úsáid – Ní leatsa do chuid sonraí (faisnéis a thugann tú gan teorainn nuair a úsáideann tú aipeanna, nuair a dhéanann tú cuardach Google agus nuair a cheannaíonn tú rudaí ar líne, etc.) díreach mar gheall gur fútsa iad!***

> ***"Ar cheart do chuideachtaí meán sóisialta a bheith freagrach/cuntasach as an ábhar (e.g. ábhar maslach nó fógraí polaitiúla) a fhoilsítear ar a gcuid ardáin?"***





# Modúl 4:

## Mo Chearta Ar Líne

**Croí-choincheap:** Tá sé d'aidhm leis an modúl seo feasacht agus eolas ar chearta daoine óga ar líne a mhéadú, e.g. an ceart go ligfí i ndearmad iad, príobháideachas, an ceart chun faisnéise, etc. Déantar iniúchadh ann ar an gcreat dlíthiúil a thugann cosaint do chearta daoine óga ar líne agus breithnítear na freagrachtaí agus na rioscaí a chuirtear i láthair nuair a úsáideann daoine óga na meáin shóisialta.

### Rúin foghlama:

Tugann an modúl seo deis do na scoláirí machnamh a dhéanamh ar na dlíthe maidir le cearta agus príobháideachas ar líne agus iad a thuiscint. Léireoidh na scoláirí tuiscint ar phríobháideachas agus ar chearta ar líne trí thaighde a dhéanamh agus quiz a fhorbairt maidir le cearta agus freagrachtaí ar líne.

### Naisc churaclaim:

Gearrchúrsa Litearthachta ar na Meáin Dhigiteacha: Snáithe 4: Mé féin a fhoilsiú.

**4.1** Breac-chuntas a thabhairt ar na deiseanna agus na rioscaí atá ann mar gheall ar dhaoine óga a bheith ag úsáid líonraí sóisialta

**4.2** Cearta daoine óg ar líne a thaifeadadh – an ceart ar eolas, ar shaoirse cainte, cosaint mionúr, agus ról tuismitheoirí, rialtas agus na sochaí sibhialta a gcearta a fhorfheidhmiú

**4.3** Coincheap an phríobháideachais a phlé agus a fheidhmiú ag daoine óga ar líonraí sóisialta

### Acmhainní a theastaíonn:

- Bileoga oibre 4.1, 4.1A, 4.2, 4.3, 4.4, 4.5 & 4.6
- Pictiúr de dhaoine cáiliúla le haghaidh Ghníomhaíocht 3: Céard is príobháideachas ann?

### Modheolaíochtaí:

Smaoinígí-téigí i mbeirteanna-roinnigí, tobsmaointeoireacht, foghlaim bunaithe ar fhiosrú, eochairfhocail agus príomhtheachtaireachtaí a bhunú, foghlaim ghníomhach, quiz, díospóireacht siúil, míreanna mearaí

### Teicneolaíochtaí digiteacha a leabú:

Is féidir le scoileanna a bhfuil fáil acu ar fhearais dhigiteacha (e.g. táibléid, ríomhairí glúine, fón) freagraí na scoláirí maidir le gníomhaíochtaí plé ábhartha a ghabháil ag úsáid uirlisí gréasán-bhunaithe éagsúla (e.g. Timpeallacht Fhíorúil Foghlama na scoile, Mentimeter, Flipgrid, etc). B'fhiú freisin iarraidh ar na scoláirí seat den scáileán a ghlacadh de thascanna ábhartha atá curtha i gcrích acu agus é sin a shábháil ina bpunann dhigiteach féin (fillteán) mar thaifead ar a gcuid oibre ar feadh an chúrsa. Is féidir leis na scoláirí a dtuiscint ar chearta agus ar dhlíthe a léiriú trí quiz ar líne a fhorbairt dá gcomhscoláirí le huirlisí digiteacha (e.g. Google/ foirmeacha 365, Survey Monkey, Quiz Maker, Kahoot, Wizer.me, etc.).

### An modúl seo a idirdhealú:

Ag brath ar an gcineál riachtanais atá ag an scoláire, b'fhéidir go mbeadh gá ceachtanna tiomnaithe a thabhairt don scoláire roimh an modúl seo d'fhonn an teanga chasta a bhaineann leis an ábhar a dhíchódú agus a mhíniú. B'fhéidir go mbeadh deacracht ag roinnt scoláirí teanga mar 'dúshaothrú' a thuiscint agus a úsáid. Tugtar stór focal d'fhocail mholta le haghaidh na gníomhaíochta a bheidh le comhlánú do scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu. Is é is aidhm leis sin croí-choincheapa an mhodúil a nochtadh agus ciallaíonn sé sin dá réir sin go mbeidh an teanga níos intuigthe. Moltar go ndéanfaí meastóireacht ar an stór focal i ndiaidh an teagaisc chun foghlaim an scoláire a atreisiú.

D'fhéadfadh scafláil shuntasach a bheith de dhíth chun cur ar chumas scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu a bheith rannpháirteach i nGníomhaíocht 2: Cearta ar líne a bhreithniú. D'fhéadfadh ceachtanna faoi leith a bheith ag teastáil chun an coincheap maidir le cearta a mhíniú do scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, ag brath ar na riachtanais atá acu. Tugtar bileoga oibre idirdhealaithe (leaganacha 'a') chun cuidiú le scoláirí a bhféadfadh deacrachtaí a bheith acu lena gcuimhne nó atá mall ag próiseáil rudaí agus iad ag iarraidh ciall a bhaint as na príomhphointí. D'fhéadfadh deacracht a bheith ag scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu léamh os ard, ná cuir brú ar scoláirí aonair léamh os ard.

D'fhéadfadh Treoirlínte CNCM do scoláirí faoi mhíchumas foghlama éadrom a bheith áisiúil freisin do mhúinteoirí: www.ncca.ie/en/resources/pp_spee_cspe

# Gníomhaíocht 1

## Machnamh a Dhéanamh ar Chearta ar Líne

### Céim 1

Fiafraigh de na scoláirí cén bhrí a bhaineann siad as an téarma "cearta". D'fhéadfaí rogha dhigiteach eile a úsáid, e.g. uirlis ar nós Mentimeter nó Kahoot chun dhá cheann de na ceisteanna thíos a fhreagairt le teacht ar an mbunús le haghaidh plé uile-ranga agus chun an réamhfhoghlaim a leagan amach.

**Tagairt do dhlíthe agus do chearta**

Fiafraigh cibé an bhfuil a fhios acu cén sórt dlíthe/bunreachtaí/comhaontuithe idirnáisiúnta atá ann a thugann cosaint dá gcearta. Bíodh sé mar aidhm an t-eolas seo a leanas a fháil ó na scoláirí: Bunreacht na hÉireann/Dearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine/Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh/An Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine.

### Céim 2

Roinn an rang i ngrúpaí agus tabhair cóip de leagan simplithe an Choinbhinsiúin um Chearta an Linbh (CRC) do gach grúpa.

### Céim 3

Beidh ar gach grúpa an Coinbhinsiún a léamh agus na cearta, dar leo, is mó atá bainteach leis na meáin nua a aithint. Beidh orthu cúiseanna a thabhairt do gach rogha.

### Céim 4

Iarr ar na scoláirí, agus iad i ngrúpaí de bheirt nó de thriúr, ceann de na cearta beartaithe sa CRC a athscríobh ar bhileog A4 agus é a chrochadh áit éigin sa seomra, ag smaoineamh air mar cheart ar líne ar cheart go mbeadh gach leanbh ina theideal.

### Céim 5

Cuir ceist ar gach scoláire ansin faoin gciall a bhaineann siad as an gceart áirithe sin, faoin bhfáth a ndearna siad an rogha áirithe sin, agus iarr orthu cur síos a dhéanamh ar scéal nó ar thuairisc nuachta atá ar eolas acu nó ar ócáid ar bhain leo go pearsanta, inar sáraíodh an ceart sin nó inar cuireadh an ceart sin chun cinn.

### Céim 6

Athdhéan an ghníomhaíocht ag baint úsáid as critéir eile, trí, mar shampla, na cearta seo a leanas a roghnú: an ceart is lú tionchar orthu; an ceart a bheadh le scriosadh, dar leo; an ceart is minice a sháraítear ar líne; agus mar sin de.

### Obair baile

Don obair baile, iarr ar na scoláirí ceann amháin de na cearta a roghnaigh an rang a roghnú. Iarr orthu léiriú a dhéanamh ar an dóigh a mbíonn an ceart sin i mbaol i bhfoirm pictiúir, colláise d'íomhánna nó scéil.





# Bileog oibre 4.1

## Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (CRC) — Achoimre



Arna athsholáthar le caoinchead ó UNICEF (www.unicef.ie).

Is ráiteas idirnáisiúnta é Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh maidir le cearta sibhialta, polaitíochta, eacnamaíocha, sóisialta agus cultúrtha an linbh. Ghlac Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe leis an gCoinbhinsiún agus d'oscail siad é lena shíniú an 20 Samhain 1989 (cothrom 30 bliain den Dearbhú um Chearta an Linbh).

Ghlac Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe leis an gCoinbhinsiún um Chearta an Linbh sa bhliain 1989. Seo an conradh um chearta an duine is forleithne daingnithe a bhí ann riamh.

### Airteagail an CRC:

**Airteagal 1**
**Sainmhíniú ar leanbh**
Is é is brí le leanbh gach duine daonna atá faoi bhun ocht mbliana déag d'aois.

**Airteagal 2**
**Neamh-Idirdhealú**
Tá na cearta seo ag gach leanbh beag beann ar cé hiad, cá bhfuil siad ina gcónaí, gairm bheatha a dtuismitheoirí, an teanga a labhraíonn siad, cibé acu an buachaillí nó cailíní iad, a gcultúr, cibé acu an bhfuil siad faoi mhíchumas nó nach bhfuil, nó cibé acu an bhfuil siad saibhir nó bocht. Níor cheart caitheamh go míchothrom le haon leanbh ar aon chúis.

**Airteagal 3**
**Leasanna is Fearr an Linbh**
Nuair a dhéanann daoine fásta cinntí, ba cheart go gcuirfidís san áireamh conas a rachadh na cinntí sin i bhfeidhm ar leanaí. Ba cheart do gach duine fásta a ndícheall a dhéanamh do leanaí. Ba cheart do rialtais a chinntiú go bhfuil cosaint ag leanaí agus go dtugann a dtuismitheoirí aire dóibh, nó daoine eile nuair is gá sin. Ba cheart do rialtais a chinntiú go bhfuil daoine agus áiteanna atá freagrach as aire a thabhairt do leanaí á dhéanamh go maith.

**Airteagal 4**
**Cearta a Chosaint**
Ní mór do rialtais gach rud is féidir leo a dhéanamh le cinntiú gur féidir le gach leanbh ina dtír leas a bhaint as na cearta uile sa Choinbhinsiún seo.

**Airteagal 5**
**Treoir ó Thuismitheoirí**
Ba cheart do rialtais ligean do theaghlaigh agus do phobail a gcuid leanaí a threorú ionas go bhfoghlaimeoidh siad, de réir mar a bheidh siad ag teacht aníos, lena gcearta a úsáid ar an mbealach is fearr. Dá mhéad a fhásann leanaí, is amhail is lú treoir a bheidh de dhíth orthu.

**Airteagal 6**
**Marthanas agus Forbairt**
Tá ceart bunúsach ag gach leanbh chun a bheatha. Ní mór do rialtais a chinntiú go dtagann leanaí slán agus go bhforbraíonn siad ar an mbealach is fearr.

**Airteagal 7**
**Clárú, Ainm, Náisiúntacht, Cúram**
Caithfear leanaí a chlárú nuair a bheirtear iad, agus ainm a bheith orthu atá aitheanta go hoifigiúil ag an rialtas. Ní mór do leanbh náisiúntacht a bheith aige (go mbainfeadh sé le tír áirithe). Nuair is féidir, ba cheart go mbeadh aithne ag leanaí ar a dtuismitheoirí agus ba cheart go dtabharfadh a dtuismitheoirí aire dóibh.

**Airteagal 8**
**Caomhnú Céannachta**
Tá ceart maidir lena n-aitheantas féin ag leanaí – taifead oifigiúil díobh féin agus cé hiad féin ina bhfuil a n-ainm, a náisiúntacht agus a gcaidrimh sa teaghlach. Níor cheart d'aon duine é sin a bhaint díobh, ach má tharlaíonn sé sin, ní mór do rialtais cabhrú le leanaí a n-aitheantas a fháil ar ais go tapa.

**Airteagal 9**
**Scaradh ó Thuismitheoirí**
Níor cheart leanaí a scaradh óna dtuismitheoirí seachas mura bhfuil cúram ceart á fháil acu – mar shampla, má ghortaíonn tuismitheoir leanbh nó mura dtugann sé aire don leanbh. Ba cheart do leanaí nach bhfuil a dtuismitheoirí ina gcónaí le chéile a bheith fós i dteagmháil leis an mbeirt tuismitheoirí mura ndéanfadh sé sin díobháil don leanbh.

**Airteagal 10**
**Teaghlaigh a Athaontú**
Má tá cónaí ar leanbh i dtír dhifriúil lena thuismitheoirí, ní mór do rialtais ligean don leanbh agus do na tuismitheoirí taisteal ionas gur féidir leo a bheith i dteagmháil lena chéile agus a bheith le chéile.

**Airteagal 11**
**Fuadach agus Gáinneáil**
Ní mór do rialtais leanaí a stopadh óna dtabhairt amach as an tír nuair atá sé sin in aghaidh an dlí – mar shampla, nuair a dhéanann duine iad a fhuadach nó nuair a choimeádann tuismitheoir iad thar lear nuair nach n-aontaíonn an tuismitheoir eile leis sin.

**Airteagal 12**
**Meas ar Thuairimí an Linbh**
Tá sé de cheart ag leanaí a gcuid tuairimí a thabhairt go hoscailte ar cheisteanna a dhéanann difear dóibh. Ba cheart do dhaoine fásta éisteacht le leanaí agus aird a thabhairt orthu i ndáiríre.

**Airteagal 13**
**Saoirse chun Tuairimí a Nochtadh**
Tá sé de cheart ag leanaí na rudaí a fhoghlaimíonn siad, a smaoiníonn agus a mhothaíonn siad a roinnt go hoscailte le daoine eile, trí bheith ag caint, ag tarraingt, ag scríobh nó ar aon bhealach eile mura ndéanann sé dochar do dhaoine eile.

**Airteagal 14**
**Saoirse Smaointeoireachta, Coinsiasa agus Reiligiúin**
Is féidir le leanaí a gcuid smaointe, tuairimí agus reiligiún féin a roghnú, ach níor cheart dó sin daoine eile a stopadh ó thairbhe a bhaint as a gcuid ceart. Is féidir le tuismitheoirí a gcuid leanaí a threorú agus de réir mar a fhásann siad aníos, foghlaimeoidh siad chun an ceart sin a úsáid mar is cóir.

**Airteagal 15**
**Saoirse Comhlachais**
Is féidir le leanaí dul isteach i ngrúpaí nó in eagraíochtaí, nó iad a bhunú, agus is féidir leo bualadh le daoine eile, chomh fada is nach ndéanann sé sin dochar do dhaoine eile.

**Airteagal 16**
**Ceart chun Príobháideachais**
Tá ceart chun príobháideachais ag gach leanbh. Ní mór don dlí príobháideachas, teaghlaigh, áras an teaghlaigh, cumarsáid agus dea-cháil (nó dea-ainm) na leanaí a chosaint ar aon ionsaí.

**Airteagal 17**
**Rochtain ar Fhaisnéis ó na Meáin Chumarsáide**
Tá sé de cheart ag leanaí faisnéis a fháil ón idirlíon, raidió, teilifís, nuachtáin, leabhair agus foinsí eile. Ba cheart do dhaoine fásta a chinntiú nach bhfuil an fhaisnéis atá siad a fháil díobhálach. Ba cheart do rialtais na meáin a spreagadh chun faisnéis a roinnt ó lear mór foinsí difriúla, i dteangacha is féidir le gach leanbh a thuiscint.

**Airteagal 18**
**Freagrachtaí na dTuismitheoirí; Cúnamh ón Stát**
Is iad na tuismitheoirí na príomhdhaoine atá freagrach as leanbh a thógáil. Nuair nach mbeidh aon tuismitheoir ag an leanbh, beidh an cúram sin ar dhuine fásta eile agus tugtar "caomhnóir" ar an duine sin.

Ba cheart do thuismitheoirí agus do chaomhnóirí smaoineamh i gcónaí ar an leas is fearr don leanbh sin. Ba cheart do rialtais cabhrú leo. Nuair a bheidh an bheirt tuismitheoirí ag leanbh, ba cheart go mbeadh an bheirt acu freagrach as an leanbh a thógáil.

**Airteagal 19**
**Cosaint ar Gach Cineál Foréigin**
Ní mór do rialtais cosaint a thabhairt do leanaí ar fhoréigean, mí-úsáid agus faillí ó dhuine ar bith a thugann aire dóibh.

**Airteagal 20**
**Cosaint Leanaí Gan Teaghlaigh**
Tá sé de cheart ag gach leanbh nach féidir lena theaghlach féin aire a thabhairt dó go dtabharfadh daoine aire dó, daoine a bhfuil meas acu ar reiligiún, cultúr, teanga agus ar ghnéithe eile dá shaol.

**Airteagal 21**
**Uchtú**
Nuair a dhéantar leanaí a uchtú, an rud is tábhachtaí ná an rud is fearr a dhéanamh dóibh. Mura féidir aire cheart a thabhairt do leanbh ina dtír féin – trí chónaí le teaghlach eile mar shampla – ansin d'fhéadfaí é a uchtú i dtír eile.

**Airteagal 22**
**Leanaí ar Dídeanaithe Iad**
Ba cheart do leanaí a bhogann óna dtír dhúchais go dtí tír eile mar dhídeanaithe (toisc nach raibh sé sábháilte acu fanacht ann) cúnamh agus cosaint a fháil agus na cearta céanna a bheith acu is atá ag leanaí a rugadh sa tír sin.

**Airteagal 23**
**Leanaí faoi Mhíchumas**
Ba cheart do gach leanbh faoi mhíchumas an saol is fearr is féidir a bheith aige sa tsochaí. Ba cheart do rialtais fáil réidh le gach srian atá os comhair leanaí faoi mhíchumas ionas go mbeidh siad neamhspleách agus páirteach go gníomhach sa phobal.

**Airteagal 24**
**Sláinte agus Seirbhísí Sláinte**
Tá sé de cheart ag leanaí an cúram sláinte is fearr a fháil, uisce glan le hól, bia sláintiúil agus timpeallacht ghlan agus shábháilte le maireachtáil ann. Ba cheart go mbeadh eolas faoin gcaoi le fanacht sábháilte agus sláintiúil ag gach duine fásta agus leanbh.

**Airteagal 25**
**Athbhreithniú ar Chóireáil i gCúram**
Ba cheart do gach leanbh a cuireadh in áit éigin nach é a bhaile é – ar mhaithe lena chúram, chosaint nó shláinte – athbhreithniú a fháil ar a chás go rialta le feiceáil an bhfuil gach rud i gceart agus arb é sin an áit is fearr don leanbh a bheith fós.



**Airteagal 26**
**Slándáil Shóisialach**
Ba cheart do rialtais airgead nó tacaíocht eile a sholáthar chun cabhrú le leanaí ó theaghlaigh bhochta.

**Airteagal 27**
**Caighdeán Maireachtála Leormhaith**
Tá sé de cheart ag leanaí bia, éadaí agus áit shábháilte le cónaí a bheith acu ionas gur féidir leo forbairt ar an mbealach is fearr. Ba cheart don rialtas cabhrú le teaghlaigh agus le leanaí nach bhfuil in acmhainn an méid sin a fháil.

**Airteagal 28**
**Ceart chun Oideachais**
Tá ceart chun oideachais ag gach leanbh. Ba cheart go mbeadh an bhunscolaíocht saor in aisce. Ba cheart go mbeadh meánscolaíocht agus ardoideachas ar fáil do gach leanbh. Ba cheart leanaí a spreagadh le dul ar scoil go dtí an leibhéal is airde. Ba cheart go mbeadh ómós ag smacht sna scoileanna ar cheart leanaí agus níor cheart úsáid a bhaint as foréigean riamh.

**Airteagal 29**
**Aidhmeanna an Oideachais**
Ba cheart d'oideachas leanaí cabhrú leo a bpearsantachtaí, a dtallanna agus a gcumais a fhorbairt go hiomlán. Ba cheart dó múineadh dóibh lena gcearta féin a thuiscint, agus meas a bheith ar chearta, ar chultúir agus ar dhifríochtaí daoine eile. Ba cheart dó cabhrú leo maireachtáil go síochánta agus an timpeallacht a chosaint.

**Airteagal 30**
**Leanaí de chuid Mionlach**
Tá sé de cheart ag leanaí a dteanga, a gcultúr agus a gcreideamh féin a úsáid – fiú mura roinneann formhór na ndaoine sa tír ina maireann siad iad sin.

**Airteagal 31**
**Fóillíocht, Áineas agus Cultúr**
Tá sé de cheart ag gach leanbh scíth a ligean, suaimhneas a dhéanamh, súgradh agus a bheith páirteach i ngníomhaíochtaí cultúrtha agus cruthaitheacha.

**Airteagal 32**
**Fostú Páistí**
Tá sé de cheart ag leanaí cosaint a fháil ar obair chontúirteach a dhéanamh nó ar obair atá go dona dá gcuid oideachais, sláinte nó dá bhforbairt. Má oibríonn leanaí, tá sé de cheart acu a bheith sábháilte agus íocaíocht chothrom a fháil.

**Airteagal 33**
**Mí-úsáid Drugaí**
Ní mór do rialtais leanaí a chosaint ar dhrugaí díobhálacha a thógáil, a dhéanamh, a iompar nó a dhíol.

**Airteagal 34**
**Dúshaothrú Gnéasach**
Ba cheart don rialtas leanaí a chosaint ar dhúshaothrú gnéasach (leas a bhaint astu) agus mí-úsáid ghnéasach, lena n-áirítear daoine a chuireann iallach ar leanaí caidreamh collaí a bheith acu leo ar airgead, nó pictiúir nó scannáin ghnéis a dhéanamh díobh.

**Airteagal 35**
**Fuadach**
Ní mór do rialtais a chinntiú nach ndéantar leanaí a fhuadach ná a dhíol, ná a thabhairt chuig tíortha nó áiteanna eile le dúshaothrú a dhéanamh orthu (leas a bhaint astu).

**Airteagal 36**
**Cineálacha Eile Dúshaothraithe**
Tá sé de cheart ag leanaí cosaint a fháil ar chineálacha eile dúshaothraithe (leas a bhaint astu), fiú mura luaitear iad sin go sonrach sa Choinbhinsiún seo.

**Airteagal 37**
**Coinneáil**
Níor cheart leanaí a líomhnaítear go bhfuil siad ag sárú an dlí a mharú, a chiapadh, caitheamh go cruálach leo, iad a chur i bpríosún go deo, ná a chur i bpríosún le daoine fásta. Ba cheart go mbeadh an príosún ar an rogha dheiridh i gcónaí agus an tréimhse a bheith chomh gearr agus is féidir i gcónaí. Ba cheart go mbeadh cúnamh dlí ag leanaí i bpríosún agus ba cheart go mbeidís in ann a bheith i dteagmháil lena muintir i gcónaí.

**Airteagal 38**
**Cogadh agus Coinbhleachtaí Armtha**
Tá sé de cheart ag leanaí cosaint a fháil i rith cogaí. Ní féidir le haon leanbh faoi 15 bliana d'aois dul san arm nó a bheith páirteach i gcogadh.

**Airteagal 39**
**Íospartaigh Leanaí a Athshlánú**
Tá sé de cheart ag leanaí cúnamh a fháil má gortaíodh iad, má rinneadh faillí orthu, má caitheadh go dona leo nó má chuir cogadh isteach orthu, ionas gur féidir leo a sláinte agus a ndínit a fháil ar ais.

**Airteagal 40**
**Ceartas d'Ógánaigh**
Tá sé de cheart ag leanaí a líomhnaítear gur sháraigh siad an dlí cúnamh dlí a fháil agus caitheamh go cóir leo. Ba cheart go mbeadh neart réiteach ann chun cabhrú leis na leanaí sin a bheith ina ndea-shaoránaigh ina bpobail. Ba cheart go mbeadh an príosún ar an rogha dheiridh.

**Airteagal 41**
**Ómós do Chaighdeáin Náisiúnta Níos Fearr**
Má thugann dlíthe tíre cosaint níos fearr do chearta leanaí ná mar a thugann an Coinbhinsiún seo, ansin ba cheart na dlíthe sin a úsáid.

**Airteagal 42**
**Eolas ar Chearta**
Ba cheart do rialtais insint go gníomhach do leanaí agus do dhaoine fásta faoin gCoinbhinsiún seo ionas go mbeidh gach duine ar an eolas maidir le cearta leanaí.

**Airteagail 43-54**
Mínítear sna hairteagail seo an obair a dhéanann rialtais, na Náisiúin Aontaithe – an Coiste um Chearta an Linbh agus UNICEF ina measc – agus eagraíochtaí eile chun a chinntiú go mbaineann gach leanbh tairbhe as a gcearta.

# Bileog oibre 4.1 A:

## Príomhstór Focal – Mo Chearta Ar Líne

Tá na príomhchoincheapa le haghaidh Mhodúl 4 iontu seo a leanas: Mo Chearta Ar Líne. Líonadh isteach an chéad ró chun samplaí a thabhairt d'fhocail a bhaineann le gach ceann ionas go mbeidh tuiscint níos fearr ar a mbrí.

Léigh an liosta focal agus líon isteach an dara ró le tuilleadh focal is dóigh leat go bhféadfadh baint a bheith acu le gach croí-choincheap sna spásanna thíos. Úsáid an banc focal atá tugtha.

**Leid:** Déan taighde ar na príomhchoincheapa le huirlisí cuardaigh ar líne

| Focail a bhaineann le **Cearta:** | |
|---|---|
| Pribhléid | Ceartas |
| | |

| Focail a bhaineann le **Saoirse:** | |
|---|---|
| Saoirse | Solúbthacht |
| | |

| Focail a bhaineann le **Tuairimí a Nochtach** *(Ceart an Linbh ar Shaoirse chun Tuairimí a Nochtadh, Airteagal 13):* | |
|---|---|
| Tuairim | Dearbhú |
| | |

| Focail a bhaineann le **Iomchuí** *(Ceart Rochtana an Linbh ar Fhaisnéis Iomchuí, Airteagal 17):* | |
|---|---|
| Úsáideach | Oiriúnach |
| | |

| Focail a bhaineann le **Dúshaothrú** *(Ceart an Linbh ar Shaoirse ó Dhúshaothrú, Airteagal 34 agus Airteagal 36):* | |
|---|---|
| Ag caitheamh go dona le duine | Díobháil |
| | |

**Banc Focal**


Caint
Teidlíocht
Neamhspleáchas
Buntáiste
Ceart
Imeaglú
Neamhrialaithe
Guthanna
Ábhartha
Éagóir





# Bileog oibre 4.1 A:

## Cearta an Linbh: Gníomhaíocht Meaitseála




**Meaitseáil Cearta an Linbh mar seo a leanas leis an gcur síos ceart.**

**Mar shampla:** A = 3

A. Saoirse Tuairimí a Nochtadh
B. Ceart chun Príobháideachais
C. Rochtain ar Fhaisnéis Iomchuí
D. Saoirse ó Dhúshaothrú

1. Ní mór do rialtais cosaint a thabhairt do leanaí ó gach cineál díobhála agus dúshaothraithe.
2. Tá an ceart chun faisnéis iontaofa a fháil ó na meáin chumarsáide ag gach leanbh. Ba cheart go gcuirfeadh na meáin shóisialta, teilifís, raidió, nuachtáin agus meáin eile faisnéis a thuigeann leanaí ar fáil. Ní mór do rialtais leanaí a chosaint ar ábhar a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh dóibh.
3. Caithfidh gach leanbh a bheith saor lena thuairim a chur in iúl agus faisnéis d'aon chineál a lorg agus a fháil chomh fada is atá sé sin de réir an dlí.
4. Tá ceart chun príobháideachais ag gach leanbh. Ba cheart go gcosnódh an dlí ceart an linbh chun saol príobháideach, teaghlaigh agus baile a chaitheamh.



# Gníomhaíocht 2

## Cearta Cosanta Sonraí ar Líne a Bhreithniú

© 2019 MediaSmarts, Ottawa, Canada, Dealing with Digital Stress, www.mediasmarts.ca curtha in oiriúint le caoinchead.

### Céim 1

Mínigh do na scoláirí go bhfuil cearta againn agus freagrachtaí orainn sa tsochaí, ach freisin go bhfuil cearta agus freagrachtaí áirithe orainn a bhaineann leis an timpeallacht ar líne. Sa chás seo breathnóimid ar na dlíthe agus ar na rialacháin atá leagtha síos chun ár sonraí pearsanta a chosaint. **Is ionann do shonraí pearsanta agus aon fhaisnéis a bhaineann leat go pearsanta nó lena n-aithneofaí thú.** Mar shampla, nuair a chuireann tú sonraí pearsanta ar fáil chun cuntas meáin shóisialta a chruthú, tá sé de dhualgas ar an gcuideachta sin cloí le dlíthe agus le rialacháin cosanta sonraí a chuireann teorainn ar an méid is féidir leo a dhéanamh le do shonraí pearsanta.

**Tá cosaint ag do shonraí pearsanta mar gheall ar dhlíthe agus rialacháin ar nós an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS), agus dlí AE maidir le cosaint sonraí agus príobháideachas a thugann tuilleadh ceart duit le fáil amach cén chaoi agus cén fáth a bhfuil do shonraí á n-úsáid.** Breathnóimid anois ar roinnt de na cearta a bhfuil cosaint acu faoi RGCS.

### Céim 2

Tabhair amach an bhileog eolais Do Chearta Cosanta Sonraí agus roinn an rang i ngrúpaí de cheathrar. Laistigh de gach grúpa, beidh gach scoláire ina shaineolaí ar cheann de na Cearta:

- An ceart maidir le heolas a fháil (trédhearcacht) (Airteagal 13 agus 14 den RGCS)
- Ceart rochtana ar do shonraí pearsanta (Airteagal 15 den RGCS)
- An ceart go ndéanfaí ceartúchán (Airteagail 16 & 19 den RGCS)
- An ceart go ndéanfaí ligean i ndearmad (léirscriosadh) (Airteagail 17 & 19 den RGCS)

Léifidh gach saineolaí agus/nó tabharfaidh sé achoimre ar a Cheart don ghrúpa agus stiúrfaidh sé plé gairid ar an gcaoi a mbaineann sé leis an úsáid a bhaineann siad as an idirlíon; ba cheart don saineolaí ar gach Ceart nótaí a ghlacadh maidir leis an bplé sin freisin. Ba cheart go mbeadh na topaicí seo a leanas sa phlé ina ndéantar scrúdú ar na bealaí a bhfuil an Ceart seo ábhartha don úsáid a bhaineann na scoláirí as an idirlíon:

- Cásanna: Cén cás ar féidir leat smaoineamh air nach n-urramaítear do chearta faoin Airteagal seo?
- Dúshláin: Cé na dúshláin a bhfuil tú in ann smaoineamh orthu a d'fhágfadh go mbeadh sé deacair na cearta faoin Airteagal seo a chinntiú?
- Teorainneacha: Céard iad na teorainneacha réasúnta do na cearta a chinntítear faoin Airteagal seo dar leat?
- Straitéisí: Céard iad na straitéisí is fearr dar leat chun a chinntiú go ndéanfar an ceart a chinntiú faoin Airteagal seo maidir le gach duine óg?

Scríobh na topaicí seo ar an gclár bán agus beidh na scoláirí in ann tagairt dóibh.

Tabhair thart ar 20 nóiméad do na scoláirí chun na ceithre Airteagal a phlé. (Féadfaidh na scoláirí an comhthéacs maidir le clárú ar shuíomhanna/aipeanna meán sóisialta a úsáid chun díriú ar a bplé).

### Céim 3

Cruthóidh na scoláirí grúpaí nua anois leis na scoláirí eile a bhí ina saineolaithe ar a nAirteagal ar leith. (Mar sin cruthóidh na scoláirí go léir a bhí i mbun an phlé ar Airteagail 13 & 14 grúpa anois, cruthóidh gach duine a bhí i mbun an phlé ar Airteagal 15 grúpa, agus mar sin de.) Roinnfidh na grúpaí saineolaithe sin torthaí a bplé agus glacfaidh cinneadh maidir leis na trí mhír i ngach catagóir (Cásanna, Dúshláin, Teorainneacha, Straitéisí) is tábhachtaí dar leosan.

### Céim 4

Fillfidh na saineolaithe anois ar a ngrúpaí bunaidh agus cuirfidh siad i láthair gach ar aontaigh siad air ina sainghrúpaí. Roghnóidh na grúpaí bunaidh anois cé acu de na ceithre Airteagal is tábhachtaí agus is ábhartha dar leosan dá n-úsáid ar líne. Ansin roghnóidh siad mír amháin i ngach catagóir is tábhachtaí dar leosan. Ag deireadh an phróisis sin beidh Airteagal amháin roghnaithe acu agus, maidir leis, an Cás, Dúshlán, Teorainn agus Straitéis amháin is dóigh leo is tábhachtaí agus is ábhartha maidir lena n-úsáid ar líne.

Iarr ar na scoláirí a roghanna a chur i láthair agus a chosaint os comhair an ranga anois, ag míniú cén fáth gurb é an tAirteagal agus an Cás, Dúshlán, Teorainn agus Straitéis ghaolmhar sin an ceann is tábhachtaí agus is ábhartha maidir lena n-úsáid ar líne.





# Bileog Oibre 4.2

## Bileog Eolais ar Chearta Cosanta Sonraí

Atáirgthe le caoinchead an Choimisinéara Cosanta Sonraí (www.dataprotection.ie). Is é an Coimisiún um Chosaint Sonraí an t-údarás náisiúnta neamhspleách in Éirinn atá freagrach as seasamh leis an gceart bunúsach atá ag daoine aonair san Aontas Eorpach a gcuid sonraí pearsanta a chosaint.

I gcomhthéacs na meán sóisialta agus sonraí pearsanta daoine óga ar líne díreoimid ar na ceithre cheart seo a leanas faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí:

**1. An Ceart Duine a Chur ar an Eolas (Trédhearcacht):**
Tá sé de cheart ag daoine aonair a bheith ar an eolas faoi bhailiú agus faoi úsáid a gcuid sonraí pearsanta. Ní mór d'eagraíochtaí faisnéis a thabhairt do dhaoine aonair ar nós an chúis a bhfuil a gcuid sonraí pearsanta á bpróiseáil, cén fad a choinneofar a gcuid sonraí pearsanta, agus cé leis a roinnfear a gcuid sonraí pearsanta. Ba cheart an fhaisnéis a chur i láthair ar bhealach gonta trédhearcach agus scríofa i dteanga shoiléir intuigthe. Tá sé sin tábhachtach go speisialta nuair is leanbh é an duine aonair. Cuirtear an fhaisnéis sin i láthair i mbeartas príobháideachais eagraíochta de ghnáth.

**2. An Ceart do Shonraí Pearsanta a Rochtain:**
Tá sé de cheart ag daoine aonair iarraidh ar eagraíocht a dheimhniú má tá aon sonraí pearsanta acu fúthu, agus cóip dá gcuid sonraí pearsanta a fháil. Tagraítear dó sin go minic mar "iarraidh rochtana" agus ba cheart go mbeadh sé éasca iarraidh rochtana a dhéanamh chuig eagraíocht. Bíonn mí amháin ag eagraíochtaí chun freagra a thabhairt ar an iarraidh sin agus ba cheart dóibh cóip dá sonraí pearsanta a thabhairt do dhaoine saor in aisce.

**3. An Ceart go ndéanfaí Ceartúchán:**
Má cheapann duine aonair go bhféadfadh a sonraí pearsanta a bheith neamhiomlán nó míchruinn, féadfaidh siad iarraidh ar an eagraíocht a bhfuil na sonraí sin ina seilbh iad a cheartú. Ní mór don eagraíocht é sin a dhéanamh gan moill mhíchuí (mí amháin de ghnáth) nó cúis a thabhairt don duine nach féidir leis cloí lena hiarraidh.

**4. An Ceart go ndéanfaí Ligean i nDearmad:**
Is féidir le duine éigin iarraidh go léirscriosfadh eagraíocht a gcuid sonraí pearsanta nuair a tharlaíonn sé, mar shampla, nach bhfuil na sonraí atá ag an eagraíocht maidir leo ag teastáil níos mó nó nuair a úsáideadh a gcuid sonraí go neamhdhleathach. Tá an ceart go ndéanfaí ligean i ndearmad ábhartha go háirithe i gcás inar thug duine cead go ndéanfaí a sonraí pearsanta a phróiseáil nuair a bhí sé ina leanbh ach atá ag iarraidh a shonraí pearsanta a bhaint níos déanaí, mar shampla ó shuíomh idirlín nó ó leathanach gréasáin.

**Gheobhaidh tú tuilleadh amach faoi obair an Choimisiúin um Chosaint Sonraí anseo: www.dataprotection.ie agus chun tuilleadh eolais a fháil ar an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí, féach ar www.eugdpr.org.**

# Gníomhaíocht 3

## Faigh na Fíricí –
## Quiz faoi Do Shaol Ar Líne

**Céim 1**

Mínigh do na scoláirí go ndíreoidh an ghníomhaíocht seo ar chearta, ar phríobháideachas agus ar an dlí ar líne. Abair leis na scoláirí nach bhfuil tú ag súil go mbeidh a fhios acu gach rud faoi chosaint sonraí nó príobháideachas ar líne. Is topaicí agus ceisteanna casta iad atá sách deacair a thuiscint. Is é is aidhm don ghníomhaíocht seo cabhrú leis na scoláirí tuiscint níos fearr a fháil ar a gcearta agus a bhfreagrachtaí ar líne.

**Céim 2**

Tabhair amach Bileog Oibre 4.3 agus iarr ar na scoláirí í a chomhlánú **Faigh na Fíricí – Quiz faoi Do Shaol Ar Líne.**

**Céim 3**

Nuair a bheidh an quiz déanta ag na scoláirí, tabhair aiseolas ar na freagraí cearta. Tabharfaidh an **bhileog Ceisteanna Coitianta** an fhaisnéis duit a theastaíonn uait chun tuilleadh faisnéise a thabhairt do na scoláirí maidir leis na freagraí cearta.





# Bileog oibre 4.3

## Faigh na Fíricí –
## Quiz faoi Do Shaol Ar Líne




**Uimh.1** **Céard dó a sheasann RGCS?**

**Uimh.2** **An féidir liom pé rud is mian liom a rá ar líne?**

**Uimh.3** **Tá sé neamhdhleathach obair duine éigin eile (pictiúir/ceol/físeán/téacs) a aimsíonn tú ar líne a úsáid gan cead a fháil ón duine sin.**

FÍOR BRÉAGACH

**Uimh.4** **Táim in ann físeán/grianghraf/taifead fuaime de dhuine éigin a phostáil ar líne gan cead a fháil ón duine sin.**

FÍOR BRÉAGACH

**Uimh.5** **Is cion é ligean ort féin gur duine eile thú ar líne.**

FÍOR BRÉAGACH

**Uimh.6** **An féidir liom clárú le haghaidh cuntas meán sóisialta má táim faoi bhun 16 bliana d'aois?**

**Uimh.7** **An féidir liom a iarraidh go ndéanfaí faisnéis fúm a bhaint den idirlíon?**

**Uimh.8** **Ar cion é ciapadh/fuathchaint ar líne?**

FÍOR BRÉAGACH

**Uimh.9** **An féidir leis na meáin shóisialta agus le cuideachtaí ar líne m'fhaisnéis a roinnt le haon duine?**

**Uimh.10** **An féidir liom mo shonraí pearsanta atá i seilbh cuideachta nó eagraíochta a fháil?**

# Bileog oibre 4.4

## Do Shaol Ar Líne – Ceisteanna Coitianta



Freagraímid roinnt ceisteanna coitianta a chuireann daoine óga faoi chearta ar líne agus úsáid an idirlín.

**1 Céard dó a sheasann RGCS?**

**Frg:** Seasann RGCS don Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí. Is dlí AE é ar chosaint sonraí príobháideachas a thugann tuilleadh ceart duit faoin gcaoi a bhfuil do chuid sonraí á n-úsáid agus cén fáth.

**2 An féidir liom pé rud is mian liom a rá ar líne?**

**Frg:** Ní féidir, cé go bhfuil ceart bunreachtúil ar shaoirse cainte, níl an ceart sin absalóideach agus ní mór cothromaíocht a bhaint idir é agus cearta daoine eile. Mar shampla, ní féidir leat fuath a ghríosú i gcoinne duine ar líne nó an duine a chlúmhilleadh etc. Ina theannta nuair a dhéantar cibearbhulaíocht ar dhuine eile ar líne is féidir cionta coiriúla maidir le ciapadh a chur in aghaidh duine dá bharr.

**3 Tá sé neamhdhleathach obair duine éigin eile (pictiúir/ceol/físeán/téacs) a aimsíonn tú ar líne a úsáid gan cead a fháil ón duine sin.**

**Frg:** Nuair a úsáideann duine obair duine eile gan cead ón duine sin d'fhéadfadh sé a bheith ag sárú dlíthe cóipchirt agus ag déanamh éagóir shibhialta.

I gcás ina n-úsáideann tú obair duine eile i do chuid oibre féin, gan aitheantas a thabhairt don obair sin, chomh maith le bheith ina shárú ar chóipcheart, d'fhéadfadh bradaíl a bheith i gceist leis freisin.

**4 Táim in ann físeán/grianghraf/taifead fuaime de dhuine éigin a phostáil ar líne gan cead a fháil ón duine sin.**

**Frg:** Nuair a dhéantar físeán/grianghraif/píosa fuaime a fhoilsiú de dhuine éigin eile gan cead uathu, d'fhéadfaí gur cion é sin ag brath ar an gcineál inneachair a bhí i gceist.

Tá ceart bunreachtúil chun príobháideachais ag daoine aonair nach mór a urramú agus d'fhéadfadh físeáin/grianghraif/comhaid fuaime a thógtar de dhaoine in áit ina mbeidís ag súil le príobháideachas a fháil a bheith ina shárú ar an gceart sin agus d'fhéadfaí éagóir shibhialta a chuimsiú leis. Tá cearta príobháideachais freisin ag daoine faoin gCoinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine.

Ina theannta sin, aon duine a fhoilsíonn inneachar príobháideach ar líne d'fhéadfadh sé a bheith ag sárú an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí ("RGCS") agus d'fhéadfaí iarraidh air an t-inneachar a bhaint anuas/fíneálacha a íoc.

**Is fearr cur chuige ciallmhar agus is cleachtadh maith é a chinntiú go bhfuil toiliú duine agat chun a ghrianghraf a phostáil agus grianghraf de dhuine a thógáil anuas má iarrann sé ort é.**

**5 Is cion é ligean ort féin gur duine eile thú ar líne.**

**Frg:** Nuair a chruthaítear próifíl bhréagach chun aithris a dhéanamh ar dhuine agus ligean ort gur tú an duine sin, faisnéis bhréagach a fhoilsiú nó díriú ar dhuine eile ar líne is ionann é sin agus cibearbhulaíocht agus d'fhéadfaí cion coiriúil a chuimsiú leis freisin.

**6 An féidir liom clárú le haghaidh cuntas meán sóisialta má táim faoi bhun 16 bliana d'aois?**

**Frg:** Is í an aois toilithe dhigitigh in Éirinn ná 16 bliana d'aois faoi alt 31 den Acht um Chosaint Sonraí, 2018. Ciallaíonn sé sin má tá sonraí pearsanta duine atá faoi bhun 16 bliana d'aois le próiseáil go dleathach, go gcaithfidh cuideachta meán sóisialta iarrachtaí réasúnta a dhéanamh chun toiliú tuismitheoirí an duine sin a fháil, má tá an chuideachta ag brath ar thoiliú mar an bunús dlí chun sonraí pearsanta a phróiseáil. Ina theannta sin, forálann go leor cuideachtaí nach féidir le daoine faoi bhun 13 bliana d'aois cuntas a bhunú fiú má tá toiliú a dtuismitheoirí acu.

**7 An féidir liom a iarraidh go ndéanfaí faisnéis fúm a bhaint den idirlíon?**

**Frg:** Is féidir, mura dteastaíonn do shonraí pearsanta níos mó nó má táthar á n-úsáid go mídhleathach, féadfaidh tú a iarraidh go scriosfaí do shonraí. Tugtar "an ceart go ligfí i ndearmad" air sin.

Tá feidhm leis na rialacha sin freisin maidir le hinnill chuardaigh, ar nós Google, toisc go meastar iad mar rialtóirí sonraí freisin. Féadfaidh tú a iarraidh go mbainfí naisc chuig leathanaigh ghréasáin, d'ainm san áireamh, ó thorthaí inneall cuardaigh, má tá an fhaisnéis míchruinn, nuair nach leor í, mura bhfuil sí ábhartha nó má tá sí iomarcach.

**8 Ar cion é ciapadh/fuathchaint ar líne?**

**Frg:** Is ea, is dhá chion ar leithligh iad ciapadh agus fuathchaint agus is féidir leo tarlú ar líne.

**9 An féidir leis na meáin shóisialta agus le cuideachtaí ar líne m'fhaisnéis a roinnt le haon duine?**

**Frg:** Is féidir, ach éilítear le RGCS go gcaithfidh aon chuideachta a bhailíonn do shonraí pearsanta do chead a fháil sula roinnfidh siad an fhaisnéis sin le tríú páirtithe. Ní mór an rogha a thabhairt duit "roghnú" do shonraí pearsanta a roinnt le tríú páirtithe. Níl aon suíomh gréasáin a deir leat go gcaithfidh tú "diúltú" do shonraí a roinnt ag cloí le RGCS.

**10 An féidir liom mo shonraí pearsanta atá i seilbh cuideachta nó eagraíochta a fháil?**

**Frg:** Faoin RGCS beidh sé de cheart agat deimhniú a iarraidh agus a fháil ón gcuideachta/eagraíocht faoi cibé an bhfuil aon sonraí pearsanta a bhaineann leat ag an gcuideachta/eagraíocht. Tá an ceart rochtana ar cheann de na cearta cosanta sonraí is tábhachtaí toisc go dtugann sé deis do dhaoine fáil amach an bhfuil a gcuid sonraí pearsanta á gcoimeád ag eagraíocht shonrach agus cóip a fháil dá sonraí pearsanta.

**Chun tuilleadh eolais a fháil ar do chearta ar líne téigh chuig:**
www.webwise.ie/connected

# Gníomhaíocht 4

## An dlí a fhiosrú

Is leis an gCoimisinéir Ríomhshábháilteachta, gníomhaireacht de chuid Rialtas na hAstráile an ghníomhaíocht seo, agus is é a chuir i dtoll a chéile í. Cuireadh in oiriúint í le haghaidh chomhthéacs na hÉireann.

### Céim 1

Eagraigh na scoláirí i ngrúpaí beaga agus iarr orthu tobsmaoineamh nó taighde a dhéanamh ar reachtaíocht in Éirinn a bhaineann leis na meáin, le teicneolaíocht, an t-idirlíon nó fearais dhigiteacha. Tá na samplaí seo a leanas ina measc:

- bulaíocht, agus bulaíocht ag baint úsáid as na meáin shóisialta nó as teicneolaíocht
- dlíthe an chóipchirt
- íomhánna atá gáirsiúil ar bhonn gnéasach a ghlacadh, a sheoladh agus a roinnt
- duine ag bagairt ort ar líne
- físeáin de throideanna a phostáil ar líne
- goid aitheantais
- dlíthe píoráideachta (ábhar a íoslódáil)
- cosaint sonraí

### Céim 2

Iarr ar na scoláirí taighde a dhéanamh ar reachtaíocht reatha, agus seiceáil an dlí náisiúnta nó Eorpach é. Cuideoidh an bhileog freagraí *Do Shaol Ar Líne* le tosú amach.

Sampla – Iarr ar na scoláirí taighde a dhéanamh ar an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS)

**Roinnt acmhainní úsáideacha eile:**

www.webwise.ie

www.dataprotection.ie

https://www.gov.ie/ga/feachtais/be-safe-online/

www.eugdpr.org

www.gdpr-info.eu

www.itsyourright.ie

www.irishstatutebook.ie

www.un.org/en/universal-declaration-human-rights

www.ohchr.org/en/professionalinterest/pages/crc.aspx

www.echr.coe.int/Pages/home.aspx?p=basictexts&c

www.childrensrights.ie/sites/default/files/Know-Your-Rights-2019.pdf



### Céim 3

Leis an bhfaisnéis dlíthiúil seo, iarr ar na scoláirí quiz ar dhlíthe digiteacha a chruthú do scoláirí níos óige. B'fhéidir gur mhaith leo smaoineamh ar cén reachtaíocht is ábhartha do scoláirí sa chéad nó sa dara bliain (mar shampla). B'fhéidir gur mhaith leis na scoláirí acmhainní digiteacha a úsáid agus a gcuid quizeanna a roinnt e.g. Kahoot, Google (Forms), Office 365, Quizlet, Quizeanna, Wizer.me, Survey Monkey.

**Ceisteanna Samplacha don Quiz**

- Céard í an aois toilithe dhigitigh in Éirinn?
- Cén cineál ábhair a áirítear le dlí an chóipchirt? (Tabhair trí shampla)
- Céard atá i gceist leis an gceart go ligfí duine i ndearmad?

### Céim 4

Téigh siar, imir agus cuir na quizeanna in eagar mar ghrúpa ranga.

### Céim 5

I rith na quizeanna nó ina ndiaidh, déan iniúchadh ar na ceisteanna seo:

- Cén rud is mó a chuir iontas ort faoi do chuid taighde?
- Céard iad na difríochtaí atá idir reachtaíocht do dhaoine óga faoi bhun 16 nó 18 mbliana d'aois, agus daoine fásta atá 18 mbliana d'aois agus os a chionn? An aontaíonn nó an easaontaíonn tú leis na difríochtaí sin?
- Cén reachtaíocht is mó a chaithfear a nuashonrú agus cén fáth?
- Cén t-athrú atá tagtha ar reachtaíocht a bhaineann leis na meáin agus le teicneolaíocht in imeacht na mblianta? Cén fáth?
- Dá bhféadfá reachtaíocht nua a bhaineann leis na meáin nó le teicneolaíocht a chruthú, céard a chruthófá agus cén fáth?

### Leideanna agus smaointe

- Seo gníomhaíocht iontach le haghaidh idirghníomhaíocht tras-aoise i measc na scoláirí. Is féidir leis na scoláirí oibriú le grúpaí níos lú de scoláirí níos óige nó quiz ranga níos faide a chruthú le cur i láthair scoláirí níos óige i rang eile.
- Nuair a chruthaítear na quizeanna ar líne tugtar deis do na scoláirí a gcuid ceisteanna agus freagraí a chur in eagar agus a athrú, chomh maith le haiseolas a fhreagairt tar éis don ghrúpa ranga dul siar ar an quiz. Cabhróidh sé sin leis na scoláirí cleachtadh a fháil ar a gcuid oibre a chur in eagar agus soiléire a gcuid scríbhneoireachta a fheabhsú.



# Gníomhaíocht 5

## Céard is príobháideachas ann?



### Céim 1:
Coincheap an phríobháideachais a phlé. Déan tagairt d'airteagal 16 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Linbh (Bileog oibre 4.1). Iarr ar na scoláirí cén tuiscint atá acu ar phríobháideachas. Breac aon eochairfhocail ar an gclár bán. D'fhéadfadh sé a tharlú go gcaithfí a chur in iúl go mbíonn tionchar ag ceist an phríobháideachais ar dhaoine i gcuid mhór comhthéacsanna, ní hamháin sa bhaile.

### Céim 2:
Taispeáin pictiúir de dhaoine cáiliúla do na scoláirí. Ba cheart go léireofaí cothromaíocht inscne i réimse na ndaoine a roghnaítear. Ba cheart go léireofaí ann freisin éagsúlacht dhomhanda na hÉireann sa lá atá inniu ann. I measc an liosta de dhaoine cáiliúla a d'fhéadfaí a thabhairt tá polaiteoirí, an t-uachtarán, imreoirí rugbaí, láithreoirí raidió, ceoltóirí nó údair.

Iarr na ceisteanna seo a leanas anois:

- **An bhfuil aon phríobháideachas ag na daoine seo?**
- **Mura bhfuil, céard é mar a bhaintear ar shiúl é?**
- **Cá huair a bhíonn siad i dteideal príobháideachais?**
- **Cá huair nach mbíonn siad i dteideal príobháideachais?**
- **Ar cheart go dtarlódh sé sin?**
- **An dtiocfadh leat thú féin a shamhlú sa chás sin?**
- **Mura bhfuil tú cáiliúil, an féidir do phríobháideachas a bhaint uait?**

### Céim 3
Iarr ar na scoláirí machnamh a dhéanamh anois ar a saol féin agus na ceisteanna a phlé i mbeirteanna:

- **An bhfuil mo shaol príobháideach?**
- **Cá huair atá mé i dteideal príobháideachais?**
- **Cá huair nach bhfuil mé i dteideal príobháideachais?**
- **Céard é mar is féidir mo phríobháideachas a bhaint uaim?**

I ndiaidh thart ar chúig nóiméad, iarr aiseolas uathu; agus ón aiseolas sin breac síos eochairfhocal ar bith nár pléadh roimhe seo.

### Céim 4
Roinn an rang i ngrúpaí de thriúr agus tabhair ceann de na ceisteanna seo a leanas ar phríobháideachas do gach grúpa chun iad a phlé. Chun teicneolaíocht dhigiteach a chuimsiú úsáid uirlisí vótála (Google Forms, Microsoft Forms) chun léargas a fháil ar fhreagairtí na scoláirí agus léiriú a fháil den chéatadán den rang a fhreagraíonn 'Tá' nó 'Níl' ar gach ceann de na ceisteanna seo a leanas agus pointí plé a spreagadh.

**Uimh.1** **An bhfuil do chuntas meán sóisialta poiblí?**

**Uimh.2** **An bhfuil sé de nós agat glacadh le daoine mar "chairde/lucht leanúna" nach bhfuil aithne agat orthu i ndáiríre?**

**Uimh.3** **An bhfuil a fhios agat cé na haipeanna ar d'fhón a bhfuil rochtain acu ar do chuid faisnéise (grianghraif, teagmhálacha, seoladh ríomhphoist)?**

**Uimh.4** **An bhfuil do chuid socruithe suímh ar siúl?**

**Uimh.5** **Nuair a chliceálann tú 'aontaím' le téarmaí agus coinníollacha suíomh gréasáin nó aipeanna, an bhfuil sé de nós agat iad a léamh ar dtús nó an bhfuil a fhios agat céard leis a bhfuil tú ag aontú?**

**Uimh.6** **An bhfuil sé de nós agat do shuíomh a chlibeáil go minic nuair a phostálann tú ar na meáin shóisialta?**

**Uimh.7** **An bhfuil a fhios agat cé atá in ann do ghrianghraif a fheiceáil/rochtain ar do phróifíl sna meáin shóisialta?**

**Uimh.8** **Má fhaigheann tú ríomhphost ó dhuine nach bhfuil aithne agat air, an bhfuil sé de nós agat é a oscailt?**

**Uimh.9** **An bhfuil sé de nós ag do chairde thú a chlibeáil go minic i bpostálacha – méimeanna, ailt, grianghraif mar shampla – ar na meáin shóisialta?**

I ndiaidh tamall beag, iarr ar gach grúpa a gcuid smaointe a chur in iúl don rang. Cuir in iúl do na scoláirí má d'fhreagair siad 'Tá' le ceann ar bith acu go mb'fhéidir nach bhfuil an oiread sin smachta acu ar a bpríobháideachas agus a cheap siad. Mar achoimre, iarr ar na scoláirí machnamh a dhéanamh ar na heochairfhocail uile a bailíodh le linn an phlé seo ar phríobháideachas, agus ceann ar bith acu a chuir iontas orthu a bhreacadh síos.





### Céim 5
Ansin tabhair amach an bhileog oibre InstaFace Chaoimhe do na grúpaí agus téigh trí na treoracha leis na scoláirí. Tá siad chun gnéithe sábháilte agus neamhshábháilte den phróifíl a aibhsiú (ag úsáid peann nó pinn luaidhe dhaite dhifriúla). Cruthaíodh an cuntas meán sóisialta bréagach seo chun plé a spreagadh faoi phríobháideachas na scoláirí ar líne agus smaoineamh ar iompraíochtaí a d'fhéadfadh a bheith sábháilte agus neamhshábháilte ar ardáin meán sóisialta. Roinnt ceisteanna le cur ar na scoláirí le go ndéanfaidh siad machnamh orthu fad is a bheidh sibh ag plé phróifíl Chaoimhe:

**Uimh.1** **Cén cineál faisnéise pearsanta atá tábhachtach a choimeád sábháilte/príobháideach ar líne?**

**Uimh.2** **Cén cineál faisnéise atá ceart go leor a roinnt go poiblí?**

**Uimh.3** **Cá fhad is féidir le d'fhaisnéis phearsanta fanacht ar líne?**

**Uimh.4** **Cén chaoi a gcosnóidh tú d'fhaisnéis phearsanta agus do phríobháideachas ar líne?**

### Céim 6
Tóg aiseolas ó na scoláirí maidir le gnéithe sábháilte agus gnéithe a d'fhéadfadh a bheith neamhshábháilte a sainaithníodh ón bpróifíl seo. Tá freagraí samplacha thíos.

**Úsáid shábháilte agus fhreagrach as líonraí sóisialta**

- Íomhá chartúin a úsáid mar phictiúr próifíle.
- Tá roinnt faisnéis phearsanta teoranta (e.g. gan aon bhliain tugtha leis an mbreithlá).
- Ceistíonn Caoimhe an aithne atá aici ar dhuine a chuir teachtaireacht chuici ("An bhfuil aithne agam ort?").
- Fianaise ar Chaoimhe ag cabhrú le cara tuairisciú ar líne (Rebecca Hanrahan)
- Baineann Caoimhe úsáid as an suíomh chun rudaí dearfacha a phostáil a dhéanann sásta í, cosúil lena peata madra.
- Tugann Caoimhe tuairisc agus blocálann sí Thomas Mac tar éis dó comhrá físe a iarraidh uirthi.

**Gnéithe a d'fhéadfadh a bheith neamhshábháilte nó míchuí**

- Úsáideann Caoimhe a hainm iomlán.
- Insíonn sí a suíomh ginearálta ina féinaisnéis agus cá dtéann sí ar scoil (Cailín as Maigh Eo).
- Tugann sí ainm iomlán a dlúthcairde ina cuid féinaisnéise ("sin sibhse Síofra Duffy agus Cáit Ní Chathasiagh").
- Nochtann sí ainm próifíle eile ar na meáin shóisialta agus spreagann sí daoine í a chur isteach ina féinaisnéis (Ceangail liom ar Snapchat: Caoimhebyrne06).
- Seans maith nach bhfuil aithne ag Caoimhe ar na cairde go léir a bhfuil ceangal déanta aici leo (834 cara).
- Tá go leor grianghraif eile aici (3457).
- Cheangail sí le duine nach bhfuil aithne aici air (Thomas Mac).
- Tugann Caoimhe le fios cá bhfuil sí dóibh sin atá in ann a próifíl a rochtain (go leor daoine seans nach bhfuil aithne aici orthu mar a tugadh le fios roimhe seo) trí sheiceáil isteach sa pháirc.
- Insíonn sí freisin go bhfuil sé seo an-ghar don áit ina bhfuil cónaí uirthi ("An radharc lasmuigh d'fhuinneog mo sheomra codlata ar maidin.").
- Tá gach duine in ann a próifíl a fheiceáil, tá a socruithe go léir poiblí – a postálacha, pictiúir agus suíomh, tá gach duine in ann iad a fheiceáil.

### Obair Baile:
Agus iad ag cuimhneamh ar na téarmaí maidir le príobháideachas a bailíodh, iarr ar na scoláirí an bhileog obair baile *An bhfuil mo shaol príobháideach?* a chur i gcrích

Ceapadh an bhileog oibre le freagairt gach lá ar feadh seachtaine. Breithníonn na scoláirí na bealaí go léir a bhféadfaidís a bheith ag cur a bpríobháideachas i mbaol.

# Bileog oibre 4.5

## InstaFace Chaoimhe

**Seo í próifíl InstaFace Chaoimhe Byrne. Tá tú chun imscrúdú a dhéanamh ar phróifíl Chaoimhe agus aird a tharraingt ar céard atá sábháilte agus cén t-iompar a d'fhéadfadh a bheith contúirteach nuair a bhíonn a cuntas InstaFace á úsáid aici. Tarraing aird ar ghnéithe sábháilte agus ghnéithe nach bhfuil sábháilte i bpróifíl Chaoimhe (úsáid pinn nó pinn luaidhe ar dhathanna difriúla) agus cabhraigh léi a bheith críonna ag comhrá ar líne.**

www.instaface.com

InstaFace • • •

### Caoimhe Byrne

**Féinaisnéis**

Cailín Mhaigh Eo – Beannachtaí do mo chailíní CCM, sin sibhse Síofra Duffy agus Cáit Ní Chathasaigh. Is breá liom mo mhadraí. #Mayo4Sam

Ceangail liom ar Snapchat: Caoimhegbyrne06

**Scoil:** Coláiste Chroí Mhuire, Béal an Mhuirthead, Co. Mhaigh Eo

**Baile dúchais:** Béal an Mhuirthead, Co. Mhaigh Eo

**Cairde:** 834 cara

**Stádas Caidrimh:** Singil

**Dáta breithe:** 18 Deireadh Fómhair

**Grianghraif:** 3457



**Teachtaireachtaí**

**Rebecca Hanrahan** INNIU AG 14.30
Go raibh maith agat as cabhrú liom tuairisc a thabhairt faoi na teachtaireachtaí sin!

**Thomas Mac** DÉAR AG 22:10
Sheol Thomas Mac iarratas ar chairdeas chugat.

Is cairde thú féin agus Thomas Mac ar InstaFace. Abair heileo!

**Thomas Mac**
Tá do mhadra an-deas ach an oiread leat féin! Fonn ort comhrá físe a dhéanamh?

↳ Caoimhe Byrne – An bhfuil aithne agam ort?

**Thomas Mac**
Níl, ach ceangail liom ar Snapchat: Is é Tomás an Mac agus tabharfaidh mé leideanna iontacha duit ar dhul go dtí Leibhéal 20 ar Róbó Laoch

**Tá Thomas Mac blocáilte**

**Fógraí**

- Thug Caoimhe Is Maith Liom do phictiúr Shinéad
- Thug Caoimhe tuairisc faoi Thomas Mac
- Bhlocáil Caoimhe Thomas Mac
- Sheol Thomas Mac iarratas ar chairdeas
- Teachtaireacht ó Thomas Mac
- Thug Thomas Mac Is Maith Liom do do phostáil

**Socruithe Príobháideachais**

Féach ar shocruithe príobháideachais tábhachtacha

**1. Tuairisciú agus blocáil**
Cé atá in ann iarratais ar chairdeas a sheoladh?
✓ Gach duine ○ Cairde le cairde

**2. Bainistigh do shocruithe suímh**
Cé atá in ann do shuíomh a fheiceáil?
✓ Gach duine ○ Saincheaptha
○ Cairde ○ Mé Féin Amháin

**3. Bíodh smacht agat ar cé a fheiceann gach a roinneann tú**
Cé atá in ann do phróifíl a fheiceáil?
✓ Gach duine ○ Cairde Amháin ○ Mé Féin Amháin

**Fotha Nuachta**

**Caoimhe Byrne**
An radharc lasmuigh d'fhuinneog mo sheomra codlata ar maidin. Tá an t-ádh liom!



Is Maith Liom tugtha ag Thomas Mac, Kate Ní hUigínn agus 15 dhuine eile





# Bileog oibre 4.6:

## An bhfuil mo shaol príobháideach?

**Líon isteach an ghníomhaíocht mhachnaimh seo gach lá den tseachtain. Tabhair faoi deara aon uair a d'fhéadfadh gur chuir tú do phríobháideachas i mbaol an tseachtain seo.**



Lá 1: Thosaigh mé ag imirt cluiche nua ar líne agus tá mo phróifíl poiblí anois. Cheangail mé le go leor daoine nach bhfuil aithne agam orthu ionas go mbeadh duine éigin agam i gcónaí le himirt ina gcoinne uair ar bith a bheidh mé ar líne.

Lá 2: ______________________

Lá 3: ______________________

Lá 4 ______________________

Lá 5: ______________________

Lá 6: ______________________

Lá 7: ______________________

# Modúl 5:

## Ag Foilsiú ar Líne – Measúnú Tionscadal-bhunaithe

### Croí-choincheap:

Déanfaidh na scoláirí iniúchadh ar na dúshláin agus na réitigh a chuireann na meáin dhigiteacha i láthair inár bpobal agus déanfaidh siad measúnú ar an tionchar a bhíonn ag na meáin dhigiteacha ar an duine aonair agus ar an tsochaí. Is measúnú grúpa, tionscadal-bhunaithe a bheidh anseo chun iniúchadh a dhéanamh ar na téamaí agus topaicí a pléadh sna modúil roimhe seo agus tacóidh sé leis an ngné measúnaithe den ghearrchúrsa.

### Príomhfhoghlaim don Scoláire:

Beidh na scoláirí in ann ról na meán digiteach inár sochaí a shainaithint agus léirmheas a dhéanamh orthu, agus an tionchar a bhíonn acu ar an duine aonair.

**Torthaí Foghlama:**

**Gearrchúrsa Litearthachta ar na Meáin Dhigiteacha:**
**Snáithe 4: Mé féin a fhoilsiú.**

**4.5** mír a fhoilsiú ar líne ag cur i láthair a dtuairimí ar ábhar a bhaineann lena saol

**4.6** modh cuí a léiriú le hábhar a fuarthas ar líne a lua agus le tagairt a dhéanamh dó go cruinn

**4.7** stair phleanáil agus thaighde an tsaothair fhoilsithe a thaifeadadh

### Naisc thraschuraclaim:

**OSPS Bliain 2 Tionchair agus Cinntí**

- go mbeadh forbairt bhreise déanta acu ar a gcuid scileanna cinnteoireachta agus go dtuigfidís an gá le machnamh a dhéanamh le linn an phróisis chinnteoireachta

**OSPS Bliain 3 Scileanna Cumarsáide:**

- a gcuid scileanna cumarsáide a bheith níos forbartha
- go dtuigfidís go bhféadfadh léirmheastóireacht a bheith cabhrach

### Modheolaíochtaí:

Foghlaim bunaithe ar fhiosrú, plé, tobsmaointeoireacht, eochairfhocail agus príomhtheachtaireachtaí a leagan síos; foghlaim ghníomhach, obair i ngrúpaí, foghlaim tionscadal-bhunaithe

### Measúnú Tionscadal-bhunaithe:

Léirítear i ngach ceann de na tascanna an obair a rinneadh le torthaí foghlama i ngach ceann de na ceithre shnáithe. Oibreoidh an scoláire i ngrúpa ina mbeidh triúr agus roghnófar ceann de na ceithre thasc le cur i gcrích. Tá gach ceann de na tascanna bunaithe ar thopaicí agus ar théamaí a pléadh sna ceithre mhodúl roimhe sin. Tugann siad méid áirithe saoirse don scoláire tabhairt faoi thopaicí atá spéisiúil/ábhartha dá shaol laistigh de gach ceann de na réimsí. Samhlaítear go dtabharfaidh an scoláire fianaise ar a fhoghlaim ar bhealaí éagsúla, lena n-áirítear meáin dhigiteacha, taifeadtaí fuaime, láithreoireachtaí agus píosaí scríofa. Moltar go ndéanfaí obair an scoláire a thaifeadadh agus a ghabháil i rith an chláir ag úsáid punann dhigiteach trí Thimpeallacht Fhíorúil Foghlama nó trí Google nó Office 365. Beidh an obair sin áisiúil do na scoláirí nuair a bheidh siad ag tabhairt faoin measúnú tionscadal-bhunaithe.

Tacaíonn go leor de na gníomhaíochtaí teagaisc agus foghlama san acmhainn seo le tascanna measúnaithe fhoirmithigh agus shuimithigh, agus tá deiseanna ann i gcomhair féinmheasúnú agus piarmheasúnú, mar aon le deiseanna do mhúinteoirí aiseolas aonair a thabhairt d'fhoghlaimeoirí.





### Measúnú cuimsitheach:

Mar a tugadh ar aird i Sonraíocht an Ghearrchúrsa ar Litearthacht ar na Meáin Dhigiteacha thíos (lch 16), ní mór freastal a dhéanamh do scoláirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu agus fágann cleachtais mheasúnaithe chuimsithigh go gcaithfear oiriúntais, e.g. an tacaíocht a chuireann cúntóir riachtanas speisialta ar fáil nó an tacaíocht a thugann teicneolaíochtaí cúntacha, a dhéanamh do scoláirí le riachtanais speisialta oideachais a dteastódh sé uathu ag brath ar a gcuid riachtanas le bheith rannpháirteach go hiomlán i measúnuithe agus torthaí a bhaint amach iontu.

> *"Bíonn oiriúntais a chuireann ar chumas gach scoláire teacht ar an gcuraclam agus measúnú bunaithe ar riachtanais shonracha. Mar shampla, féadfaidh scoláire nach bhfuil in ann clóscríobh go fisiciúil bogearraí deachtaithe atá saor in aisce a úsáid chun measúnuithe leanúnacha agus an Measúnú Rangbhunaithe a chur i gcrích. Ar an gcaoi chéanna, féadfaidh scoláire nach bhfuil in ann labhairt físeanna agus fotheidil a chur in iúl trí theanga chomharthaíochta agus a tharraingt/scríobh/ chlóscríobh agus a chruthú le smaointe a chur i láthair agus in iúl. Má tá saindeacracht foghlama ag scoláire, d'fhéadfadh sé tairbhe a bhaint as tascanna agus as gníomhaíochtaí foghlama a chuirtear i láthair ar bhealach difriúil. Tá treoirlínte cuimsitheacha faoi chuimsiú in iar-bhunscoileanna ar fáil anseo agus tá treoirlínte do mhúinteoirí scoláirí faoi mhíchumais ghinearálta foghlama ar fáil anseo.*

### Nóta Tábhachtach don Mheasúnú Rangbhunaithe

Cé go bpléitear raon leathan torthaí foghlama san acmhainn Ceangailte as gach snáithe de ghearrchúrsa 'Litearthacht ar na Meáin Dhigiteacha' na Sraithe Sóisearaí, ní phléitear iad go léir ann. Tá na tascanna measúnaithe a bhfuil cuntas orthu sa mhodúl seo le húsáid mar mheasúnú ar na téamaí agus na topaicí a phléitear san acmhainn seo. Mar sin féin d'fhéadfadh na tascanna measúnaithe a bhfuil cuntas orthu anseo a bheith feiliúnach chun tascanna measúnaithe rangbhunaithe a chur i gcrích. Tabhair faoi deara, mar chuid den Mheasúnú Rangbhunaithe, gur cheart don scoláire na nithe seo a leanas a chur san áireamh: feasacht ar conas fanacht sábháilte ar líne, conas freagairt ar chásanna a d'fhéadfadh bheith dochrach, na buntáistí agus na rioscaí a bhaineann le líonrú sóisialta, agus conas bheith i do shaoránach ar líne measúil agus freagrach.

Má tá sé i gceist agat na tascanna measúnaithe seo a úsáid don mheasúnú rangbhunaithe den ghearrchúrsa ar Litearthacht ar na Meáin Dhigiteacha, moltar go gcaithfeá súil orthu seo a leanas:

*Litearthacht ar na Meáin Dhigiteacha: Gearrchúrsa de chuid na Sraithe Sóisearaí - Treoirlínte don Mheasúnú Rangbhunaithe*
https://www.curriculumonline.ie/getmedia/c55ea0db-5761-41ed-8949-40bf0169e8fd/DML_AssessmentGuidelines_Feb2017_GA.pdf

*Gearrchúrsa i Litearthacht ar na Meáin Dhigiteacha, Sonraíocht don tSraith Shóisearach*
https://www.curriculumonline.ie/getmedia/fc3065b3-f218-400b-a9b2-fc19710b7fb6/NCCA-JC-Short-Course-DML-Gaeilge.pdf

Mar a luaitear i Litearthacht ar na Meáin Dhigiteacha: Gearrchúrsa de chuid na Sraithe Sóisearaí - Treoirlínte don Mheasúnú Rangbhunaithe:

> *"Is píosa suntasach oibre é an tionscadal deiridh a dhéantar a chur i láthair/a fhoilsiú i bhformáid dhigiteach chuí. Roghnóidh an scoláire (nó grúpa scoláirí) topaic a bhfuil spéis aige inti. Féadtar an topaic a roghnú as aon cheann de na ceithre shnáithe nó baint a bheith aici le rud éigin a bhfuil ceangal pearsanta ag an scoláire leis. D'fhéadfadh sé gur de thoradh ábhar spéise traschuraclaim a thiocfadh an topaic, e.g. ó OSSP, OSPS agus Códú.*
> *Ar chur i gcrích an tionscadail, d'fhéadfaí é a chur i láthair nó a fhoilsiú mar leathanach gréasáin, blag, podchraoladh, cur i láthair ó bhéal ina mbeadh téacs/íomhánna tacaíochta, vicí, acmhainn scoile nó mar aon mhódh cuí digiteach eile."*

Moltar an measúnú seo a chur i gcrích thar sé go hocht n-uair an chloig d'am ranga, nó mar sin, i dtreo dheireadh an chúrsa. D'fhéadfadh sé go n-áireofaí le luathchéimeanna an ullmhúcháin a shocrú céard é an sainréimse spéise agus taighde a dhéanamh dá réir, aidhmeanna agus cuspóirí an tionscadail a shainaithint agus a shocrú cén modh cuir i láthair nó foilsithe a úsáidfear. D'fhéadfaí gur ghá cuairt a thabhairt ar shaineolaithe sa scoil agus níos faide i gcéin, nó agallamh a chur orthu, agus b'fhéidir go gcaithfí ábhar a fháil i bhformáidí difriúla le doimhneacht tuisceana a chinntiú. Nuair a úsáidfear na foinsí seo agus foinsí eile, beidh gá le prótacail chuí, chruinne tagartha a léiriú. D'fhéadfaí deis a thabhairt don scoláire gnéithe dá thionscadal a chur i láthair lucht féachana oiriúnach agus san fhormáid chuí ar chur i gcrích na hoibre.

Mar chuid den Mheasúnú Rangbhunaithe, ba cheart don scoláire ábhair mhachnaimh agus tuairimí ar an taithí a bhí aige ar rannpháirtíocht agus cumarsáid trí ghníomhaíocht ar líne a chuimsiú. Mar shampla, d'fhéadfaí go gcumhdófaí sa mhachnamh sin feasacht ar an gcaoi le bheith sábháilte ar líne, ar an gcaoi le freagairt do chásanna a d'fhéadfadh dochar a bheith ag baint leo, ar na buntáistí agus na rioscaí a bhaineann le líonrú sóisialta, agus ar an gcaoi le bheith i do shaoránach ar líne atá measúil agus freagrach agus bealaí le bheith i do shaoránach gníomhach ar líne.

D'fhéadfadh an scoláire a leithéid seo a leanas de cheisteanna a chur air féin:

- Cén fhaisnéis phearsanta a bhí á lorg ag suíomh gréasáin/meán sóisialta?
- Cé na socruithe príobháideachais a bhí ag suíomh comhrá/gréasáin?
- Cé chomh héasca a bhí an nascleanúint ar an suíomh gréasáin?
- Cén leibhéal claontachta a bhí á léiriú ag an suíomh gréasáin?

- Cén chaoi ar féidir liom an fhaisnéis atá aimsithe agam ar aon suíomh gréasáin a dheimhniú?
- Cé na dlíthe atá in Éirinn ar ábhar a fhoilsiú ar líne agus an bhfuil siad cosúil leis na dlíthe sa réimse céanna i dtíortha eile?
- Cén chaoi ar féidir liom tuairisc a thabhairt faoi bhulaíocht nó imeaglú ar líne?
- Arbh éasca an t-ábhar a bhí mé a chuardach a rochtain?

Cé gur féidir na tuairimí sin a fhorbairt le linn an chúrsa, ba cheart iad a shní isteach sa tionscadal deiridh agus a bheith mar chuid den chur i láthair/foilseachán deiridh san fhormáid is oiriúnaí agus is cuí lena éirim a léiriú."

Chun na tascanna a mheasúnú molaimid go n-úsáidfeadh múinteoirí an rúibric measúnaithe sna Treoirlínte lgh 12-13: *"An leibhéal gnóthachtála a chinneadh"*

## Na Gnéithe Cáilíochta

Déantar cur síos anseo ar na Príomhghnéithe Cáilíochta a thacaíonn le breithiúnas an scoláire agus an mhúinteora i gcomhair an Mheasúnaithe Rangbhunaithe. Is iad na Gnéithe Cáilíochta na critéir a úsáidtear lena mheas cén ceann de na tuairisceoirí seo a leanas is fearr a oireann d'obair an scoláire:

Úsáidtear **Thar barr ar fad** le cur síos a dhéanamh ar shaothar ina léirítear na Gnéithe Cáilíochta don Mheasúnú Rangbhunaithe ar chaighdeán an-ard. Cé nach gá don obair a bheith gan locht ar fad, tá níos mó láidreachtaí ná lochtanna ag baint leis an saothar, agus níl i gceist leis na lochtanna ach lochtanna beaga. Is furasta don scoláire moltaí le haghaidh feabhsúcháin a chur i bhfeidhm.

Úsáidtear **Os cionn na n-ionchas** le cur síos a dhéanamh ar shaothar ina léirítear na Gnéithe Cáilíochta don Mheasúnú Rangbhunaithe go han-mhaith. Léiríonn an scoláire tuiscint shoiléir ar an gcaoi le gach réimse den tasc a chur i gcrích. D'fhéadfadh sé go dtabharfadh an múinteoir aiseolas gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar ghné áirithe den saothar nó tuilleadh snasa a chur uirthi, ach tá sé ar ardchaighdeán ar an iomlán.

Úsáidtear **Ag teacht leis na hionchais** le cur síos a dhéanamh ar shaothar ina léirítear formhór na nGnéithe Cáilíochta don Mheasúnú Rangbhunaithe go maith. Léiríonn sé go raibh tuiscint mhaith ag an scoláire ar an tasc a bhí le déanamh agus tá sé saor ó aon locht suntasach. D'fhéadfadh sé go gcuirfeadh an t-aiseolas in iúl gur gá tuilleadh airde a dhíriú ar réimsí áirithe nó gur gá iad a cheartú, ach tá an obair idir inniúil agus chruinn den chuid is mó.

Úsáidtear **Níor chomhlíon na hionchais go fóill** le cur síos a dhéanamh ar shaothar nach gcomhlíonann riachtanais an Mheasúnaithe Rangbhunaithe ná na nGnéithe Cáilíochta a bhaineann leis. B'fhéidir go ndearna an scoláire iarracht mhaith, ach níor thuig sé a raibh i gceist leis an tasc i ndáiríre nó tá sé curtha ó mhaith ag botúin nach beag. Tarraingeoidh an t-aiseolas aird ar na dearmaid bhunúsacha ar gá iad a chur ina gceart."

Foinse – Litearthacht ar na Meáin Dhigiteacha: Gearrchúrsa de chuid na Sraithe Sóisearaí – Treoirlínte don Mheasúnú Rangbhunaithe.

### Na Gnéithe Cáilíochta: Litearthacht ar na Meáin Dhigiteacha: Tionscadal Deiridh

**Thar barr ar fad**
Léirítear úsáid den scoth den fhormáid roghnaithe dhigiteach le cois tuiscint den scoth uirthi. Tá fianaise ar leibhéal an-ard cruthaitheachta agus ar léirmhíniú úrnua sa chur i láthair/foilseachán. Tá feasacht den scoth ar na saincheisteanna eitice/dlí a bhaineann le húsáid mheasúil téacsanna meán digiteach. Tá an chumarsáid an-soiléir agus cinntitheach, agus taispeántar eolas cuimsitheach ar an topaic.

**Os cionn na n-ionchas**
Léirítear úsáid ardleibhéil den fhormáid roghnaithe dhigiteach le cois ardtuiscint uirthi. Tá fianaise ar leibhéal ard cruthaitheachta agus ar léirmhíniú úrnua sa chur i láthair/foilseachán. Tá feasacht an-ard ar na saincheisteanna eitice/dlí a bhaineann le húsáid mheasúil téacsanna meán digiteach. Tá an chumarsáid soiléir agus cinntitheach, agus taispeántar ardleibhéal eolais ar an topaic.

**Ag teacht leis na hionchais**
Léirítear úsáid mhaith den fhormáid roghnaithe dhigiteach le cois tuiscint mhaith uirthi. Tá fianaise ar leibhéal réasúnta cruthaitheachta sa chur i láthair/foilseachán. Tá feasacht mhaith ar na saincheisteanna eitice/dlí a bhaineann le húsáid mheasúil téacsanna meán digiteach. Tá an chumarsáid soiléir, den chuid is mó, agus taispeántar eolas maith ar an topaic.

**Níor chomhlíon na hionchais go fóill**
Léirítear úsáid theoranta den fhormáid roghnaithe dhigiteach le cois tuiscint theoranta uirthi. Tá easpa cruthaitheachta sa chur i láthair/foilseachán. Is beag feasacht ar na saincheisteanna eitice/dlí a bhaineann le húsáid mheasúil téacsanna meán digiteach a léirítear sa chur i láthair. Níl ord ná eagar ar an gcumarsáid ná ní choinnítear léi agus ní léirítear ach eolas teoranta ar an topaic.





# Tascanna Measúnaithe Tionscadal-bhunaithe

**Oibreoidh na scoláirí i ngrúpaí de thriúr (más cuí) agus roghnóidh siad ceann de na cúig tasc thíos le comhlánú. Tá gach ceann de na tascanna bunaithe ar thopaicí agus ar théamaí a pléadh sna ceithre mhodúl roimhe sin. Tugann siad méid áirithe saoirse don scoláire tabhairt faoi thopaicí atá spéisiúil/ábhartha dá shaol laistigh de gach ceann de na réimsí. Moltar uirlisí gréasáin laistigh de gach tuairisc ar an tasc ach ní bheidh sé sin sriantach nó ní fheicfear é mar fhormhuiniú ag Webwise ach chun críche faisnéise – má tá a fhios ag na scoláirí nó más mian leo a dtionscadal a chur i láthair ag úsáid uirlis eile nó meán digiteach eile, féadfaidh siad é sin a dhéanamh.**

## Tasc 1

Cruthaigh feachtas físeáin a ardaíonn feasacht ar cheist a bhaineann le folláine ar líne agus a thugann faisnéis ar an gcaoi le déileáil go héifeachtach leis an gceist. Mar shampla, cibearbhulaíocht, ag déileáil le brú digiteach, toiliú a iarraidh sula roinntear faisnéis phearsanta, íomhánna físe de dhaoine eile, etc. Ionas go mbeidh an feachtas físeáin éifeachtach caithfidh na scoláirí na rudaí seo a leanas a dhéanamh:


- Cuir do lucht féachana ar an eolas faoin gceist
- Taispeáin do do lucht féachana cén fáth ar cheart dóibh cúram a dhéanamh don cheist
- Tabhair céimeanna soiléire do do lucht féachana a fhéadfaidh siad a ghlacadh chun rud éigin a dhéanamh faoin gceist.


Deartar an feachtas físeáin le scaipeadh ar na meáin shóisialta ionas go gcaithfidh na scoláirí míniú a thabhairt freisin: ar a rogha spriocluchd féachana, cén t-ardán meán sóisialta a roghnaigh siad chun an spriocluchd féachana sin a bhaint amach agus cén fáth e.g. cé na gnéithe atá aige a cheapann tú is éifeachtaí chun an spriocluchd féachana seo a bhaint amach agus cén fáth.

## Tasc 2

A bhfeachtas ar líne féin a phleanáil, a fhoilsiú agus a mheas chun feasacht a ardú faoi cheist ar chearta digiteacha atá ag déanamh imní dóibh. Mar shampla, an ceart chun tuairimí a nochtadh e.g. caint a ghríosaíonn éadulaingt nó foréigean ar líne; an ceart chun príobháideachais e.g. an cheist maidir le trédhearcacht níos fearr ar théarmaí agus coinníollacha na n-ardán meán sóisialta, agus treoirlínte soiléire a thabhairt ar an gcaoi a n-úsáideann siad sonraí saoránach. Ag tráchtaireacht ar cheisteanna eitice/dlíthiúla ábhartha a éiríonn as foinsí meán digiteach ábhartha; ag machnamh ar aon tuairim nó athrú iompair mar thoradh ar a bheith ag gabháil don cheist seo; agus, ag tráchtaireacht freisin ar impleachtaí na ceiste seo do dhaoine óga in Éirinn.

D'fhéadfadh na scoláirí forbróirí suíomhanna gréasáin saor in aisce ar nós www.weebly.com nó www.wordpress.com agus Change.org www.change.org a úsáid chun achainí ar líne a chruthú saor in aisce.







## Tasc 3

Imscrúdú a dhéanamh ar an gcaoi a mbíonn tionchar ag bolgáin scagaire ar thuairimí agus iompar daoine.

Úsáidfidh na scoláirí ócáid le déanaí (tugann olltoghcháin, reifrinn agus imeachtaí conspóideacha/cúrsaí reatha pointe maith le tosú) mar chás-staidéar chun míniú a thabhairt ar an gcaoi a mbíonn tionchar ag bolgáin scagaire ar thuairimí, meonta agus iompair daoine. Ba cheart do na scoláire na rudaí seo a leanas a phlé:

— Cé chomh mór a cheapann sibh a bhíonn tionchar ag bolgáin scagaire ar dhaoine ábhar nimhneach a chruthú/roinnt?
— Cé na tosca eile a d'fhéadfadh cur leis sin?
— An gcuireann na meáin le cruthú bolgán scagaire? Má tá, cén fáth agus cén chaoi?

Déanfaidh na scoláirí taighde ar scéalta nuachta le déanaí faoi bholgáin scagaire nó cén áit a bhféadfadh sé go raibh ról ag an bhfeiniméan sin chun tionchar a imirt ar thuairimí agus ar iompar. Beidh an rogha ag na scoláirí a dtuairisc a chur i láthair mar chlár nuachta nó alt nuachtáin. Má tá siad ag cruthú clár nuachta, féadfaidh na scoláirí ceamaraí, fóin nó aon fhearas eile a úsáid a bhfuil acmhainn físe acu agus ceann díobh seo a leanas a úsáid chun an táirge deiridh a dhéanamh:

— iMovie le haghaidh iOS (Mac)/ iPad
www.support.apple.com/en-ie/imovie
— Movie Maker
www.support.microsoft.com/en-ie/help/18614/windows-essentials
— Wevideo
www.wevideo.com
— FilmoraGo App
— Adobe spark
www.spark.adobe.com

Má chruthaíonn siad nuachtán is féidir leis na scoláirí ceann de na hacmhainní ar líne seo a leanas a úsáid:

— Crayon
www.crayon.net
— Newspaper Club
www.newspaperclub.com/create/arthr
— Cruthaitheoir Nuachtán
www.newspaper.jaguarpaw.co.uk

Má bhíonn siad ag úsáid an teimpléid le haghaidh leathanach tosaigh an nuachtáin, ba cheart ceannlíne a scríobh (nó ceannlíne reatha scéil a thaifeadadh) dá scéal nuachta roghnaithe agus alt mionsonraithe a chur ar fáil ina dtabharfaidh siad achoimre ar céard a fuair siad amach faoin éifeacht a bhíonn ag na bolgáin scagaire.

## Tasc 4

Suirbhé ar líne a dhearadh le fáil amach faoi na leibhéil feasachta faoi Olltiomsú Sonraí i.e. a lorg sonraí, an chaoi a ngineann cuideachtaí na sonraí sin agus an chaoi a n-úsáidtear iad chun brabús a dhéanamh trí fhógraíocht spriocdhírithe, nó meonta maidir le téarmaí agus coinníollacha ar aipeanna, ardáin, na meáin shóisialta, seirbhísí agus suíomhanna gréasáin a úsáideann siad.

Torthaí an tsuirbhé sin a fhoilsiú ag léiriú feasachta ar chearta rannpháirtithe an tsuirbhé, cuspóir an tsuirbhé, an sprioclucht féachana, agus na hardáin éagsúla a rochtain chun an fhaisnéis a scaipeadh. Moladh a chur san áireamh faoin gcaoi a bhféadfaí feasacht a ardú i measc scoláirí ar a lorg sonraí.

Ba cheart torthaí agus moltaí an tsuirbhé a chur i láthair ag úsáid ábhar físe/grafaicí/íomhánna/grafaicí faisnéise oiriúnacha agus ba cheart gach céim den phleanáil agus den taighde a thaifeadadh go soiléir. Féadfaidh na scoláirí aon chruthaitheoir foirme ar líne a úsáid a d'fhéadfadh an scoil a bheith ag úsáid trína Timpeallacht Fhíorúil Foghlama nó trí fhoinse eile.

## Tasc 5

Foilsigh beartas ar shuíomh gréasáin na scoile i dtaobh úsáid fón cliste nó na meán sóisialta i do scoil.

Moladh: Uirlis suirbhéireachta ar líne a úsáid chun meonta maidir le húsáid fón cliste ar scoil ó phobal na scoile a ghabháil; na scoláirí, na múinteoirí, na tuismitheoirí, etc. Ba cheart go sonrófaí san ábhar foilsithe ar an suíomh gréasáin an tionchar dearfach agus na dúshláin a easraíonn as úsáid a bhaint as na meáin shóisialta/fóin chliste. Is féidir grafaicí faisnéise, físeáin agus cairt scoláirí a áireamh leis an ábhar, chun an beartas a chur in iúl.



# Aguisíní





# Aguisín 1

## Bunrialacha samplacha

**Spreagann an clár Ceangailte iniúchadh agus díospóireacht faoi shraith topaicí agus ceisteanna teicneolaíochta atá ag treochtáil. Moltar roinnt rialacha bunúsacha a leagan síos chun díospóireacht mheasúil a éascú sa seomra ranga. Seo roinnt bunrialacha samplacha:**

Uimh.1 Léirigh meas ar chách.

Uimh.2 Tabhair deis labhartha do gach duine.

Uimh.3 Éist go gníomhach agus go géar le gach duine.

Uimh.4 An rud a roinntear sa rang, fanadh sé sa rang. Iarr soiléiriú má tá mearbhall ort.

Uimh.5 Ná cuir isteach ar dhuine eile atá ag caint. Tabhair dúshlán do chomhscoláirí, ach déan é go measúil. Tabhair critíc ar smaointe, ní ar dhaoine.

Uimh.6 Ná tabhair tuairimí gan fianaise tacaíochta.

Uimh.7 Ná bí ag caitheamh anuas ar aon duine (fiú más ag magadh atá tú).

Uimh.8 Glac freagracht as caighdeán na cainte.

Uimh.9 Tóg ar an méid a deir do chomhscoláirí; oibrigh i dtreo tuiscint roinnte.

Uimh.10 Bíodh na hábhair a theastaíonn don rang agat i gcónaí.

Uimh.11 Ná déan an chaint ar fad, tabhairt deis cainte do dhaoine eile. Úsáid ráitis maidir liom féin: Measaim, mothaím, creidim.

Uimh.12 Ná tabhair samplaí de do thaithí féin ná samplaí de rudaí a tharla do dhaoine eile.

Uimh.13 Féadfaidh gach duine a dtuairim a athrú bunaithe ar an bplé machnamhach.

Uimh.14 Má mhaslaíonn aon rud a deirtear i rith na díospóireachta thú, abair láithreach é.

### Plé ranga a stiúradh

Is iomaí deis plé atá laistigh de gach modúl. Ceapadh an plé chun deis a thabhairt don scoláire iniúchadh a dhéanamh ar chearta, freagrachtaí agus eitic maidir le teicneolaíocht dhigiteach. D'fhonn plé cuimsitheach agus measúil a chur chun cinn cuimhnigh orthu seo a leanas:

- Úsáid ceisteanna oscailte – iarr soiléiriú, samplaí agus sainmhínithe
- Déan cothromaíocht ar ghlór na scoláirí trí chóras dearbhán a úsáid chun na scoláirí go léir a spreagadh le rannchuidiú – mar shampla liathróid a úsáid chun freagraí a roghnú
- Léirigh an fhiosracht chun plé a spreagadh mar shampla – táim fiosrach faoi cén fáth a gceapann sibh...
- Cuir clabhsúr ar an bplé le dhá nó trí phríomhphointe

### Ceisteanna Samplacha a chabhraíonn le plé a spreagadh

- Céard is sampla maith ann?
- An féidir libh domhan a shamhlú gan (an t-idirlíon, na meáin shóisialta, fóin chliste)?
- Céard a cheapann sibh faoi...?
- Céard faoi a bhfuil imní oraibh?
- Céard is maith libh faoi...?
- Céard iad na buntáistí/míbhuntáistí atá le...?

# Aguisín 2

## Acmhainní Breise

### iReporter de chuid BBC

Glacann na scoláirí ról iriseora a thuairiscíonn ar scéal nuachta atá ag briseadh i gcluiche iReporter de chuid BBC. Spreagann an cluiche scoláirí chun iniúchadh agus plé a dhéanamh ar an tábhacht atá le foinsí a sheiceáil, na foinsí ar féidir nó nach féidir muinín a bheith astu agus na buntáistí agus na míbhuntáistí a bhaineann leis na meáin shóisialta a úsáid chun faisnéis a bhailiú.

www.bbc.co.uk/academy/en/articles/art20180312172633077

### Young Reporter de chuid BBC

Tionscadal iriseoireachta agus meán an BBC a spreagann daoine óga idir 11–18 mbliana d'aois chun a scéalta a roinnt agus deis chainte a fháil. Is féidir ceachtanna agus ailt ina bhfuil comhairle chuiditheach do scoláirí a fháil sa rannóg nuachta Real ar thopaicí ar nós sonraí, na meán sóisialta agus faisnéis bhréagach a aithint.

www.bbc.co.uk/academy/en/collections/youngreporter#

### Be Media Smart

Bíonn faisnéis iontaofa ag teastáil uainn chun roghanna maithe a dhéanamh. D'fhorbair Tuiscint ar na Meáin, Éire an feachtas Be Media Smart agus faigheann sé tacaíocht ó raon eagraíochtaí ar fud na hÉireann chun cabhrú le daoine an difríocht a aithint idir faisnéis iontaofa agus chruinn agus faisnéis atá bréagach nó míthreorach d'aon turas. Tugann Be Media Smart comhairle, faisnéis agus acmhainní chun cúnamh a thabhairt faisnéis a mheas.

www.bemediasmart.ie

### Cloud Control

D'fhorbair an tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí an acmhainn seo i gcomhar le RTÉ agus Údarás Craolacháin na hÉireann agus déantar iniúchadh ann ar an bpríomhfhoghlaim agus ar na príomhcheisteanna a tarraingíodh anuas sa chlár faisnéis 'Cloud Control'. Fuair an clár faisnéise tacaíocht maoinithe ó Údarás Craolacháin na hÉireann agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus is í Anne Marie Tomchak a chuir an clár i láthair. Ceapadh é chun tacú le teagasc agus foghlaim in OSSP, OSPS agus Litearthacht ar na Meáin Dhigiteacha agus féadfar é a úsáid chun an clár folláine a chur ar fáil in iar-bhunscoileanna.

www.rte.ie/learn

### Teacht Aniar Digiteach Childnet

Is príomhscil é teacht aniar digiteach atáimid ag iarraidh ar dhaoine óga a fhorbairt. Cé gur rud spraíúil agus taitneamhach é a dhul ar líne tarlaíonn sé uaireanta freisin go mothaíonn duine óg trína chéile, nach bhfuil sé sách maith nó go bhfágtar amach as rudaí é. Tá sé d'aidhm leis an gceacht seo féachaint ar na heispéiris dhearfacha agus na heispéiris dhiúltacha a bhíonn ag daoine óga ar líne, agus déanfar machnamh ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag na heispéiris agus ceapfar bealaí chun teacht aniar digiteach a fhorbairt i ndaoine óga.

www.childnet.com/resources/digital-resilience

### Compsci.ie

Is tairseach gréasáin é Compsci.ie atá tiomnaithe d'acmhainní Ríomheolaíochta do mhúinteoirí in Éirinn. Is comhoibriú é idir foireann Ríomheolaíochta SFGM, Scoilnet agus an Roinn Oideachais agus Scileanna. Féadfaidh múinteoir ar bith atá cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta clárú le haghaidh Chuntas Scoilnet agus acmhainní a chur leis. Féadfaidh tú acmhainní a chuardach freisin gan clárú ar an suíomh gréasáin.

www.compsci.ie

### 'Bígí Eolach ar bhur gCearta agus Cuirigí bhur dTuairimí in Iúl!' de chuid an Choimisiúin um Chosaint Sonraí

Chruthaigh an Coimisiún um Chosaint Sonraí paca i gcomhair ábhar comhairliúcháin, lena n-áirítear plean ceachta atá cruthaithe go speisialta faoi shonraí pearsanta agus cearta cosanta sonraí i gcomhthéacs na meán sóisialta. Tá sé mar aidhm ag na hábhair chomhairliúcháin sin cabhrú le múinteoirí iniúchadh a dhéanamh lena gcuid scoláirí ar an gcoincheap atá le sonraí pearsanta agus cearta cosanta sonraí i gcomhthéacs na meán sóisialta. Is féidir teacht ar na hábhair anseo:

https://www.dataprotection.ie/ga/news-media/bigi-eolach-ar-bhur-gcearta-agus-cuirigi-bhur-dtuairimi-iul-comhairliuchan-arna

### Lámhleabhar Oideachais um Shaoránacht Dhigiteach

Tairgeann Digital Citizenship Education Handbook faisnéis, uirlisí agus dea-chleachtas chun tacú le forbairt inniúlachtaí saoránachta digití. Cuimsítear leis na hinniúlachtaí seo na luachanna, na cuir chuige, na scileanna agus an t-eolas agus an tuiscint chriticiúil is gá chun nascleanúint freagrach a dhéanamh ar an domhan digiteach a bhíonn ag athrú de shíor, agus an teicneolaíocht a mhúnlú chun freastal dá riachtanais féin seachas a bheith múnlaithe aici. Tá acmhainní agus tacaíochtaí d'oideachasóirí mar chuid den lámhleabhar chun ceachtanna a stiúradh ar thopaicí éagsúla, lena n-áirítear cearta ar líne, folláine agus litearthacht sna meáin.

rm.coe.int/digital-citizenship-education-handbook/168093586f

### Scoilnet

Is é Scoilnet lárshuíomh oifigiúil na Roinne Oideachais agus Scileanna maidir le hoideachas na hÉireann. Comhoibríonn Scoilnet le múinteoirí cleachtacha chun ábhar an tsuímh gréasáin a chothabháil agus a bhainistiú. Tá bunachar sonraí ar Scoilnet.ie ina bhfuil de bhreis ar 20,000 acmhainn ar líne atá clibeáilte leis an gcuraclam, lena n-áirítear suíomhanna gréasáin, quizeanna, pleananna ceachta, nótaí, físeáin/fuaim, cluichí agus ilmheáin eile.

Chomh maith le hacmhainní a roinneann múinteoirí tugann Scoilnet ceadúnais freisin le haghaidh ábhar ón Irish Times Online agus Cartlann Nuachtán na hÉireann (os cionn 70 foilseachán náisiúnta agus réigiúnach). Tá na seirbhísí sin saor in aisce laistigh de Líonra Leathanbhanda na Scoileanna. Cuireann Scoilnet rochtain oscailte ar fáil freisin ar World Book Online as aon áit i bPoblacht na hÉireann.

www.scoilnet.ie

### An Paca Uirlisí Frithbhulaíochta #Up2Us

Tá sé mar aidhm ag acmhainn OSPS na Sraithe Sóisearaí an chumhacht a thabhairt do scoláirí iar-bhunscoile dul i ngleic leis an mbulaíocht, an chibearbhulaíocht go háirithe, ina bpobail áitiúla. Féachann na ceachtanna seo le hidirphlé a dhéanamh le scoláirí ar an gcibearbhulaíocht trí úsáid a bhaint as modhanna gníomhacha tarraingteacha agus as faisnéis atá cothrom le dáta agus ábhartha. Istigh sa phaca uirlisí gheobhaidh tú gníomhaíochtaí chun dul i ngleic leis an mbulaíocht, greamáin dhathannacha agus soláthairtí chun feachtais phóstaeir idirghníomhaigh a chruthú. Ina measc freisin tá an Lámhleabhar do Mhúinteoirí ar Frithbhulaíocht de chuid #Up2Us ina bhfuil smaointe faoi cheachtanna OSPS na Sraithe Sóisearaí.

www.webwise.ie/up2us-2

### The Yes Project

Is ríomhchlár nua digiteach agus sláinte sóisialta é The Yes Project a spreagann daoine óga gníomhú mar cheannairí dearfacha agus cairde cuiditheacha ina gcuid spásanna sóisialta go léir, go háirithe agus iad ar líne. Cabhraíonn an clár seo le comhráite réamhghníomhacha a spreagadh idir daoine óga maidir lena saol agus a gcleachtais digiteacha, agus iad a fheabhsú go bunúsach.

www.esafety.gov.au/education-resources/classroom-resources/yes-project

# Aguisín 3

## Bileog Oibre i gcomhair Machnaimh

**Gníomhaíocht Mhachnaimh 3-2-1**
Úsáid an chairt thíos chun an méid atá foghlamtha agat a thabhairt le chéile.

**A Trí:** déan taifeadadh ar thrí rud atá foghlamtha agat.
**A Dó:** déan taifeadadh ar dhá rud a cheap tú a bhí spéisiúil agus ar mhaith leat tuilleadh a fhoghlaim fúthu.
**A hAon:** déan taifeadadh ar cheist amháin atá agat fós maidir leis an ábhar.

| | |
|---|---|
| **3** Rud a d'fhoghlaim mé inniu | 1. ______<br>2. ______<br>3. ______ |
| **2** Rud a cheap mé a bhí spéisiúil | 1. ______<br>2. ______ |
| **1** Cheist atá agam fós | 1. ______ |





# Aguisín 4

## Gluais Téarmaí

**Aip:**
Is é is aip (feidhmchlár) ann ná clár bogearraí. Tagraíonn aip de ghnáth do bhogearraí a úsáidtear ar fhóin chliste, ar tháibléid nó ar ghairis shoghluaiste eile. Tá roinnt aipeanna saor in aisce agus caithfear roinnt eile a cheannach.

**Algartam:**
próiseas nó tacar rialacha atá le leanúint i ríomhanna nó in oibríochtaí fadhbréitigh eile, go háirithe ag ríomhaire.

Intleacht Shaorga: An cumas atá ag ríomhchlár nó meaisín smaoineamh agus foghlaim.

**An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS):**
Dlí AE é ar chosaint sonraí agus príobháideachas a thugann cearta do gach duine aonair laistigh den Aontas Eorpach ionas go mbeidh a fhios acu cén chaoi a bhfuil a gcuid sonraí á n-úsáid agus cén fáth.

**Ardán:**
Sa chás seo tagraítear do bhonn ar a bhforbraítear seirbhísí agus teicneolaíochtaí meán sóisialta lena n-áirítear gnéithe ar nós fothaí nuachta, cairde/lucht leanta, cumas teachtaireacht a chur, físeáin/pictiúir a uaslódáil chuig teachtaireacht.

**Bolgán Scagaire:**
Tagraíonn 'bolgán scagaire' d'fheiniméan a tharlaíonn le cuid mhaith de na suíomhanna gréasáin a úsáidimid: baineann ardáin mar Google agus Facebook úsáid as algartaim bunaithe ar ár stair chuardaigh agus ár bhfaisnéis phearsanta chun inneachar, seirbhísí agus fógraí a chuireann siad ar fáil dúinn a phearsantú agus a shaincheapadh. Ciallaíonn sé sin gur féidir le húsáideoirí difriúla a dhéanann an cuardach ceannann céanna nó a scrollaíonn trí fhotha nuachta ar na meáin shóisialta ábhar difriúil a fheiceáil. Is gnách go léiríonn an cineál sin ábhair na rudaí a thaitníonn linn, ár gcuid tuairimí agus creideamh féin agus mar sin bímid scoite amach ó dhearcaí agus tuairimí difriúla.

**Brú Digiteach:**
Ciallaíonn brú digiteach an brú nó an imní a bhíonn orainn de bharr a bheith ag úsáid fearais dhigiteacha (e.g. fóin chliste, ríomhairí glúine, táibléid, consóil cluichí) agus meáin dhigiteacha (e.g. na meáin shóisialta, cluichí ar líne, aipeanna cur teachtaireachtaí, etc.).

**Clicmhealladh:**
Tagraíonn sé seo do na ceannlínte a úsáidtear in ailt agus teidil físeán a fheiceann tú ar an idirlíon. Ceaptar na ceannlínte sin chun go gcliceálfaidh tusa, an léitheoir, ar an nasc agus go dtabharfaidh tú cuairt ar an suíomh gréasáin nó go bhféachfaidh tú ar an bhfíseán nó go nglacfaidh tú le síntiús. B'fhéidir nach léireodh an cheannlíne ábhar an ailt in aon chor. I scéalta clicmheallta baintear úsáid as ceannlínte gáifeacha chun aird a tharraingt agus chun níos mó daoine a spreagadh le cliceáil ar shuíomh gréasáin an fhoilsitheora, ach is gnách go mbíonn an fhírinne nó an cruinneas thíos leis.

**Domhainbhréaga:**
Is éard is íomhánna domhainbhréige ann físeáin a chruthaítear le bogearraí digiteacha, meaisínfhoghlaim agus babhtáil aghaidheanna. Físeáin bhréige iad íomhánna domhainbhréige a chruthaítear le ríomhairí ina nasctar íomhánna chun físeán nua a chruthú ina dtaispeántar imeachtaí, ráitis nó gníomh nár tharla in aon chor. Bíonn na torthaí an-éifeachtach. Tá íomhánna domhainbhréige difriúil le cineálacha eile eolais bhréagaigh mar gheall go bhfuil sé an-deacair a dhéanamh amach go bhfuil siad bréagach.

**Faisnéis Bhréagach:**
Nuacht, scéalta nó cleasa a cruthaíodh chun eolas mícheart a thabhairt do léitheoirí nó an dallamullóg a chur orthu d'aon ghnó. Cumtar an scéal, gan aon fhíricí, foinsí ná athfhriotail is féidir a dheimhniú. D'fhéadfaí roinnt gnéithe a bheith fíor ach go gcuirtear i láthair iad ar bhealach bréagach.

**Fianáin:**
Comhad beag bídeach é fianán a stóráiltear ar do ríomhaire. Tugann sé deis do shuíomhanna gréasáin súil a choimeád ar an méid atá ar siúl agat nuair a thugann tú cuairt ar a suíomh e.g. má thug tú cuairt ar an suíomh roimhe seo, cén fad a chaith tú ar gach leathanach taobh istigh den suíomh, cé na naisc ar chliceáil tú orthu.

# Aguisín 5

## Seicliostaí Sábháilteachta

**Fógraíocht Spriocdhírithe:**
Nuair a úsáideann aipeanna nó suíomhanna gréasáin do shonraí pearsanta (e.g. na meáin shóisialta, brabhsáil, stair tomhaltóirí), faisnéis atá bailithe acu fút le cineálacha áirithe fógraí táirgí a mheasann siad a thaitneoidh leat a thaispeáint duit. Ciallaíonn an fhógraíocht spriocdhírithe nach gcaithfimid íoc as seirbhísí amhail Gmail nó Instagram. Tagann roinnt ceisteanna eiticiúla chun cinn áfach mar gheall uirthi atá fós á bplé sa lá atá inniu ann.

**Olltiomsú sonraí:**
Tagraíonn olltiomsú sonraí do mhéideanna móra faisnéise (cruthaithe ag daoine nó ginte ag meaisíní e.g. comharthaí GPS, taifid cheannaigh, íomhánna satailíte, braiteoirí a bhailíonn faisnéis ar an aeráid, etc.) a dteastaíonn ríomhchláir uathu chun na sonraí sin a phróiseáil le píosaí faisnéise níos lú a dhéanamh díobh, ionas ar féidir linn iad a thuiscint níos éasca.

**Sonraí:**
Fíricí, figiúirí, faisnéis a bhailítear le chéile agus a stóráiltear ar ríomhaire nó a úsáidtear ar ríomhaire.

**Sonraí Pearsanta:**
Is ionann do shonraí pearsanta agus aon fhaisnéis a bhaineann leat go pearsanta nó lena n-aithneofaí thú. Mar shampla, nuair a chuireann tú sonraí pearsanta ar fáil chun cuntas meáin shóisialta a chruthú, tá sé de dhualgas ar an gcuideachta sin cloí le dlíthe agus le rialacháin cosanta sonraí a chuireann teorainn ar an méid is féidir leo a dhéanamh le do shonraí pearsanta.

**Teacht Aniar Digiteach:**
Is ionann teacht aniar agus an cumas teacht chugat féin ó amanna anróiteacha ar líne, de réir a chéile. Is ionann teacht aniar a bheith ionat agus an cumas teacht slán ó bhuillí sa saol. Tá sé ceart go leor a bheith brónach, olc, sásta, imníoch... is é an chaoi a dtugaimid freagra agus a dtéimid in oiriúint do rudaí an rud is tábhachtaí.

**Tionchaire:**
Duine a bhfuil lucht leanúna mór aige ar na meáin shóisialta trí inchreidteacht nó meas a leagan amach dó féin i dtionscal sonrach e.g. áilleacht, taisteal, aclaíocht, micrea-cheiliúráin, etc. Tá sé de chumas aige tionchar a imirt ar a lucht féachana chun táirgí nó seirbhísí a cheannach trí na hearraí a chur chun cinn nó a mholadh ar na meáin shóisialta.

**Leideanna Sábháilteachta ar Líne do Thuismitheoirí agus do Mhúinteoirí**
Ar leathanaigh 102 agus 103 chruthaíomar liosta de leideanna sábháilteachta ar líne do mhúinteoirí agus do thuismitheoirí. Chun tuilleadh comhairle agus faisnéise téigh chuig:

**Múinteoirí Webwise:** www.webwise.ie/teachers
**Tuismitheoirí Webwise:** www.webwise.ie/parents








# Eolas fúinn

Is cuid d'fhoireann SFGM – Teicneolaíocht san Oideachas é an tionscnamh Webwise. Tacaíonn an fhoireann sin le comhtháthú na dTeicneolaíochtaí Digiteacha sa teagasc agus san fhoghlaim i mbunscoileanna agus i meánscoileanna in Éirinn agus déanann sé é a chur chun cinn. Is iad na príomhfheidhmeanna atá ag SFGM – Teicneolaíocht san Oideachas raon de thacaí ICT a sholáthar do scoileanna, lena n-áirítear forbairt beartas ICT, comhairle, forbairt ghairmiúil, ábhar agus feidhmeanna eiseamláire.

Is seirbhís tacaíochta trasearnála í SFGM atá faoi bhainistíocht Ionad Oideachais Bhaile Átha Cliath Thiar agus atá faoi shainchúram na Rannóige um Oideachas Múinteoirí agus na Rannóige um Beartas ICT sa Roinn Oideachais agus Scileanna. Tugann sí tacaíocht forbartha gairmiúla do mhúinteoirí agus do phríomhoidí bunscoile agus iar-bhunscoile. Cuireann an obair a dhéanann SFGM le feabhsúchán scoile trí fhorbairt ghairmiúil leanúnach ar ardchaighdeán a chur ar fáil ar shaincheisteanna curaclaim agus oideachais agus trí chleachtas athmhachnamhach agus forbairt leanúnach a chothú i measc múinteoirí.

Ba i mí Mheán Fómhair 2010 a bunaíodh SFGM mar sheirbhís tacaíochta nua, chineálach, chomhtháite agus trasearnála do scoileanna. D'eascair bunú SFGM as roinnt seirbhísí tacaíochta neamhspleácha a chónascadh. Sa lá atá inniu ann, cuimsíonn SFGM na tacaí a chuir seirbhísí tacaíochta agus cláir thacaíochta eile ar fáil roimhe seo, lena n-áirítear an tIonad Náisiúnta don Teicneolaíocht san Oideachas (SFGM – Teicneolaíocht san Oideachas anois).

Oibríonn Webwise SFGM go dlúth leis an bhfoireann Sláinte agus Folláine in SFGM. Soláthraíonn an fhoireann sin tacaí do cheannairí scoile agus do mhúinteoirí le bulaíocht a chosc agus le hidirghabháil a dhéanamh i gcás bulaíochta. Tacaíonn sí freisin le forfheidhmiú OSPS i mbunscoileanna agus in iar-bhunscoileanna.

Tá an tIonad Náisiúnta don Teicneolaíocht san Oideachas (NCTE) ina chomhpháirtí i gCláir um Idirlíon níos Sábháilte arna maoiniú ag an AE ón mbliain 2000 i leith. Bhunaigh an NCTE an tionscnamh Webwise SFGM sa bhliain 2005 chun go ngníomhódh Webwise mar ionad náisiúnta feasachta ar shábháilteacht idirlín in Éirinn. Tá an tionscnamh á chómhaoiniú ag Clár an AE um Idirlíon níos Sábháilte agus ag an Roinn Oideachais agus Scileanna. Tá Webwise SFGM ina chomhalta Éireannach de ghréasán Insafe ó shin i leith. Tá sé mar ról ag an ionad náisiúnta feasachta leanaí in Éirinn a spreagadh chun úsáid níos sábháilte agus níos éifeachtaí a bhaint as an idirlíon.

Ag gníomhú dó mar Ionad um Idirlíon níos Sábháilte do Phoblacht na hÉireann, cuireann an tIonad um Idirlíon níos Sábháilte, Éire, feidhmeanna agus gníomhaíochtaí feasachta ar Idirlíon níos Sábháilte, Beolíne agus líne chabhrach ar fáil sa tír seo. Is tríd an tionscnamh Webwise dá cuid a thugann SFGM faoi ardú feasachta.

Cuibhreannas é an tionscadal sin ina bhfuil comhpháirtithe tionscail, oideachais, leas leanaí agus rialtais a sholáthraíonn feidhmeanna agus gníomhaíochtaí feasachta ar Idirlíon níos Sábháilte, beolíne agus líne chabhrach do Phoblacht na hÉireann. Is iad na comhpháirtithe sa chuibhreannas an tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (SFGM), tríd an tionscnamh Webwise dá cuid, Líne Chabhrach na Leanaí, Comhairle Náisiúnta na dTuismitheoirí agus Cumann Soláthróirí Seirbhísí Idirlín na hÉireann. Comhordaíonn an Roinn Dlí agus Cirt an tionscadal chun tionscnaimh náisiúnta a fhorbairt lena gcuirtear úsáid níos sábháilte na meán leictreonach chun cinn agus chun iad siúd is mó i mbaol, go háirithe leanaí, a chosaint níos mó in aghaidh na ngnéithe diúltacha den Idirlíon. Cuireann an cuibhreannas seo leis an taithí a gnóthaíodh sna tionscadail maidir le hIdirlíon níos Sábháilte a bhí fíor-rathúil ach neamhspleách a reáchtáladh roimhe seo.

Is ball den Chomhairle Chomhairleach Náisiúnta um Shábháilteacht ar Líne (NACOS) é Webwise. Is fóram í an Chomhairle Chomhairleach Náisiúnta um Shábháilteacht ar Líne do pháirtithe leasmhara neamhrialtasacha, tionscail, agus acadúla chun ceisteanna sábháilteachta ar líne a phlé.

Bunaíodh an Chomhairle mar chuid den Phlean Gníomhaíochta um Shábháilteacht ar Líne 2018-2019. Tá 20 ball agus cathaoirleach ar an gComhairle. Tarraingítear ballraíocht na Comhairle ó eagraíochtaí leanaí agus tuismitheoirí, ardáin ollmhóra ar líne, agus saineolaithe ar cheisteanna sábháilteachta ar líne.

Is príomhacmhainn oideachais é Webwise a sainaithníodh i bPlean Gníomhaíochta an Rialtais don tSábháilteacht Ar Líne.

An Roinn Oideachais agus Scileanna
Department of Education and Skills

Co-financed by the European Union
Connecting Europe Facility

Á chómhaoiniú ag an Roinn Oideachais agus Scileanna agus ag an Aontas Eorpach, tríd an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (CEF).

Arna dhearadh ag detail.ie